Parlaimint na hEorpa
2019-2024

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2022/0277(COD)

20.7.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mBunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach (an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE
(COM(2022)0457 – C9-0309/2022 – 2022/0277(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*): Ramona Strugariu

(*) Coistí Comhlachaithe: Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Is iad saoirse na meán agus iolrachas na meán cnámh droma aon daonlathais fheidhmiúla faoin smacht reachta. In ainneoin an róil atá ag na meáin inár sochaí atá ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí, tá an spás don iriseoireacht neamhspleách, do shaoirse na meán agus d'iolrachas na meán san Eoraip tar éis éirí i bhfad níos dúshlánaí. Tá méadú ag teacht ar an mbrú atá ar iriseoirí, eagarthóirí agus foilsitheoirí ón stát agus óna ionadaithe, agus ó dhaoine agus ó eintitis ghnó chumhachtacha. De réir thorthaí Fhaireachán 2022 ar Iolrachas sna Meáin, tá meánriosca nó ardriosca bainte amach ag staid iolrachas an mhargaidh, cuimsitheacht shóisialta agus neamhspleáchas polaitiúil. Ar deireadh, tá dúshláin agus bagairtí ar shaoirse na meán agus ar iolrachas na meán ag teacht chun cinn beag beann ar limistéir gheografacha an Aontais. Is léir ón méid sin go bhfuil gá le réiteach coiteann Eorpach.

Is é is aidhm leis an Rialachán sin timpeallacht níos fearr a chruthú do na meáin in AE trí shraith prionsabal soiléir atá ceangailteach ó thaobh dlí agus ar féidir cur ina gcoinne ó thaobh dlí a leagan síos. Seachas díriú ar rialáil a dhéanamh ar earnáil, a bhí ag brath go traidisiúnta ar fhéinrialáil, tá sé mar aidhm leis an Acht sin na huirlisí is gá a thabhairt do na meáin chun an brú agus na dúshláin atá os a comhair faoi láthair a sheasamh. Dá bhrí sin, is é is aidhm leis na leasuithe a thíolaic rapóirtéir LIBE an togra a neartú, lena dtreiseofar an spás do na meáin agus lena gceadófar do shaoránaigh a gcearta sibhialta agus a saoirsí sibhialta a ráthaítear inár nAontas a fheidhmiú go hiomlán.

Tá caighdeáin arda cosanta leagtha síos ag Comhairle na hEorpa trína reachtaíocht bhog agus trí dhlí-eolaíocht na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, ionas nach mbeidh sé d'oibleagáid ar iriseoirí a bhfoinsí a nochtadh, ach amháin i gcás fíoreisceachtúil. Mar sin féin, tá sé léirithe ag cleachtas nach gcomhlíontar na caighdeáin reachtaíochta boige sin i mBallstáit éagsúla. Thairis sin, dheimhnigh an méid a tháinig chun solais le déanaí go ndearna údaráis phoiblí teicneolaíochtaí spiaireachta agus faireachais a imscaradh i gcoinne iriseoirí, go háirithe chun rochtain a fháil ar a bhfoinsí. Dá bhrí sin, is réamhriachtanas do shaoirse agus iolrachas na meán é leibhéal leordhóthanach cosanta a bheith ann d'fhoinsí iriseoireachta agus toirmeasc soiléir a chur ar úsáid teicneolaíochtaí spiaireachta nó faireachais i gcoinne iriseoirí, cuideachtaí meán, a dteaghlach nó a líonra gairmiúil. Dá bhrí sin, is é an aidhm níos mó de na caighdeáin reachtaíochta boige atá bunaithe cheana féin a thabhairt d'fhorálacha atá ceangailteach ó thaobh dlí ar fud an Aontais. Níor cheart do bhreitheamh na bearta sin a dhiúscairt ach amháin, i gcás leas sáraitheach poiblí, ar bhealach comhréireach lena ndéantar na sáruithe sin ar chearta iriseoirí agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a chothromú leis an ngá atá ag na húdaráis phoiblí an fhaisnéis sin a fháil.

Léiríonn meáin na seirbhíse poiblí catagóir speisialta laistigh de thírdhreach na meán mar gheall ar a ngaireacht d'údaráis an stáit. Tá leibhéil leordhóthanacha intuartha cistiúcháin, arna leithdháileadh trí nósanna imeachta cothroma, comhréireacha agus trédhearcacha, chomh maith le neamhspleáchas a mboird bhainistíochta a áirithiú, ríthábhachtach chun go mbeidh meáin seirbhíse poiblí in ann freastal ar a n-aidhm faisnéise agus a n-oibríochtaí a chur i gcrích in éagmais tionchar polaitiúil nó príobháideach.

De réir mar a éiríonn margadh na meán níos trasteorainní de réir a chéile agus de réir mar a bhaineann na dúshláin a thagann chun cinn go minic le cásanna atá ábhartha d'iliomad Ballstát, is nádúrtha é go bhforbróidh ERGA atá ann faoi láthair ina Bhord Eorpach

neamhspleách um Sheirbhísí na Meán, a bheidh in ann measúnú a dhéanamh ar chásanna a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shaoirse na meán agus ar iolrachas na meán ar fud an Aontais agus a Bhallstát. Ós rud é nach bhfuil inniúlachtaí ag údaráis agus comhlachtaí rialála náisiúnta ar an bpreas foilsithe go traidisiúnta agus nach bhfuil sé beartaithe acu a n-inniúlachtaí sa réimse sin a fhorbairt, ba cheart cúnamh a fháil ón mBord ó ionadaithe ó na comhlachtaí féinrialála agus ó na comhlachais iriseoireachta, nuair a bhíonn tionchar ag a chinntí nó a phlé ar fheidhmiú na hearnála sin. Ina theannta sin, ba cheart don Bhord a bheith in ann comhordú a dhéanamh ar údaráis agus comhlachtaí rialála náisiúnta maidir leis na bearta arna ndiúscairt chun cur i gcoinne trasnaíochta eachtraí urchóideacha in aghaidh an daonlathais trí sholáthraithe seirbhíse meán atá bunaithe nó de thionscnamh lasmuigh den Aontas, agus é á áirithiú go bhfuil bunús dlí ag na bearta sin, go bhfuil siad comhréireach agus go nglactar iad in am trátha.

Mar gheall ar an timpeallacht atá ag éirí níos digitithe do na meáin chomh maith le ceannas na ngníomhaithe digiteacha maidir le cumas na meán teagmháil a dhéanamh le tomhaltóirí, is gá cothrom iomaíochta a bhunú do na gníomhaithe atá gníomhach i margadh inmheánach na meán. Níor cheart d'imreoirí móra ar líne ábhar iriseoireachta a dháiltear trí na modhanna digiteacha, a théann trí phróiseas athbhreithnithe eagarthóireachta, a chur ar fionraí bunaithe ar a rialacha féin. Dá bhrí sin, ba cheart réamhfhógraí a eisiúint do sholáthraithe seirbhíse meán sula ndéanfar ábhar a chur ar fionraí nó a scriosadh agus ba cheart, le córas féindearbhúcháin, go mbeadh soláthraithe seirbhíse meán in ann iad féin a shainaithint i ndáil le geatóirí ar líne.

Gné eile a chruthaíonn dúshláin don spás do na meáin agus a shaobhann margadh inmheánach na meán is ea comhchruinniú margaidh a bhfuil tionchar suntasach aige ar iolrachas na meán. Níor cheart comhchruinniú mhargadh na meán a mheas i gcónaí mar chomhchruinniú diúltach, rud a ligeann d'eagraíochtaí beaga meán acmhainní a tharraingt le chéile agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch a áirithiú. Mar sin féin, nuair a dhéanann siad difear do neamhspleáchas eagarthóireachta agus d'iolrachas na meán, tá iarmhairtí diúltacha aige sin ar an margadh inmheánach, amhail ar staid an smachta reachta agus an daonlathais. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfar measúnú neamhspleách orthu chun iarmhairtí diúltacha ar shaoirse na meán agus ar iolrachas na meán a chosc. Ba cheart na measúnuithe sin a dhéanamh agus margadh na meán ina iomláine á chur san áireamh, lena gcuimsítear an réimse ar líne, agus tagairt á déanamh freisin do thorthaí na Tuarascála bliantúla ar an Smacht Reachta ón gCoimisiún nó do thorthaí ionstraimí measúnaithe riosca amhail an Monatóir ar Iolrachas sna Meáin.

Ar deireadh, gné í an fhograíocht stáit a bhfuil an-acmhainneacht aici an iomaíocht ar mhargadh na meán a shaobhadh agus leochaileachtaí ghníomhaithe na meán a fheabhsú. Leis an úsáid éagórach, dhíréireach agus chlaonta a bhaintear as fógraíocht stáit, tugtar buntáiste éagórach do ghníomhaithe áirithe ar an margadh agus cuireann sé iallach ar ghníomhaithe eile é a fhágáil, rud a chuireann le cur i láthair srianta faisnéise do na saoránaigh. Tá sé cruthaithe ag cásanna éigeandála le déanaí gur féidir éifeacht chomhchosúil a bheith ag leithdháiltí a bhaineann le tarchur teachtaireachtaí éigeandála i gcásanna criticiúla amhail paindéim COVID-19. Ba cheart gach leithdháileadh na n-acmhainní poiblí sin a bheith trédhearcach, comhréireach, cothrom agus neamhchlaonta.

Tá sé mar aidhm leis an Acht um Shaoirse na Meán timpeallacht shábháilte agus chothrom a áirithiú do na meáin. Trí na leasuithe a cuireadh síos, tá sé mar aidhm ag rapóirtéir LIBE an

spás sin a neartú trí ardchaighdeáin a leagan síos maidir le hiriseoirí a chosaint ar nochtadh a bhfoinsí agus ar imscaradh spiaireachta agus teicneolaíochtaí faireachais. Is é is aidhm leis na leasuithe sin, i ndeireadh na dála, na huirlisí cearta a thabhairt d'oibrithe na meán ionas gur féidir leo dul i ngleic le tionchar seachtrach agus brú seachtrach, bíodh sin polaitiúil, á bhfeidhmiú ag comhlachtaí agus ionadaithe stáit, nó príobháideach, a fheidhmíonn daoine agus eintitis ghnó chumhachtacha. Ní féidir spás optamach a bheith ann do na meáin in éagmais rialacha soiléire maidir le trédhearcacht úinéireacht na meán, dáileadh cothrom acmhainní stáit, cothrom iomaíochta sa chaidreamh le gníomhaithe ar líne amhail ardáin nó in éagmais prionsabail atá ceangailteach ó thaobh dlí lena leagtar síos íoschaighdeáin chosanta ar fud an Aontais. Tá sé mar aidhm ag an Rapóirtéir na meáin a spreagadh chun comhchaighdeáin féinrialála a chothú maidir leis na ráthaíochtaí maidir le neamhspleáchas eagarthóireachta agus maidir le faisnéis iontaofa a tháirgeadh. Is ionann saoirse na meán agus iolrachas na meán agus ráthaíocht deiridh ar shochaí shaor dhaonlathach atá bunaithe ar an smacht reachta agus inar féidir le saoránaigh a gcearta agus a saoirsí sibhialta a fheidhmiú. Is trí fheabhas a chur ar na gnéithe sin amháin is féidir leis an tsochaí atá bunaithe ar luachanna an Aontais leanúint de bheith láidir agus athléimneach, go háirithe i bhfianaise na ndúshlán intíre agus idirnáisiúnta atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn.

Seasamh easaontach

Tugann an rapóirtéir dá aire gur chuir an scáthrapóirtéir, Feisire Cristian Terheş an seasamh easaontach seo a leanas in iúl ag deireadh na vótála in LIBE:

"Mar scáthrapóirtéir ECR agus Comhalta LIBE, cuirim i láthair leis seo tuairim easaontach ar Dhréacht-Tuairim LIBE maidir leis an Rialachán maidir le Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán:

Is é an phríomhchúis le heasaontas ná go mbeadh sé seo ar an gcéad ghníomh reachtach de chuid an Aontais lena gcumasaítear faireachas ar iriseoirí agus ar sholáthraithe seirbhíse meán. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis an Rialachán sin iriseoirí a chosaint ar fhaireachas seachas é a éascú. Beidh éifeachtaí díobhálacha neamh-intuartha ag an bhfasach contúirteach ar an daonlathas agus ar an tsaoirse cainte ar fud AE.

Ina theannta sin, rialaíonn an dréacht-tuairim an iomarca i réimse inar cheart go mbeadh féinrialáil ina ghnáthchleachtas. Cruthaítear leis an Rialachán sin méid iomarcach maorlathais agus cúraimí riaracháin do ghairm atá, de bharr a cineáil féin, á rialú ag an tsaoirse.

Ar deireadh, bunaítear leis an Rialachán sin go leor sraitheanna institiúideacha chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse meán, rud a bhainfidh an bonn de shaoirse an phreasa agus na n-iriseoirí. Cé go bhféadfadh rialtais agus comhghuaillíochtaí polaitiúla athrú, ní mór saoirse na meán a chosaint beag beann ar na daoine a bhfuil cumhacht acu tráth ar bith. Ní mór d'iriseoirí a bheith in ann grinnscrúdú a dhéanamh ar an saol poiblí gan cead a fháil roimh ré ó aon údarás chun a ngairm a chleachtadh. Tá saoirse agus daonlathas in AE ag brath ar phreas saor, nach bhfuil faireachas á dhéanamh air!"

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, mar an coiste atá freagrach, é seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Tá ról uathúil ag seirbhísí meán neamhspleácha sa mhargadh inmheánach. Is earnáil iad atá ag athrú go tapa agus lena bhfuil tábhacht eacnamaíoch agus an tráth céanna, soláthraíonn na seirbhísí meán sin rochtain ar iolracht tuairimí agus foinsí iontaofa faisnéise do shaoránaigh agus do ghnólachtaí araon, agus ar an gcaoi sin comhlíonann siad feidhm leasa ghinearálta ‘an mhaoirseora phoiblí’. Tá ***níos mó*** seirbhísí meán ar fáil ar líne agus thar theorainneacha ***cé nach bhfuil*** siad faoi réir na rialacha céanna agus an ***leibhéal céanna*** cosanta i mBallstáit éagsúla.	(1) Tá ról uathúil ag seirbhísí meán neamhspleácha sa mhargadh inmheánach. Is earnáil iad atá ag athrú go tapa agus lena bhfuil tábhacht eacnamaíoch agus an tráth céanna, soláthraíonn na seirbhísí meán sin rochtain ar iolracht tuairimí agus foinsí iontaofa faisnéise do shaoránaigh agus do ghnólachtaí araon, agus ar an gcaoi sin comhlíonann siad feidhm leasa ghinearálta ***agus feidhm an*** ‘an mhaoirseora phoiblí’***, agus dá bhrí sin, is gné riachtanach é a áirithiú go mbeidh rochtain acu ar fhaisnéis ábhartha a fháil***. Tá seirbhísí meán ar fáil ar líne ***níos minice anois*** agus ***faoi réir margadú níos déine ná riamh. Ina theannta sin, tá siad ar fáil níos mó agus níos mó*** thar theorainneacha ***agus níl*** siad faoi réir na rialacha céanna agus an ***leibhéil chéanna*** cosanta i mBallstáit éagsúla.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) I bhfianaise a róil uathúil, is gné riachtanach de mhargadh inmheánach dea-fheidhmiúil le haghaidh seirbhísí meán (nó ‘margadh inmheánach na meán’) é saoirse na meán agus an t-iolrachas a chosaint. Tá	(2) I bhfianaise a róil uathúil, is gné riachtanach de mhargadh inmheánach dea-fheidhmiúil le haghaidh seirbhísí meán (nó ‘margadh inmheánach na meán’) é saoirse na meán agus an t-iolrachas a chosaint. ***Cé***

an ***margadh sin athraithe go substaintiúil*** ó thús ***na haoise nua***, ag éirí níos digití agus níos idirnáisiúnta. Cuireann sé go leor deiseanna eacnamaíocha ar fáil ach tá roinnt dúshlán roimhe freisin. Ba cheart don Aontas cuidiú le hearnáil na meán na deiseanna sin a thapú laistigh den mhargadh inmheánach, agus na luachanna atá i gcoiteann ag an Aontas agus ag a Bhallstáit, amhail cosaint na gceart bunúsach, a chosaint an tráth céanna.

go bhfuil raon feidhme an Rialacháin sin teoranta do rialú ghnéithe an mhargaidh inmheánaigh a bhaineann le seirbhísí meán, ba cheart a thabhairt faoi deara gur réamhriachtanas don daonlathas feidhmiúil é saoirse agus iolrachas na meán a chosaint. Tá ***athrú suntasach tagtha ar*** an ***timpeallacht do sheirbhísí na meán*** ó thús ***an chéid seo***, ***agus*** ag éirí níos digití agus níos idirnáisiúnta. Cuireann sé go leor deiseanna eacnamaíocha ar fáil ach tá roinnt dúshlán roimhe freisin. Ba cheart don Aontas cuidiú le hearnáil na meán na deiseanna sin a thapú laistigh den mhargadh inmheánach, agus na luachanna atá i gcoiteann ag an Aontas agus ag a Bhallstáit, amhail cosaint na gceart bunúsach, a chosaint an tráth céanna.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) I spás na meán digiteach, bíonn rochtain ag saoránaigh agus gnólachtaí ar ábhar meán, agus baineann siad úsáid as ábhar meán, atá ar fáil láithreach ar a gcuid gléasanna pearsanta, agus ***bíonn*** sé sin ag tarlú ***níos minice*** i gcomhthéacsanna trasteorann. Feidhmíonn ardáin dhomhanda ar líne mar gheataí chuig ábhar na meán, agus bíonn luí ag múnlaí gnó dí-idirghabháil a dhéanamh maidir le rochtain ar sheirbhísí meán agus ábhar deighilteach agus bréagaisnéis a mhéadú. Is soláthraithe riachtanacha fógraíochta ar líne iad na hardáin sin freisin, a d'aistrigh acmhainní airgeadais ó earnáil na meán, a rinne difear dá inbhuanaitheacht airgeadais, agus dá dheasca sin d'éagsúlacht an ábhair atá ar fáil. Toisc go bhfuil seirbhísí meán dian ar eolas agus ar chaipiteal, éilítear scála leo chun go bhfanfaidh siad iomaíoch agus chun go mbeidh rath orthu sa mhargadh inmheánach. Chuige sin, tá tábhacht ar	(3) I spás na meán digiteach, bíonn rochtain ag saoránaigh agus gnólachtaí ar ábhar meán, agus baineann siad úsáid as ábhar meán, atá ar fáil láithreach ar a gcuid gléasanna pearsanta, agus ***is minice a bhíonn*** sé sin ag tarlú i gcomhthéacsanna trasteorann***, toisc go bhfágann teicneolaíochtaí agus feidhmchláir nua go mbíonn rochtain éasca ar ábhar meán fiú d'úsáideoirí nach labhraíonn an teanga inar táirgeadh an t-ábhar***. Feidhmíonn ardáin dhomhanda ar líne ***agus innill chuardaigh ar líne*** mar gheataí chuig ábhar na meán, agus bíonn luí ag múnlaí gnó dí-idirghabháil a dhéanamh maidir le rochtain ar sheirbhísí meán agus ***bíonn luí acu freisin*** ábhar deighilteach agus bréagaisnéis a mhéadú. ***Thairis sin, tá na hardáin ar líne struchtúrtha chun lúba aischothaithe mheandaracha a éascú chun rannpháirtíocht leanúnach a spreagadh, rud a éascaíonn polarú níos***

leith leis an bhféidearthacht go dtairgfí seirbhísí thar theorainneacha agus go bhfaighfí infheistíocht, lena n-áirítear ó Bhallstáit eile nó i mBallstáit eile.

gasta agus níos doimhne ná na meáin thraidisiúnta. Is soláthraithe riachtanacha fógraíochta ar líne iad na hardáin sin freisin, a d'aistrigh acmhainní airgeadais ó earnáil na meán, a rinne difear dá inbhuanaitheacht airgeadais, agus dá dheasca sin d'éagsúlacht an ábhair atá ar fáil. Toisc go bhfuil seirbhísí meán dian ar eolas agus ar chaipiteal, éilítear scála leo chun go bhfanfaidh siad iomaíoch agus chun go mbeidh rath orthu sa mhargadh inmheánach. Chuige sin, tá tábhacht ar leith leis an bhféidearthacht go dtairgfí seirbhísí thar theorainneacha agus go bhfaighfí infheistíocht, lena n-áirítear ó Bhallstáit eile nó i mBallstáit eile. ***Ina theannta sin, leis an laghdú ar chistiúcháin ó fhógraíocht atá ar fáil do na meáin thraidisiúnta, tá dlús curtha leis an laghdú ar an iriseoireacht ar ardchaighdeán. D'ainneoin go meastar gur colún ríthábhachtach den daonlathas iad na meáin, níor éirigh go mór le rialtais na mBallstát cistiú a chur ar fáil ar bhonn gan choinníol do na meáin thraidisiúnta chun tacú le hiriseoireacht imscrúdaitheach nó iriseoireacht eile ar ardchaighdeán.***

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5 a) Is colún ríthábhachtach de dhaonlathas feidhmiúil é freisin margadh inmheánach saor agus dea-fheidhmiúil do sheirbhísí na meán, trí rochtain ar iolrachas tuairimí agus ar fhoinsí iontaofa faisnéise a chur ar fáil do na tomhaltóirí. Bhí tionchar suaiteach ag ról méadaithe na timpeallachta ar líne agus ag a fheidhmiúlachtaí nua ar an margadh do sheirbhísí na meán, rud a fhágann go bhfuil sé ag éirí níos trasteorainní agus go gcothaítear fíormhargadh Eorpach do

sheirbhísí na meán. Sa timpeallacht sin, ní hamháin go bhfuil inneachar na meán ar fáil ach tá rochtain éasca ag tomhaltóirí Eorpacha air freisin beag beann ar a mBallstát tionscnaimh. Is féidir an t-ábhar meán a cruthaíodh do thomhaltóirí i mBallstát amháin a shroicheadh i bhfad níos faide ná mar a bhí beartaithe ar dtús. Cuirtear bac ar chumas sholáthraithe seirbhíse na meán feidhmiú i dtimpeallacht chothrom iomaíochta chun faisnéis nuachta agus faisnéis faoi chúrsaí reatha a chur ar fáil do shaoránaigh na hEorpa mar gheall ar chineálacha éagsúla cur chuige ar an leibhéal náisiúnta. Chruthaigh na cineálacha cur chuige sin ilroinnt an mhargaidh, éiginnteacht dhlíthiúil agus méadú ar chostais chomhlíonta do chuideachtaí meán agus do ghairmithe sna meáin. Dá bhrí sin, is gá creat dlíthiúil aonair a bheith ann lena n-áiritheofar cur i bhfeidhm comhchuibhithe rialacha do sholáthraithe seirbhíse meán ar fud an Aontais, lena n-áiritheofar go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí na hEorpa ar raon leathan foinsí iontaofa faisnéise agus ar iriseoireacht ar ardchaighdeán mar earraí poiblí chun roghanna eolasacha a dhéanamh, lena n-áirítear roghanna maidir le staid a ndaonlathais.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5 b) Leis an gceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, atá cumhdaithe in Airteagal 11 den Chairt agus in Airteagal 10 den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, cuimsítear an ceart chun faisnéis a fháil agus a thabhairt amach mar aon le saoirse agus

iolrachas na meán. Dá réir sin, baineann an Rialachán sin leas as cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECHR) agus cuireann sé leis na caighdeáin a d'fhorbair Comhairle na hEorpa ina leith sin.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Ba cheart ***faighteoirí seirbhísí meán san*** Aontas ***(***daoine nádúrtha ***ar náisiúnaigh de Bhallstáit iad nó*** a bhaineann tairbhe as cearta a thugtar dóibh le dlí an Aontais agus daoine dlítheanacha atá bunaithe san Aontas***)*** a bheith in ann leas a bhaint ***go héifeachtach*** as an tsaoirse chun ***seirbhísí*** meán saor ***in aisce*** agus iolraíoch ***a fháil*** sa mhargadh inmheánach. Agus sreabhadh trasteorann seirbhísí meán á chothú, ba cheart íosleibhéal cosanta d'fhaighteoirí seirbhísí a áirithiú sa mhargadh inmheánach. Bheadh sé sin i gcomhréir leis an gceart chun faisnéis a fháil agus a thabhairt de bhun Airteagal 11 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Is gá, dá bhrí sin, gnéithe áirithe de rialacha náisiúnta a bhaineann le seirbhísí meán a chomhchuibhiú. I dtuarascáil deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, d'iarr na saoránaigh ar AE neamhspleáchas agus iolrachas na meán a chur chun cinn a thuilleadh, go háirithe trí reachtaíocht a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar neamhspleáchas na meán trí íoschaighdeáin ar fud an Aontais[46].	(6) Ba cheart ***saoránaigh den*** Aontas ***nó*** daoine nádúrtha a ***a*** bhaineann tairbhe as cearta a thugtar dóibh le dlí an Aontais agus daoine dlítheanacha atá bunaithe san Aontas a bheith in ann leas ***éifeachtach*** a bhaint as an tsaoirse chun ***chun rochtain a fháil ar sheirbhísí*** meán ***atá neamhspleách,*** saor agus iolraíoch sa mhargadh inmheánach. Agus sreabhadh trasteorann seirbhísí meán á chothú, ba cheart íosleibhéal cosanta d'fhaighteoirí seirbhísí a áirithiú sa mhargadh inmheánach. Bheadh sé sin i gcomhréir leis an gceart chun faisnéis a fháil agus a thabhairt de bhun Airteagal 11 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). Is gá, dá bhrí sin, gnéithe áirithe de rialacha náisiúnta a bhaineann le seirbhísí meán a chomhchuibhiú. I dtuarascáil deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, d'iarr na saoránaigh ar AE neamhspleáchas agus iolrachas na meán a chur chun cinn a thuilleadh, go háirithe trí reachtaíocht a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar neamhspleáchas na meán trí íoschaighdeáin ar fud an Aontais[46].

[46] An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa - Tuarascáil ar an Toradh Deiridh, Mí na Bealtaine 2022, go háirithe togra 27 (1) agus 37 (4).

[46] An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa - Tuarascáil ar an Toradh Deiridh, Mí na Bealtaine 2022, go háirithe togra 27 (1) agus 37 (4).

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6 a) Tá athruithe móra agus tapa á ndéanamh ar thimpeallacht na meán. I ndáil leis an méid sin, níor athraigh ról na meán i sochaí dhaonlathach, ach tá uirlisí breise ag na meáin chun idirghníomhaíocht agus rannpháirtíocht a éascú. Ní mór na forbairtí sin agus forbairtí amach anseo a chur san áireamh i mbeartas a bhaineann leis na meáin. Dá bhrí sin, ba cheart leis an Rialachán sin coincheap leathan de na meáin a ghlacadh ina gcuimsítear na gníomhaithe go léir a bhfuil baint acu le hábhar a tháirgeadh agus a scaipeadh, ar líon mór daoine a d'fhéadfadh a bheith ann, ar ábhar (mar shampla faisnéis, anailís, trácht, tuairimí, oideachas, cultúr, ealaín agus siamsaíocht i dtéacs, fuaime, amhairc, closamhairc nó i bhfoirm eile) agus feidhmchláir atá ceaptha chun an ollchumarsáid idirghníomhach a éascú (mar shampla líonraí sóisialta), agus freagracht eagarthóireachta nó formhaoirseacht á coinneáil (sna cásanna sin uile) ar an ábhar. Ba cheart a áireamh sa choincheap sin meáin chlóite, meáin chraolta, meáin chlosamhairc neamhlíneacha, nuachtáin ar líne, suíomhanna gréasáin nuachta, tairseacha nuachta ar líne, cartlanna nuachta ar líne, foilsitheoirí clóite agus foilsitheoirí ar líne, iriseoirí, lena n-áirítear iad siúd i gcineálacha fostaíochta neamhchaighdeánacha amhail saor-phleanáil agus iriseoireacht neamhspleách, faireoirí poiblí eile a thuairiscíonn ar ábhair a bhaineann le leas an phobail.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Chun críocha an Rialacháin sin, ba cheart an sainmhíniú ar sheirbhís meán a theorannú do sheirbhísí mar a shainmhínítear sa Chonradh agus ba cheart, dá bhrí sin, aon chineál gníomhaíochta eacnamaíche a chumhdach. Ba cheart a eisiamh leis an sainmhíniú sin ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí a uaslódáiltear chuig ardán ar líne ach amháin más gníomhaíocht ghairmiúil í a sholáthraítear de ghnáth chun í a mheas (cibé acu de chineál airgeadais nó de chineál eile í). Ba cheart a eisiamh leis freisin comhfhreagras atá go hiomlán príobháideach, amhail ríomhphoist, chomh maith leis na seirbhísí uile nach éard is príomhchuspóir dóibh cláir chlosamhairc nó fuaime nó foilseacháin preasa a sholáthar, is é sin ábhar nach bhfuil ach teagmhasach leis an tseirbhís agus nach é is príomhchuspóir di, amhail fógraí nó faisnéis a bhaineann le táirge nó le seirbhís a sholáthraíonn láithreáin ghréasáin nach dtairgeann seirbhísí meán. Ba cheart ***a chumhdach leis an sainmhíniú ar sheirbhís meán go háirithe craoltaí teilifíse nó raidió, seirbhísí meán closamhairc ar éileamh, podchraoltaí fuaime nó foilseacháin preasa. Ba cheart*** cumarsáid chorparáideach agus dáileadh ábhar faisnéise nó fógraíochta le haghaidh eintitis phoiblí nó phríobháideacha a eisiamh ó raon feidhme an tsainmhínithe sin.	(7) Chun críocha an Rialacháin sin, ba cheart an sainmhíniú ar sheirbhís meán a theorannú do sheirbhísí mar a shainmhínítear sa Chonradh agus ba cheart, dá bhrí sin, aon chineál gníomhaíochta eacnamaíche a chumhdach ***leis, ar gníomhaíocht í a soláthraítear luach saothair de ghnáth ina leith freisin, lena n-áirítear freisin foirmeacha neamhchaighdeánacha fostaíochta, amhail saoririseoireacht agus iriseoireacht neamhspleách***. Ba cheart a eisiamh leis an sainmhíniú sin ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí a uaslódáiltear chuig ardán ar líne ach amháin más gníomhaíocht ghairmiúil í a sholáthraítear de ghnáth chun í a mheas (cibé acu de chineál airgeadais nó de chineál eile í). Ba cheart a eisiamh leis freisin comhfhreagras atá go hiomlán príobháideach, amhail ríomhphoist, chomh maith leis na seirbhísí uile nach éard is príomhchuspóir dóibh cláir chlosamhairc nó fuaime nó foilseacháin preasa a sholáthar, is é sin ábhar nach bhfuil ach teagmhasach leis an tseirbhís agus nach é is príomhchuspóir di, amhail fógraí nó faisnéis a bhaineann le táirge nó le seirbhís a sholáthraíonn láithreáin ghréasáin nach dtairgeann seirbhísí meán. Ba cheart cumarsáid chorparáideach agus dáileadh ábhar faisnéise nó fógraíochta le haghaidh eintitis phoiblí nó phríobháideacha a eisiamh ó raon feidhme an tsainmhínithe sin.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) I margadh na meán digiteach, féadfaidh soláthraithe ardán comhroinnte físeán nó ardán an-mhór ar líne teacht faoin sainmhíniú ar sholáthraí seirbhíse meán. Go ginearálta, tá ról lárnach ag na soláthraithe sin in eagrú an ábhair, lena n-áirítear trí mhodhanna uathoibrithe nó trí algartaim, ach ***ní bhíonn*** freagracht eagarthóireachta orthu as an ábhar a dtugann siad rochtain air. ***I dtimpeallacht na meán a bhfuil níos mó cóineasú inti***, ***áfach,*** tá ***tosaithe ag roinnt*** soláthraithe ardán comhroinnte físeán nó ***ardán*** an-mhór ar líne rialú eagarthóireachta ***a dhéanamh ar mhír*** nó ar ***mhíreanna dá seirbhísí. Mar sin***, d'***fhéadfadh an t-eintiteas sin*** a cháiliú mar sholáthraí ardáin ***roinnte*** físeán nó mar sholáthraí ardáin an-mhór ar líne agus mar sholáthraí seirbhíse meán.	(8) I margadh na meán digiteach, féadfaidh soláthraithe ardán comhroinnte físeán***,*** nó ardán an-mhór ar líne teacht faoin sainmhíniú ar sholáthraí seirbhíse meán. Go ginearálta, tá ról lárnach ag na soláthraithe sin in eagrú an ábhair, lena n-áirítear trí mhodhanna uathoibrithe nó trí algartaim, ach ***maíonn siad nach mbíonn*** freagracht eagarthóireachta orthu as an ábhar a dtugann siad rochtain air. ***Mar sin féin***, tá ***smacht eagarthóireachta ag go leor*** soláthraithe ardán comhroinnte físeán nó ***ag ardáin*** an-mhór ar líne ***ar a gcuid seirbhísí. Dá bhrí sin, nuair a fheidhmíonn na heintitis sin*** rialú eagarthóireachta***, cibé acu trí algartam*** nó ar ***shlí eile***, d'***fhéadfaí iad*** a cháiliú mar sholáthraí ardáin ***comhroinnte*** físeán nó mar sholáthraí ardáin an-mhór ar líne agus mar sholáthraí seirbhíse meán.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	***(8 a) Ar an taobh eile, le cumas na n-ardán ar líne ábhar a thairiscint gan freagracht eagarthóireachta a fheidhmiú ina leith, agus an cumas díriú ar úsáideoirí le fógraíocht a mhargú, is féidir leo gníomhú mar iomaitheoirí díreacha do sholáthraithe seirbhíse meán a ndéanann siad a n-ábhar a idirmheánú agus a dháileadh. I bhfianaise aistriú luacha eacnamaíoch i bhfabhar ardáin ar líne, ba cheart ábhar arna thomhailt ag úsáideoirí seirbhísí meán agus úsáideoirí ardán ar líne a chur san áireamh sa sainmhíniú chun an pobal meáin a thomhas. Áiritheofar leis sin go mbeidh na hidirghabhálaithe go léir a bhfuil baint acu le dáileadh ábhair trédhearcach**

	faoina modheolaíochtaí tomhaiste pobal meáin ionas go mbeidh fógróirí in ann roghanna eolasacha a dhéanamh a spreagann iomaíocht.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Ba cheart a chumhdach leis an sainmhíniú ar thomhas pobail meáin córais tomhais arna bhforbairt mar a chomhaontaítear le caighdeáin tionscail laistigh d'eagraíochtaí féinrialála, amhail na Comhchoistí Tionscail, agus córais tomhais a fhorbraítear lasmuigh de na cineálacha cur chuige féinrialála sin. Na córais tomhais sin, is iondúil gurb iad na páirtithe a bhaineann úsáid astu imreoirí áirithe ar líne a dhéanann féintomhas nó a sholáthraíonn don mhargadh a gcórais dílseánaigh tomhais ar phobal meáin, nach gcomhlíonann i gcónaí na caighdeáin tionscail a chomhaontaítear i gcoiteann. I bhfianaise an tionchair shuntasaigh a bhíonn ag na córais tomhais pobail meáin sin ar mhargaí na fógraíochta agus na meán, ba cheart iad a chumhdach leis an Rialachán sin.	(9) Ba cheart a chumhdach leis an sainmhíniú ar thomhas pobail meáin córais tomhais arna bhforbairt mar a chomhaontaítear le caighdeáin tionscail laistigh d'eagraíochtaí féinrialála, amhail na Comhchoistí Tionscail, agus córais tomhais a fhorbraítear lasmuigh de na cineálacha cur chuige féinrialála sin. Na córais tomhais sin, is iondúil gurb iad na páirtithe a bhaineann úsáid astu imreoirí áirithe ar líne a dhéanann féintomhas nó a sholáthraíonn don mhargadh a gcórais dílseánaigh tomhais ar phobal meáin, nach gcomhlíonann i gcónaí na caighdeáin tionscail a chomhaontaítear i gcoiteann. ***Ba cheart córais a fhorbraítear lasmuigh de chaighdeáin tionscail a chomhaontaítear go comhchoiteann a mheas mar chórais dhílsithe pobal meáin.*** I bhfianaise an tionchair shuntasaigh a bhíonn ag na córais tomhais pobail meáin sin ar mhargaí na fógraíochta agus na meán, ba cheart iad a chumhdach leis an Rialachán sin. ***Soláthraithe seirbhíse meán a chloíonn leis na caighdeáin tionscail a chomhaontaítear go comhchoiteann, ní mheasfar iad a bheith ina soláthraithe córas tomhaiste dílsithe don phobal meáin.***

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ba cheart fógraíocht stáit a thuiscint amhail agus go gcumhdaítear léi gníomhaíochtaí fógraíochta nó féinfhógraíochta arna ndéanamh thar ceann raon leathan údarás nó eintiteas poiblí, lena n-áirítear rialtais, údaráis rialála nó comhlachtaí rialála chomh maith le fiontair faoi úinéireacht ***an*** stáit nó faoi ***cheannas*** stáit ***eile, eintitis*** in earnálacha éagsúla, ar an leibhéal náisiúnta nó ***réigiúnach, nó rialtais áitiúla eintiteas críochach a bhfuil níos mó ná 1 mhilliún áitritheoir acu***. Níor cheart a áireamh leis an sainmhíniú ar fhógraíocht stáit, áfach, teachtaireachtaí éigeandála ó údaráis phoiblí atá riachtanach, mar shampla, i gcás tubaistí nádúrtha nó sláintíochta, timpistí nó teagmhais thobanna eile a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do dhaoine aonair.	(10) Ba cheart fógraíocht stáit a thuiscint amhail agus go gcumhdaítear léi gníomhaíochtaí fógraíochta nó féinfhógraíochta arna ndéanamh thar ceann raon leathan údarás nó eintiteas poiblí, lena n-áirítear ***institiúidí nó comhlachtaí AE,*** rialtais, údaráis rialála nó comhlachtaí rialála***, páirtithe polaitiúla a fhaigheann cistiúchán poiblí,*** chomh maith le fiontair faoi úinéireacht stáit nó ***eintitis eile atá*** faoi ***rialú*** stáit in earnálacha éagsúla, ar an leibhéal náisiúnta***, réigiúnach*** nó ***áitiúil***. Níor cheart a áireamh leis an sainmhíniú ar fhógraíocht stáit, áfach, teachtaireachtaí éigeandála ó údaráis phoiblí atá riachtanach, mar shampla, i gcás tubaistí nádúrtha nó sláintíochta, timpistí nó teagmhais thobanna eile a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do dhaoine aonair.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10 a) Ba cheart a thuiscint go bhfuil teachtaireachtaí éigeandála ó údaráis phoiblí éagsúil leis an bhfógraíocht stáit agus ba cheart tagairt a dhéanamh iontu do theachtaireachtaí nó d'fheachtais faisnéise arna seoladh ag na húdaráis phoiblí i gcásanna éigeandála amhail cásanna tubaistí nádúrtha nó sláintíochta, tionóiscí nó aon teagmhais thobann eile nó aon staideanna criticiúla eile a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do dhaoine aonair. Féadfar na teachtaireachtaí sin a dhéanamh thar ceann réimse leathan údarás poiblí nó eintiteas poiblí, lena n-áirítear institiúidí rialtais láir nó áitiúla, údaráis nó comhlachtaí rialála, chomh maith le fiontair agus eintitis atá faoi úinéireacht

an stáit nó faoi rialú an stáit in earnálacha éagsúla, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10 b) Chun críocha leithdháileadh fógraíochta stáit agus tacaíochta airgeadais eile lena n-áirítear i gcásanna tubaistí nádúrtha nó sláintíochta, tionóiscí nó mórtheagmhais eile gan choinne a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chodanna suntasacha den daonra, ba cheart critéir a leagan síos roimh ré leis an dlí náisiúnta. Níor cheart na teachtaireachtaí éigeandála sin a dhíolmhú ó oibleagáidí trédhearcachta. Thairis sin, níl san fhógraíocht stáit ach cineál amháin tacaíochta airgeadais do na meáin a d'fhéadfadh fóirdheontais dhíreacha a áireamh freisin i bhfoirm tacaíocht dhíreach stáit a bhronntar ar sholáthraithe seirbhíse meán, buntáistí cánach, laghduithe ar chánacha nó díolúintí iomlána cánach d'earnáil na meán, fógraíocht stáit, cistiúchán scéimeanna tacaíochta tionscadalbhunaithe lena gcumhdaítear riachtanais shonracha na n-eagraíochtaí meán, amhail oiliúint agus forbairt scileanna, uasghrádú teicneolaíochta nó saoráidí, nó próisis athstruchtúraithe.

Leasú 15
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10 c) Ba cheart go dtuigfí le earraí spiaireachta go gcumhdaítear gach cineál

bogearraí mailíseacha a spiáiltear ar ghníomhaíochtaí an úsáideora gan a n-eolas ná a dtoiliú, amhail eochairbhlocáil, faireachán ar ghníomhaíochtaí agus bailiú sonraí, glaonna a thaifeadadh go rúnda nó micreafón feiste úsáideora deiridh a úsáid ar bhealach eile, daoine nádúrtha, meaisíní nó a dtimpeallacht a scannánú, teachtaireachtaí a chóipeáil, grianghrafadóireacht, gníomhaíocht bhrabhsála a rianú, geoshuíomh a rianú, sonraí braiteora eile a bhailiú nó gníomhaíochtaí rianaithe a dhéanamh thar iliomad gléasanna úsáideora deiridh, chomh maith le cineálacha eile gadaíochta sonraí, lena n-áirítear tríd an duine a bhfuiltear ag díriú air a phearsanú trí rochtain a fháil ar a ndintiúir dhigiteacha agus a gcéannacht. Is ar éigean go bhfágann imscaradh earraí spiaireachta aon rian ar fheiste an duine atá ina sprioc, agus fiú i gcásanna ina mbraitear é, tá sé deacair a chruthú cé a bhí freagrach as an ionsaí.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Chun a áirithiú go mbainfidh an tsochaí leas as margadh inmheánach na meán, tá sé fíor-riachtanach ní hamháin na saoirsí bunúsacha faoin gConradh a ráthú, ach an deimhneacht dhlíthiúil atá de dhíth ag faighteoirí seirbhísí meán chun tairbhe a bhaint as na tairbhí comhfhreagracha a ráthú chomh maith. Ba cheart rochtain a bheith ag na faighteoirí sin ar sheirbhísí meán ardcháilíochta, arna dtáirgeadh ag iriseoirí agus eagarthóirí ar bhealach neamhspleách agus i gcomhréir le caighdeáin iriseoireachta agus ***a sholáthraíonn*** faisnéis iontaofa dá réir, lena n-áirítear ábhar nuachta agus cúrsaí reatha. ***Níl i gceist leis an gceart sin aon***	(11) Chun a áirithiú go mbainfidh an tsochaí leas as margadh inmheánach na meán, tá sé fíor-riachtanach ní hamháin na saoirsí bunúsacha faoin gConradh a ráthú, ach an deimhneacht dhlíthiúil atá de dhíth ag faighteoirí seirbhísí meán chun tairbhe a bhaint as na tairbhí comhfhreagracha a ráthú chomh maith. Ba cheart rochtain a bheith ag na faighteoirí sin ar sheirbhísí meán ardcháilíochta, arna dtáirgeadh ag iriseoirí***, príomheagarthóirí*** agus eagarthóirí ar bhealach neamhspleách agus i gcomhréir le caighdeáin iriseoireachta agus ***lena soláthraíonn*** faisnéis iontaofa dá réir, lena n-áirítear ábhar nuachta agus cúrsaí reatha. Is frithnimh iad na seirbhísí

oibleagáid chomhfhreagrach ar aon soláthraí seirbhíse meán caighdeáin nach leagtar amach go sainráite le dlí a chomhlíonadh. Is frithnimh iad na seirbhísí meán sin freisin in aghaidh na bréagaisnéise, lena n-áirítear ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis eachtrach.

meán sin freisin in aghaidh na bréagaisnéise, lena n-áirítear ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis eachtrach.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Tá cosaint an neamhspleáchais eagarthóireachta ina réamhchoinníoll chun gníomhaíocht sholáthraithe seirbhíse meán agus a n-ionracas gairmiúil a fheidhmiú. Tá neamhspleáchas eagarthóireachta ***thar a bheith tábhachtach do sholáthraithe seirbhíse meán a sholáthraíonn ábhar nuachta agus cúrsaí reatha i bhfianaise a róil sa tsochaí mar leas poiblí***. Ba cheart soláthraithe ***seirbhísí*** meán a bheith in ann a ***ngníomhaíochtaí eacnamaíocha*** a fheidhmiú gan srianta sa mhargadh inmheánach agus dul san iomaíocht ar chomhchéim i dtimpeallacht ar líne atá ag méadú i gcónaí ina bhfuil faisnéis ag sreabhadh thar theorainneacha.	(14) Tá ***leas an phobail i gceist le faisnéis a bhfuil leas ginearálta ag baint léi. Tá*** cosaint an neamhspleáchais eagarthóireachta ina réamhchoinníoll chun gníomhaíocht sholáthraithe seirbhíse meán agus a n-ionracas gairmiúil a fheidhmiú. ***Chun meáin neamhspleácha iolraíocha a ráthú,*** tá ***sé ríthábhachtach na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun timpeallacht shábháilte a chruthú a ligeann d'iriseoirí*** neamhspleáchas eagarthóireachta ***a fheidhmiú***. Ba cheart ***d'iriseoirí, lena n-áirítear saoroibrithe agus iriseoirí féinfhostaithe, chomh maith le*** soláthraithe ***seirbhíse*** meán ***eile*** a bheith in ann a ***gcuid gníomhaíochtaí*** a fheidhmiú gan srianta sa mhargadh inmheánach agus dul san iomaíocht ar chomhchéim i dtimpeallacht ar líne atá ag méadú i gcónaí ina bhfuil faisnéis ag sreabhadh thar theorainneacha.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Tá cineálacha cur chuige éagsúla glactha ag na Ballstáit maidir le	(15) Tá cineálacha cur chuige éagsúla glactha ag na Ballstáit maidir le

neamhspleáchas eagarthóireachta a chosaint, a ***bhfuil dúshlán níos mó ag baint leis*** ar fud an Aontais. Tá ***cur isteach níos mó*** ar chinntí eagarthóireachta soláthraithe seirbhíse meán i roinnt Ballstát***, go háirithe. Féadfaidh*** an cur isteach sin a bheith díreach nó indíreach, ón Stát nó ó ghníomhaithe eile, lena n-áirítear údaráis phoiblí, oifigigh thofa, oifigigh rialtais agus polaiteoirí, mar shampla chun buntáiste polaitiúil a fháil. Féadfaidh scairshealbhóirí agus páirtithe príobháideacha eile a bhfuil leas acu i soláthraithe seirbhísí meán gníomhú ar bhealaí a théann thar an gcothromaíocht is gá idir a saoirse gnó féin agus saoirse cainte, ar thaobh amháin, agus an tsaoirse eagarthóireachta cainte agus cearta faisnéise úsáideoirí, ar an taobh eile, ar thóir buntáiste eacnamaíoch nó eile. Ina theannta sin, spreag treochtaí le déanaí maidir le dáileadh agus tomhaltas na meán, lena n-áirítear sa timpeallacht ar líne go háirithe, na Ballstáit chun breithniú a dhéanamh ar dhlíthe atá dírithe ar sholáthar ábhar meán a rialáil. Athraíonn na cineálacha cur chuige a ghlacann soláthraithe seirbhíse meán chun neamhspleáchas eagarthóireachta a áirithiú freisin. Mar thoradh ar an gcur isteach sin agus ar an ilroinnt sin ar rialacháin agus cineálacha cur chuige, déantar tionchar diúltach ar an margadh inmheánach ar na coinníollacha a bhaineann le feidhmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha ag soláthraithe seirbhísí meán agus, ar deireadh, ar cháilíocht na seirbhísí meán a fhaigheann saoránaigh agus gnólachtaí. Is gá, dá bhrí sin, coimircí éifeachtacha a chur i bhfeidhm lena bhféadfar saoirse eagarthóireachta a fheidhmiú ar fud an Aontais ionas gur féidir le soláthraithe seirbhíse meán a n-ábhar a tháirgeadh agus a dháileadh go neamhspleách thar theorainneacha agus chun go bhféadfaidh faighteoirí seirbhísí an t-ábhar sin a fháil.

neamhspleáchas eagarthóireachta a chosaint, ***ar tugadh*** a ***dhúshlán le blianta fada*** ar fud an Aontais. ***Go háirithe,*** tá ***brú le fada*** ar chinntí eagarthóireachta soláthraithe seirbhíse meán i roinnt Ballstát***. Is ionann*** an cur isteach sin ***agus sárú ar an smacht reachta agus féadfaidh sé*** a bheith díreach nó indíreach, ón Stát nó ó ghníomhaithe eile, ***ón Aontas agus óna institiúidí agus a ghníomhaireachtaí,*** lena n-áirítear ***ionadaithe gnó,*** údaráis phoiblí, oifigigh thofa, oifigigh rialtais agus polaiteoirí, mar shampla chun buntáiste polaitiúil a fháil. Féadfaidh scairshealbhóirí agus páirtithe príobháideacha eile a bhfuil leas acu i soláthraithe seirbhísí meán gníomhú ar bhealaí a théann thar an gcothromaíocht is gá idir a saoirse gnó féin agus saoirse cainte, ar thaobh amháin, agus an tsaoirse eagarthóireachta cainte agus cearta faisnéise úsáideoirí, ar an taobh eile, ar thóir buntáiste eacnamaíoch nó eile. Ina theannta sin, spreag treochtaí le déanaí maidir le dáileadh agus tomhaltas na meán, lena n-áirítear sa timpeallacht ar líne go háirithe, na Ballstáit chun breithniú a dhéanamh ar dhlíthe atá dírithe ar sholáthar ábhar meán a rialáil. Athraíonn na cineálacha cur chuige a ghlacann soláthraithe seirbhíse meán chun neamhspleáchas eagarthóireachta a áirithiú freisin. Mar thoradh ar an gcur isteach sin agus ar an ilroinnt sin ar rialacháin agus cineálacha cur chuige, déantar tionchar diúltach ar an margadh inmheánach ar na coinníollacha a bhaineann le feidhmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha ag soláthraithe seirbhísí meán agus, ar deireadh, ar cháilíocht na seirbhísí meán a fhaigheann saoránaigh agus gnólachtaí. Is gá, dá bhrí sin, coimircí éifeachtacha a chur i bhfeidhm lena bhféadfar saoirse eagarthóireachta a fheidhmiú ar fud an Aontais ionas gur féidir le soláthraithe seirbhíse meán a n-ábhar a tháirgeadh agus a dháileadh go neamhspleách thar theorainneacha agus chun go bhféadfaidh faighteoirí seirbhísí an t-ábhar sin a fháil.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15 a) De réir Rún 1003 (1993) ó Chomhairle na hEorpa maidir le hEitic na hiriseoireachta, laistigh den eagraíocht nuachta, ní mór d'fhoilsitheoirí agus d'iriseoirí a bheith ann i dteannta a chéile, agus é á chur san áireamh go bhfuil an meas dlisteanach ar threoshuímh idé-eolaíocha foilsitheoirí agus úinéirí teoranta ag na dearbhcheanglais maidir le tuairisciú nuachta fírinneach agus tuairimí eiticiúla. Tá na ceanglais sin de chineál gur gá coimircí saoirse cainte an iriseora a threisiú, i gcás nach mór dóibh feidhmiú mar fhoinsí deiridh faisnéise sa chás deiridh. Chuige sin, chomh maith le saoirse na meán a chosaint, ní mór saoirse na meán a chosaint agus cosaint a dhéanamh in aghaidh brúnna inmheánacha.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Is iad iriseoirí agus ***eagarthóirí na príomhpháirtithe*** i dtáirgeadh agus i soláthar ***ábhar meán*** iontaofa, go háirithe trí thuairisciú ar nuacht nó ar chúrsaí reatha. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, cosaint a thabhairt do chumas iriseoirí faisnéis a bhailiú, a sheiceáil agus a anailísiú, lena n-áirítear faisnéis a thugtar faoi rún. Go háirithe, ***ba cheart*** soláthraithe ***seirbhísí*** meán agus iriseoirí (lena n-áirítear iad siúd ***a oibríonn i bhfoirmeacha***	(16) Is iad iriseoirí***, príomheagarthóirí, eagarthóirí,*** agus ***oibrithe na meán na príomhghníomhaithe*** i dtáirgeadh agus i soláthar ***ábhair*** iontaofa ***sna meáin***, go háirithe trí thuairisciú ***a dhéanamh*** ar nuacht nó ar chúrsaí reatha. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, cosaint a thabhairt do chumas iriseoirí faisnéis a bhailiú, a sheiceáil agus a anailísiú, lena n-áirítear faisnéis a thugtar faoi rún. Go háirithe, soláthraithe ***seirbhíse*** meán***,***

fostaíochta neamhchaighdeánacha, amhail saoroibrithe) a bheith in ann brath ar ***chosaint láidir foinsí*** iriseoireachta agus ***cumarsáide***, lena n-áirítear ***in aghaidh imscaradh*** teicneolaíochtaí faireachais, ós rud é go bhféadfaí foinsí cosanta a ***dhíspreagadh ó chuidiú leis*** na meáin ***chumarsáide*** chun an pobal a chur ar an eolas faoi ábhair ***leasa phoiblí***. Mar thoradh air sin, d'***fhéadfadh sé go mbainfí*** an bonn de shaoirse iriseoirí a ngníomhaíocht ***eacnamaíoch*** a fheidhmiú agus a ról ríthábhachtach ***mar 'fhoras faire poiblí***' a chomhlíonadh, rud a ***chuireann*** isteach go diúltach ar rochtain ar sheirbhísí meán ***ardcháilíochta. Rannchuidíonn*** cosaint foinsí iriseoireachta ***le cosaint an chirt bhunúsaigh*** a chumhdaítear in ***Airteagal 11*** den Chairt.

oibrithe sna meáin agus iriseoirí (lena n-áirítear iad siúd ***atá ag feidhmiú i gcineálacha*** fostaíochta neamhchaighdeánacha, amhail saoroibrithe ***agus blagálaithe***) ***ba cheart dóibh*** a bheith in ann brath ar ***chosaintí láidre d'fhoinsí*** iriseoireachta agus ***do chumarsáidí***, lena n-áirítear ***ar chur isteach treallach agus ar úsáid*** teicneolaíochtaí faireachais, ós rud é go bhféadfaí***, mura mbeadh na*** foinsí cosanta ***sin, bac*** a ***chur ar chúnamh a thabhairt do*** na meáin chun an pobal a chur ar an eolas faoi ábhair ***a bhaineann le leas an phobail***. Mar thoradh air sin, d'***fhéadfaí*** an bonn ***a bhaint*** de shaoirse iriseoirí ***agus oibrithe na meán chun tuairimí*** a ***nochtadh agus an cumas atá acu a*** ngníomhaíocht a fheidhmiú agus a ról ríthábhachtach ***'faireog phoiblí***' a chomhlíonadh, rud a ***chuirfeadh*** isteach go diúltach ar rochtain ar sheirbhísí meán ***ar ardchaighdeán. Is réamhchoinníoll í*** cosaint foinsí iriseoireachta ***chun an ceart bunúsach*** a chumhdaítear in ***Airteagal 11*** den Chairt ***a chosaint agus tá sé ríthábhachtach chun ról na hiriseoireachta iniúchaí i sochaithe daonlathacha a chosaint***.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16 a) Tá sé ríthábhachtach go gcloífear leis an smacht reachta san Aontas d'fheidhmiú daonlathais fholláine sna Ballstáit. Rinneadh ionstraimí an Aontais chun na críche sin a leathnú chun go n-áireofar leo, seachas nós imeachta Airteagal 7 CAE, creataí nua amhail an Tuarascáil Bhliantúil ar an Smacht Reachta ón gCoimisiún agus Rialachán 2020/2092. Tá feidhmiúlacht chórais an smachta reachta idirnasctha go díreach le

meáin shaora iolraíocha. Is colún lárnach de chreat an Aontais chun seasamh leis an smacht reachta iad saoirse na meán agus iolrachas na meán agus scrúdaítear a stát gach bliain trí chreat na Tuarascála bliantúla ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta. Tá cosaint foinsí iriseoireachta, ráthaíochtaí maidir le neamhspleáchas eagarthóireachta agus córas láidir cosanta i gcoinne mí-úsáid beart agus teicneolaíochtaí áirithe ríthábhachtach chun creat smacht reachta an Aontais a chaomhnú. Gníomhaíochtaí lena gcuirtear saoirse agus iolrachas na meán i mbaol, amhail na gníomhaíochtaí sin dá dtagraítear in Airteagal 4.2 den Rialachán sin, déanann siad dochar mór don smacht reachta agus, dá bhrí sin, ba cheart a mheas gur sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta iad, rud a spreagann sásraí smachtbhannaí dá bhforáiltear le dlí an Aontais faoi na creataí thuasluaite.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16 b) Tá éagsúlacht sna modhanna faireachais a úsáidtear i gcoinne iriseoirí, amhail cumarsáid leictreonach agus meiteashonraí leictreonacha a idircheapadh, gléasanna nó bogearraí a haiceáil lena n-áirítear ionsaithe seirbhíse a dhiúltú, cúléisteacht, bugáil, físfaifeadadh, rianú geoshuímh trí shainaithint radaimhinicíochta (RFID), Córas Suite Domhanda (GPS) nó sonraí i láthair na gceall, mianadóireacht sonraí agus faireachán ar na meáin shóisialta. D'fhéadfadh na teicnící sin tionchar tromchúiseach a imirt ar chearta iriseoirí maidir le príobháideachas, cosaint sonraí agus saoirse tuairimí a nochtadh. Dá bhrí

sin, ba cheart go gcumhdódh na cosaintí a thugtar leis an Rialachán sin cineálacha reatha faireachais dhigitigh ach teicneolaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith le feiceáil amach anseo in éineacht le nuálaíocht theicneolaíoch agus tá siad gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí an Aontais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo lena gcuirtear srian nó toirmeasc ar fhorbairt, ar thrádáil agus ar úsáid teicneolaíochtaí sonracha faireachais a mheastar a bheith ró-ionrach. D'fhéadfadh earraí spiaireachta a thugann rochtain neamhtheoranta iomlán ar shonraí pearsanta, lena n-áirítear sonraí íogaire, ar ghléas tionchar a imirt ar bhunbhrí an chirt chun príobháideachta.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Tá cosaint foinsí iriseoireachta á rialú go hilchineálach sna Ballstáit faoi láthair. Soláthraíonn roinnt Ballstát cosaint iomlán d'iriseoirí ar iallach a bheith curtha orthu faisnéis a nochtadh ina sainaithnítear a bhfoinse in imeachtaí coiriúla agus riaracháin. Soláthraíonn Ballstáit eile cosaint cháilithe atá teoranta d'imeachtaí breithiúnacha bunaithe ar chúisimh choiriúla áirithe, agus soláthraíonn Ballstáit eile cosaint i bhfoirm prionsabail ghinearálta. Is éard a leanann as sin ilroinnt i margadh inmheánach na meán. Mar thoradh air sin, is dóchúil go mbeidh ar iriseoirí, a bhíonn ag oibriú níos mó ar thionscadail trasteorann agus ag soláthar ***a gcuid seirbhísí*** do phobail meán trasteorann, agus dá réir sin ar sholáthraithe seirbhísí meán, aghaidh a thabhairt ar bhacainní, éiginnteacht dhlíthiúil agus dálaí iomaíochta míchothroma. Dá bhrí sin, tá gá le cosaint foinsí iriseoireachta agus	(17) Tá cosaint foinsí iriseoireachta ***agus cumarsáide*** á rialú go hilchineálach sna Ballstáit faoi láthair. Soláthraíonn roinnt Ballstát cosaint iomlán d'iriseoirí ar iallach a bheith curtha orthu faisnéis a nochtadh ina sainaithnítear a bhfoinse in imeachtaí coiriúla agus riaracháin. Soláthraíonn Ballstáit eile cosaint cháilithe atá teoranta d'imeachtaí breithiúnacha bunaithe ar chúisimh choiriúla áirithe, agus soláthraíonn Ballstáit eile cosaint i bhfoirm prionsabail ghinearálta. ***In ainneoin na gcaighdeán atá ann cheana arna gcódú ag Comhairle na hEorpa agus cásdlí seanbhunaithe ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, léirigh samplaí praiticiúla ó roinnt Ballstát cur chuige an-difriúil ina leith sin agus easpa cosanta d'fhoinsí iriseoireachta i gcásanna áirithe.*** Is éard a leanann as sin ilroinnt i margadh inmheánach na meán. Mar thoradh air sin, is dóchúil go mbeidh

cumarsáide a chomhchuibhiú agus a neartú a thuilleadh ar leibhéal an Aontais.

ar iriseoirí, a bhíonn ag oibriú níos mó ar thionscadail trasteorann agus ag soláthar ***faisnéise*** do phobail meán trasteorann, agus dá réir sin ar sholáthraithe seirbhísí meán, aghaidh a thabhairt ar bhacainní, éiginnteacht dhlíthiúil agus dálaí iomaíochta míchothroma. Dá bhrí sin, tá gá le cosaint foinsí iriseoireachta agus cumarsáide a chomhchuibhiú agus a neartú a thuilleadh ar leibhéal an Aontais***, gan an chosaint atá ann faoi láthair in aon Bhallstát a lagú agus cur le reachtaíocht bhog atá bunaithe cheana féin ag Comhairle na hEorpa agus ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, i gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt agus i gcomhréir le dlí eile an Aontais***. ***Chun cosaint leordhóthanach a thairiscint d'fhoinsí iriseoireachta, ba cheart go ndéanfadh údarás breithiúnach neamhspleách neamhchlaonta bearta lena ndéantar cur isteach ar fhoinsí iriseoireachta a ordú ex ante. Níor cheart na bearta sin a ordú ach amháin arna iarraidh sin do dhuine aonair nó do chomhlacht ag a bhfuil leas dlisteanach díreach, agus nach bhfuil gach rogha réasúnta eile ídithe aige chun an leas sin a chosaint, ach amháin má tá ceanglas sáraitheach ar mhaithe le leas an phobail dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta, go bhfuil an fhaisnéis atá á lorg riachtanach le haghaidh imscrúduithe ar choireanna tromchúiseacha, nach bhfuil aon roghanna eile ann chun an fhaisnéis atá á lorg a fháil agus go bhfuil an cur isteach ar chearta iriseoirí comhréireach agus forordaithe le dlí. Ba cheart cothromaíocht a bhaint amach i gcónaí idir an spéis i cur isteach ar fhoinsí iriseoireachta agus an dochar a dhéantar don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil. Ba cheart na bearta sin a bheith faoi réir achomhairc i gcúirt. Ba cheart d'iriseoirí atá ag obair ar thionscadail trasteorann tairbhe a bhaint as na caighdeáin cosanta is airde sna Ballstáit lena mbaineann. Ba cheart go bhfreagródh cosaint foinsí iriseoireachta***

	agus teachtaireachtaí, ar a laghad, don chosaint a thugtar i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha chomh maith leis an gcásdlí ó CBAE agus ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17 a) Maidir le húdarás nó comhlacht neamhspleách atá ainmnithe chun gearáin a láimhseáil arna gcur isteach ag soláthraithe seirbhíse meán nó, más infheidhme, ag daoine dá dteaghlaigh, ag a bhfostaithe (lena n-áirítear iad siúd atá ag feidhmiú i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta amhail saoroibrithe agus féinfhostaithe) nó ag daoine dá dteaghlaigh, ba cheart iad a chosaint ar aon tionchar seachtrach díreach nó indíreach. Ba cheart go mbeadh na hacmhainní airgeadais agus an saineolas ábhartha is gá ag an údarás nó ag an gcomhlacht sin, i bhfianaise chineál fíortheicniúil agus sofaisticiúlachta na mbeart faireachais. Ina theannta sin, ba cheart dó comhoibriú le húdaráis mhaoirseachta ábhartha eile, amhail údaráis cosanta sonraí, agus iad araon ag gníomhú laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Tá ról ar leith ag meáin seirbhíse poiblí arna mbunú ag na Ballstáit i margadh inmheánach na meán, trína	(18) Tá ról ar leith ag ***na*** meáin seirbhíse poiblí arna mbunú ag na Ballstáit i margadh inmheánach na meán, trína

áirithiú go ***mbíonn*** rochtain ag saoránaigh agus gnólachtaí ar ***fhaisnéis ardchaighdeáin agus ar chlúdach*** neamhchlaonta sna meáin, mar chuid dá ***misean***. Mar sin féin, ***is féidir leis na meáin*** seirbhíse poiblí a bheith neamhchosanta go háirithe ***don bhaol go gcuirfí*** isteach ***orthu***, mar gheall ar a ngaireacht institiúideach don Stát agus an ***cistiúchán*** poiblí a fhaigheann siad. D'fhéadfadh an riosca sin a bheith níos measa de dheasca coimircí míchothroma a bhaineann le rialachas neamhspleách agus clúdach cothrom ó na meáin seirbhíse poiblí ar fud an Aontais. D'fhéadfadh clúdach atá claonta nó páirteach sna meáin a bheith mar thoradh ar an gcás sin, go gcuirfí saobhadh ar an iomaíocht i margadh inmheánach na meán agus go mbeadh tionchar diúltach aige ar rochtain ar sheirbhísí meán neamhspleácha agus neamhchlaonta. Dá bhrí sin, is gá, ag tógáil ar na caighdeáin idirnáisiúnta arna bhforbairt ag Comhairle na hEorpa ina leith sin, coimircí dlíthiúla a chur i bhfeidhm chun go bhfeidhmeoidh na meáin seirbhíse poiblí go neamhspleách ar fud an Aontais. Is gá a ráthú freisin, gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir le státchabhair, go mbaineann soláthraithe meán seirbhíse poiblí tairbhe as cistiú leordhóthanach agus cobhsaí chun a ***misean*** a chomhlíonadh lena gcumasaítear intuarthacht ina gcuid pleanála. ***Más féidir,*** ba cheart an ***cistiúchán*** sin a chinneadh agus a leithreasú ar bhonn ilbhliantúil, i gcomhréir le ***misean*** seirbhíse poiblí na soláthraithe meán seirbhíse poiblí, chun an fhéidearthacht go n-imreodh caibidlíochtaí buiséadacha bliantúla tionchar míchuí a sheachaint. Ní dhéanann na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán sin difear d'inniúlacht na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le ***cistiúchán*** na meán ***seirbhíse poiblí mar atá cumhdaithe i bPrótacal 29*** maidir ***le córas*** craolacháin phoiblí ***na mBallstát***, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis

áirithiú go ***mbeidh*** rochtain ag saoránaigh agus ***ag*** gnólachtaí ar ***thairiscintí uilíocha éagsúla lena n-áirítear faisnéis ardcháilíochta, clúdach iolraíoch*** neamhchlaonta ***neamhspleách*** sna meáin, mar chuid dá ***sainchúram***. ***Is fóram iad le haghaidh plé poiblí agus bealach chun rannpháirtíocht dhaonlathach níos leithne daoine aonair a chur chun cinn. Sin an fáth nach féidir iolrachas na meán a ráthú ach amháin le cothromaíocht pholaitiúil chuí in ábhar mheáin na seirbhíse poiblí.*** Mar sin féin, ***d'fhéadfadh meáin na*** seirbhíse poiblí a bheith neamhchosanta go háirithe ***ar an riosca cur*** isteach, mar gheall ar a ngaireacht institiúideach don Stát agus ***ar*** an ***gcistiú*** poiblí a fhaigheann siad***, a d'fhéadfadh iad a nochtadh do leochaileachtaí breise i gcomparáid le gníomhaithe eile i margadh inmheánach na meán sa mhéid go bhfuil siad ag bagairt ar a bheith ann***. D'fhéadfadh an riosca sin a bheith níos measa de dheasca coimircí míchothroma a bhaineann le rialachas neamhspleách agus clúdach cothrom ó na meáin seirbhíse poiblí ar fud an Aontais. D'fhéadfadh clúdach atá claonta nó páirteach sna meáin a bheith mar thoradh ar an gcás sin, go gcuirfí saobhadh ar an iomaíocht i margadh inmheánach na meán agus go mbeadh tionchar diúltach aige ar rochtain ar sheirbhísí meán neamhspleácha agus neamhchlaonta. ***Thairis sin, in éagmais íoschaighdeáin chomhchuibhithe, tá bearta éagsúla glactha ag na Ballstáit a raibh ilroinnt mhargadh inmheánach na meán mar thoradh orthu. D'fhéadfadh an ilroinnt sin éiginnteacht dhlíthiúil agus cothrom iomaíochta éagórach a chruthú a chuirfeadh bac ar sholáthraithe príobháideacha seirbhísí meán dul isteach sa mhargadh.*** Dá bhrí sin, is gá, ag tógáil ar na caighdeáin idirnáisiúnta arna bhforbairt ag Comhairle na hEorpa ina leith sin, coimircí dlíthiúla a chur i bhfeidhm chun go bhfeidhmeoidh na meáin seirbhíse poiblí go neamhspleách ar fud an Aontais. Is gá a ráthú freisin, gan dochar

an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.	do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir le státchabhair, go mbaineann soláthraithe meán seirbhíse poiblí tairbhe as cistiú leordhóthanach agus cobhsaí chun a ***sainordú*** a chomhlíonadh lena gcumasaítear intuarthacht ina gcuid pleanála ***agus cuireann sé ar a gcumas seasamh iomaíoch a choinneáil ar mhargadh inmheánach na meán***. Ba cheart an ***cistiú*** sin a chinneadh agus a leithreasú ar bhonn ***nósanna imeachta intuartha, trédhearcacha, neamhspleácha, neamhchlaonta agus neamh-idirdhealaitheacha, ar bhonn*** ilbhliantúil ***agus ba cheart é a chinneadh de réir critéir thrédhearcacha agus oibiachtúla***, i gcomhréir le ***sainchúram*** seirbhíse poiblí na soláthraithe meán seirbhíse poiblí, chun an fhéidearthacht go n-imreodh caibidlíochtaí buiséadacha bliantúla tionchar míchuí a sheachaint. ***D'fhéadfadh easpa comhchuibhithe maidir le leithdháileadh airgeadais ar sholáthraithe meán seirbhíse poiblí buntáiste éagórach a chruthú do ghníomhaithe áirithe i margadh inmheánach na meán, lena n-áirítear fógróirí agus, ar an gcaoi sin, saobhadh suntasach a dhéanamh ar mhargadh inmheánach na meán.*** Ní dhéanann na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán sin difear ***do chur i bhfeidhm na rialacha maidir le Státchabhair arna gcur i bhfeidhm de réir an cháis ná*** d'inniúlacht na mBallstát ***sainchúram leathan dinimiciúil a shainiú, na meán seirbhíse poiblí a eagrú agus*** foráil a dhéanamh maidir le ***cistiú*** na meán ***sin mar a chumhdaítear i bPrótacal 29*** maidir ***leis an gcóras*** craolacháin phoiblí ***sna Ballstáit***, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh a fhios le cinnteacht ag faighteoirí seirbhísí meán cé atá ina n-úinéirí ar na meáin ***nuachta*** agus atá taobh thiar díobh ionas gur féidir leo coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus a thuiscint, rud atá ina réamhriachtanas chun tuairimí eolasacha a fhoirmiú agus dá thoradh sin a bheith rannpháirteach go gníomhach sa daonlathas. ***Uirlis éifeachtach is ea an trédhearcacht sin freisin chun srian*** a chur ar na rioscaí a ***bhaineann le cur*** isteach ar neamhspleáchas eagarthóireachta. Is gá***, dá bhrí sin,*** ceanglais choiteanna faisnéise a thabhairt isteach ***le haghaidh gach soláthróra*** seirbhíse meán ábhartha ar fud an Aontais ***lenar*** cheart ceanglais chomhréireacha a áireamh maidir le faisnéis úinéireachta a nochtadh. Sa chomhthéacs sin, níor cheart difear a dhéanamh do na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit faoi Airteagal 30(9) de Threoir (AE) 2015/8[49]. Ba cheart do na soláthraithe ábhartha an fhaisnéis is gá a nochtadh ar a suíomhanna gréasáin nó ar mheán eile a ***bhfuil rochtain éasca*** agus ***díreach air***.	(19) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh a fhios le cinnteacht ag faighteoirí seirbhísí meán cé atá ina n-úinéirí ar na meáin agus atá taobh thiar díobh ionas gur féidir leo coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus a thuiscint, rud atá ina réamhriachtanas chun tuairimí eolasacha a fhoirmiú agus dá thoradh sin a bheith rannpháirteach go gníomhach sa daonlathas. ***Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach do sholáthraithe seirbhíse meán*** a ***bhfoinsí cistiúcháin a nochtadh trí fhaisnéis a*** chur ar ***fáil go poiblí maidir le fógróirí, urraitheoirí, deontóirí móra nó soláthar seirbhísí fógraíochta polaitiúla, ar uirlis éifeachtach í, sa bhreis ar thrédhearcacht*** na ***mbeart úinéireachta, chun*** rioscaí a ***theorannú go gcuirfí*** isteach ar neamhspleáchas eagarthóireachta. Is gá ceanglais choiteanna faisnéise a thabhairt isteach ***do na soláthraithe*** seirbhíse meán ábhartha ***uile*** ar fud an Aontais***, ceanglais ar*** cheart ceanglais chomhréireacha a áireamh ***iontu*** maidir le faisnéis úinéireachta a nochtadh***, chomh maith le faisnéis maidir le fógróirí, urraitheoirí, deontóirí móra nó soláthar seirbhísí fógraíochta polaitiúla, lena n-áirítear an fhaisnéis faoina máthairchuideachtaí agus a gcomhchuideachtaí agus sonraí, más infheidhme, faoina gconarthaí le comhlachtaí stáit***. Sa chomhthéacs sin, níor cheart difear a dhéanamh do na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit faoi Airteagal 30(9) de Threoir (AE) 2015/8[49]. Ba cheart do na soláthraithe ábhartha an fhaisnéis is gá ***ar mhaithe le trédhearcacht úinéireacht na meán*** a nochtadh ar a suíomhanna gréasáin nó ar mheán eile ***atá inrochtana go héasca agus go díreach. Trí Stór Náisiúnta um Úinéireacht na Meán arna oibriú ag údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta*** a ***bhunú,***

chomh maith le Stór Eorpach um Úinéireacht na Meán arna oibriú ag an mBord Eorpach um Sheirbhísí Meán, ba cheart inrochtaineacht agus ***aonfhoirmeacht na faisnéise atá ar fáil d'fhaighteoirí seirbhísí meán a neartú agus a ráthú tuilleadh***.

Treoir (AE) 2015/8[49] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lgh. 73-117).

Treoir (AE) 2015/8[49] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lgh. 73-117).

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19 a) Is réamhchoinníoll í trédhearcacht úinéireacht na meán chun tuiscint níos iomláine a fháil ar úinéireacht na meán san Eoraip agus tá iolrachas na meán éifeachtach dá bharr. Fónann bunachar sonraí d'úinéireacht na meán mar ionad ilfhreastail do shaoránaigh agus do gheallsealbhóirí eile le faisnéis ina mapáiltear na struchtúir úinéireachta sa mhargadh agus is acmhainn luachmhar é do shaoránaigh agus do réimse leathan geallsealbhóirí, ach is dúshlán fós é an fhaisnéis sin a bhailiú ar bhealach cuimsitheach. Dá bhrí sin, glacann na Ballstáit agus an Bord páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí bailithe, nuashonraithe agus scaipthe faisnéise a bhaineann le saincheisteanna i ndáil le húinéireacht na

meán.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Éilítear le hionracas na meán freisin cur chuige réamhghníomhach chun neamhspleáchas eagarthóireachta ag cuideachtaí meán nuachta a chur chun cinn, go háirithe trí chosaintí inmheánacha. Ba cheart do sholáthraithe ***seirbhísí*** meán bearta comhréireacha a ghlacadh chun a ráthú, a luaithe a bheidh an líne eagarthóireachta fhoriomlán comhaontaithe idir a n-úinéirí agus ***a*** n-eagarthóirí***, go mbeidh saoirse ag na heagarthóirí*** cinntí aonair a dhéanamh le linn a ***ngníomhaíochtaí*** gairmiúla. An cuspóir go gcosnófar ***eagarthóirí*** ar chur isteach míchuí ***ar na cinntí a dhéanann siad maidir le píosaí sonracha ábhair mar chuid dá gcuid oibre laethúla***, cuidíonn sé le cothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach le haghaidh seirbhísí meán agus le cáilíocht na seirbhísí sin a áirithiú. Tá an cuspóir sin i gcomhréir leis an gceart bunúsach freisin faisnéis a fháil agus a thabhairt faoi Airteagal 11 den Chairt. I bhfianaise na mbreithnithe sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhíse meán trédhearcacht coinbhleachtaí leasa iarbhír nó féideartha a áirithiú dá bhfaighteoirí seirbhíse.	(20) Éilítear le hionracas na meán freisin cur chuige réamhghníomhach chun neamhspleáchas eagarthóireachta ag cuideachtaí meán nuachta a chur chun cinn, go háirithe trí chosaintí inmheánacha. Ba cheart do sholáthraithe ***seirbhíse*** meán ***na*** bearta comhréireacha a ghlacadh ***a mheasann siad a bheith iomchuí, ar bhealach féinrialála,*** chun a ráthú, a luaithe a bheidh an líne eagarthóireachta fhoriomlán comhaontaithe idir a n-úinéirí***, geallsealbhóirí ábhartha amhail foilsitheoirí, eagarthóirí*** agus ***príomheagarthóirí, saoirse na*** n-eagarthóirí cinntí aonair a dhéanamh le linn a ***ngníomhaíochta*** gairmiúla. ***Ba cheart é sin a dhéanamh gan dochar don deis atá ag úinéirí nó ag eintitis atá faoi dhliteanas dlíthiúil dul i gcomhairle le heagarthóirí agus le príomheagarthóirí, agus na cinntí eagarthóireachta á ndéanamh acu. Chun neamhspleáchas eagarthóireachta a ráthú, níor cheart d'aon úinéir ná bainisteoir corparáideach eile cur isteach go míchuí ar obair eagarthóirí agus príomheagarthóirí amhail trí ábhar a chur leis nó a bhaint anuas sula gcuirtear ar fáil don phobal é.*** An cuspóir go gcosnófar ***cinntí eagarthóireachta*** ar chur isteach míchuí ***ó úinéirí nó ó bhainistíocht cuideachtaí eile***, cuidíonn sé le cothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach le haghaidh seirbhísí meán agus le cáilíocht na seirbhísí sin a áirithiú. Tá an cuspóir sin i gcomhréir leis an gceart bunúsach freisin faisnéis a fháil agus a thabhairt faoi Airteagal 11 den Chairt. I bhfianaise na mbreithnithe sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhíse meán

trédhearcacht coinbhleachtaí leasa iarbhír nó féideartha a áirithiú ***freisin, lena n-áirítear go háirithe leasanna gnó agus cleamhnachtaí polaitiúla,*** dá bhfaighteoirí seirbhíse. ***Níor cheart go ndéanfadh sé sin difear do cheart an úinéara seasamh eagarthóireachta rialaithe a bheith aige freisin, líne eagarthóireachta a shocrú agus a athrú agus foireann agus eagrúchán foirne eagarthóireachta a chinneadh.***

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) ***Chun ualaí rialála a mhaolú,*** ba cheart ***micreafhiontair de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] a dhíolmhú ó na ceanglais a bhaineann le faisnéis agus le cosaintí inmheánacha d'fhonn neamhspleáchas cinntí eagarthóireachta aonair a ráthú. Thairis sin, ba cheart*** saoirse a bheith ag na soláthraithe seirbhísí meán na coimircí inmheánacha a oiriúnú dá riachtanais, go háirithe más fiontair bheaga agus mheánmhéide iad de réir bhrí an Airteagail sin. Soláthraítear leis an Moladh a ghabhann leis an Rialachán[51] sin catalóg de choimircí inmheánacha deonacha is féidir a ghlacadh laistigh de chuideachtaí meán i dtaca leis sin. Níor cheart an Rialachán sin a fhorléiriú chun go mbainfeadh sé d'úinéirí soláthraithe seirbhísí meán príobháideacha a sainchumas spriocanna straitéiseacha nó ginearálta a shocrú agus chun fás agus inmharthanacht airgeadais a ngnóthas a chothú. I ndáil leis sin, aithnítear sa Rialachán sin gur gá an sprioc maidir le neamhspleáchas eagarthóireachta a chothú a réiteach le cearta agus leasanna dlisteanacha úinéirí meán príobháideacha.	(21) Ba cheart saoirse a bheith ag na soláthraithe seirbhísí meán na coimircí inmheánacha a oiriúnú dá riachtanais, go háirithe más fiontair bheaga agus mheánmhéide iad de réir bhrí an Airteagail sin. Soláthraítear leis an Moladh a ghabhann leis an Rialachán[51] sin catalóg de choimircí inmheánacha deonacha is féidir a ghlacadh laistigh de chuideachtaí meán i dtaca leis sin. Níor cheart an Rialachán sin a fhorléiriú chun go mbainfeadh sé d'úinéirí soláthraithe seirbhísí meán príobháideacha a sainchumas spriocanna straitéiseacha nó ginearálta a shocrú agus chun fás agus inmharthanacht airgeadais a ngnóthas a chothú. I ndáil leis sin, aithnítear sa Rialachán sin gur gá an sprioc maidir le neamhspleáchas eagarthóireachta a chothú a réiteach le cearta agus leasanna dlisteanacha úinéirí meán príobháideacha.

[50] ***Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lgh. 19-76).***

[51] IO C , , lch. .

[50] ***scriosta***

[51] IO C , , lch. .

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Tá údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta neamhspleácha ríthábhachtach ***chun dlí*** na meán ***a*** chur i bhfeidhm ***i gceart*** ar fud an Aontais. Tá údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta neamhspleácha lárnach chun dlí na meán a chur i bhfeidhm i gceart ar fud an Aontais..Is iad na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE is fearr chun cur i bhfeidhm ceart na gceanglas a bhaineann le comhar rialála agus margadh dea-fheidhmiúil le haghaidh seirbhísí meán, a bheartaítear le Caibidil III den Rialachán sin, a áirithiú. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin sin agus dlí eile an Aontais maidir leis na meáin a áirithiú, is gá comhlacht comhairleach neamhspleách a bhunú ar leibhéal an Aontais lena mbailítear na húdaráis nó na comhlachtaí sin agus lena gcomhordaítear a ngníomhaíochtaí. Bhí Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA), a bunaíodh le Treoir 2010/13/AE,	(22) Tá údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta neamhspleácha ríthábhachtach ***d'iolrachas*** na meán ***agus do shaoirse na meán agus do*** chur i bhfeidhm ***cuí dhlí na meán*** ar fud an Aontais. Tá údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta neamhspleácha lárnach chun dlí na meán a chur i bhfeidhm i gceart ar fud an Aontais..Is iad na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE is fearr chun cur i bhfeidhm ceart na gceanglas a bhaineann le comhar rialála agus margadh dea-fheidhmiúil le haghaidh seirbhísí meán, a bheartaítear le Caibidil III den Rialachán sin, a áirithiú. ***Is iad na príomhfhorfheidhmitheoirí agus príomhchaomhnóirí shaoirse agus iolrachas na meán ar an leibhéal náisiúnta. Mar údaráis rialála neamhspleácha, ba cheart dóibh a bheith in ann a dtosaíochtaí féin a shocrú faoi threoir an leasa ghinearálta maidir le hiolrachas agus saoirse na meán a chosaint agus cinneadh neamhspleách a***

ríthábhachtach chun cur chun feidhme comhsheasmhach na Treorach sin a chur chun cinn. Dá bhrí sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Sheirbhísí Meán ('an Bord') cur le ERGA agus é a ionadú. Chuige sin, is gá leasú spriocdhírithe a dhéanamh ar Threoir 2010/13/AE chun Airteagal 30b de, lena mbunaítear ERGA, a scriosadh, agus chun tagairtí do ERGA agus dá cúraimí a ionadú mar thoradh ar sin. Tá bonn cirt leis an leasú ar Threoir 2010/13/AE leis an Rialachán sin sa chás seo toisc go bhfuil sé teoranta d'fhoráil nach gá do na Ballstáit a thrasuí agus atá dírithe ar institiúidí an Aontais.

dhéanamh maidir le leithdháileadh a n-acmhainní. Ba cheart go n-urramódh lena gcinntí an Chairt Eorpach um Chearta Bunúsacha, go háirithe Airteagal 11 di. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin sin agus dlí eile an Aontais maidir leis na meáin a áirithiú, is gá comhlacht comhairleach neamhspleách a bhunú ar leibhéal an Aontais lena mbailítear na húdaráis nó na comhlachtaí sin agus lena gcomhordaítear a ngníomhaíochtaí. Bhí Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA), a bunaíodh le Treoir 2010/13/AE, ríthábhachtach chun cur chun feidhme comhsheasmhach na Treorach sin a chur chun cinn. Dá bhrí sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Sheirbhísí Meán ('an Bord') cur le ERGA agus é a ionadú. Chuige sin, is gá leasú spriocdhírithe a dhéanamh ar Threoir 2010/13/AE chun Airteagal 30b de, lena mbunaítear ERGA, a scriosadh, agus chun tagairtí do ERGA agus dá cúraimí a ionadú mar thoradh ar sin. Tá bonn cirt leis an leasú ar Threoir 2010/13/AE leis an Rialachán sin sa chás seo toisc go bhfuil sé teoranta d'fhoráil nach gá do na Ballstáit a thrasuí agus atá dírithe ar institiúidí an Aontais. ***Ós rud é nach mbíonn preasfhoilseacháin faoi réir maoirseacht rialála go traidisiúnta, ba cheart an idirghníomhaíocht idir preasfhoilseacháin agus na húdaráis rialála náisiúnta a shuíonn ar an mBord a theorannú go docht don chuspóir atá le Caibidil III den Rialachán sin a chur chun feidhme. Tuigfear gurb é atá i gceist le 'seirbhís meán' aon seirbhís meán cé is moite de sheirbhísí meán a sholáthraíonn preasfhoilseacháin, mura sonraítear a mhalairt.***

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22 a) I bhfianaise thábhacht agus chineál fairsing na gcúraimí nua a thugtar d'údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta neamhspleácha leis an Rialachán sin, go díreach nó go hindíreach, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar acmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta a mhéadú go leormhaith agus go leordhóthanach. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfadh na Ballstáit úsáid a bhaint as acmhainní náisiúnta a thagann ó cheantáil an speictrim, ón díbhinn dhigiteach nó ó thobhach a thabhairt isteach ar eintitis rialáilte. Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis an méadú ar acmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla a chur ar fáil don Choimisiún freisin. Thairis sin, faoi chuimsiú na feidhme poiblí is infheidhme, agus na rialachán buiséadach, ba cheart údarás iomlán a bheith ag an Údarás Rialála Náisiúnta ar earcú agus ar bhainistiú na foirne, agus ba cheart iad a fhostú faoi rialacha soiléire trédhearcacha. Ba cheart go n-áireofaí leis an gcumas thar bhainistiú na foirne neamhspleáchas chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an bpróifíl, an cháilíocht, an saineolas agus gnéithe eile acmhainní daonna is gá, lena n-áirítear tuarastal agus athdháileadh, le neamhspleáchas ó chomhlachtaí poiblí eile. Ba cheart go mbeadh uathriail iomlán agus rialú cinnteoireachta iomlán ag an Údarás Rialála Náisiúnta maidir le bainistiú struchtúir inmheánaigh, eagrúcháin, agus nósanna imeachta chun a ndualgais a chomhlíonadh go héifeachtach agus chun a gcumhachtaí a fheidhmiú go héifeachtach. Gan dochar do rialacha agus do nósanna imeachta buiséadacha náisiúnta, ba cheart buiséad bliantúil ar leith a bheith leithdháilte ag na hÚdaráis Rialála Náisiúnta. Ba cheart

	do na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar neamhspleáchas iomlán do na húdaráis náisiúnta maidir le caiteachas an bhuiséid leithdháilte chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Ba cheart aon rialú ar bhuiséad na nÚdarás Rialála Náisiúnta a fheidhmiú ar bhealach trédhearcach. Ba cheart go mbeadh rialú ex post ag iniúchóir neamhspleách ar chuntais bhliantúla na nÚdarás rialála, agus ba cheart iad a phoibliú.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22 b) Seasann údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta arna mbunú i gcomhréir le Treoir 2010/13/AE le bunachar sonraí úinéireachta na meán chun leas an phobail a áirithiú toisc go gcabhraíonn na meáin le tuairimí an phobail agus go bhfuil tionchar díreach acu ar thoradh na dtoghchán. Cuireann an Coimisiún treoir ar fáil maidir le bearta náisiúnta arna nglacadh faoi Airteagal 5(2) de Threoir 2010/13/AE d'fhonn a áirithiú go mbeadh faisnéis inrochtana chruinn chothrom le dáta a bhaineann le húinéireacht na meán ar fáil go poiblí. Agus a threoirlínte á n-ullmhú acu, ba cheart don Bhord cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart don Bhord, go háirithe, a shaineolas rialála, teicniúil agus praiticiúil maidir leis na réimsí agus na topaicí a chumhdaítear leis na treoirlínte faoi seach a chomhroinnt leis an gCoimisiún.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22 c) I gcás ina bhfuil easpa cinnteachta san fhaisnéis a chuireann údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta ar fáil, nó saineolaithe, ionadaithe na sochaí sibhialta nó eagraíochtaí iriseoireachta, féadfaidh an Bord tuilleadh faisnéise a iarraidh ar sholáthraithe seirbhíse meán, lena n-áirítear maidir le haon tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar a oibriú, a líne ghinearálta eagarthóireachta agus cinnteoireacht straitéiseach ó fhógróirí, urraitheoirí, deontóirí de chineál príobháideach nó tráchtála nó páirtithe polaitiúla a sholáthraíonn luach saothair nó acmhainní airgeadais don soláthraí seirbhíse meán.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Ba cheart don Bhord ionadaithe sinsearacha ó na húdaráis rialála náisiúnta nó ó na comhlachtaí rialála náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE, arna gceapadh ag na húdaráis nó na comhlachtaí sin, a thabhairt le chéile. I gcásanna ina bhfuil roinnt údarás nó comhlachtaí rialála ábhartha ag na Ballstáit, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach, ba cheart ionadaí comhpháirteach a roghnú trí nósanna imeachta iomchuí agus ba cheart leanúint den cheart vótála a theorannú d'aon ionadaí amháin in aghaidh an Bhallstáit. Níor cheart go ndéanfadh sé sin difear don fhéidearthacht atá ag na húdaráis nó ***na*** comhlachtaí rialála náisiúnta eile a bheith rannpháirteach, de réir mar is iomchuí, i gcruinnithe an Bhoird. Ba cheart an deis a bheith ag an mBord freisin cuireadh a thabhairt freastal ar a chruinnithe, i	(23) Ba cheart don Bhord ionadaithe sinsearacha ó na húdaráis rialála náisiúnta nó ó na comhlachtaí rialála náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE, arna gceapadh ag na húdaráis nó na comhlachtaí sin, a thabhairt le chéile. I gcásanna ina bhfuil roinnt údarás nó comhlachtaí rialála ábhartha ag na Ballstáit, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach, ba cheart ionadaí comhpháirteach a roghnú trí nósanna imeachta iomchuí agus ba cheart leanúint den cheart vótála a theorannú d'aon ionadaí amháin in aghaidh an Bhallstáit. Níor cheart go ndéanfadh sé sin difear don fhéidearthacht atá ag na húdaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta eile ***nó, i gcás inarb infheidhme, ionadaí coiteann ar chórais féinrialála nó comhrialála*** a bheith rannpháirteach, de réir mar is iomchuí, i gcruinnithe an Bhoird. Ba cheart

gcomhaontú leis an gCoimisiún, le saineolaithe agus ***breathnóirí, lena*** n-áirítear go háirithe údaráis nó comhlachtaí rialála ó thíortha is iarrthóirí, ó thíortha is iarrthóirí ionchasacha, ó thíortha LEE, nó ó thoscairí ad hoc ó údaráis náisiúnta inniúla eile. I ngeall ar íogaireacht earnáil na meán agus de réir chleachtas chinntí ERGA i gcomhréir lena rialacha nós imeachta, ba cheart don Bhord a chinntí a ghlacadh ar bhonn tromlach dhá thrian de na vótaí.

an deis a bheith ag an mBord freisin cuireadh a thabhairt freastal ar a chruinnithe, ***ar a shaineolaithe agus ar a bhreathnóirí atá bunaithe laistigh den Aontas.*** I ***gcás ina bhfuil na*** saineolaithe ***sin bunaithe lasmuigh den Aontas*** agus ***ina*** n-áirítear go háirithe údaráis nó comhlachtaí rialála ó thíortha is iarrthóirí, ó thíortha is iarrthóirí ionchasacha, ó thíortha LEE, nó ó thoscairí ad hoc ó údaráis náisiúnta inniúla eile***, níor cheart na cinntí sin a dhéanamh ach amháin i gcomhaontú leis an gCoimisiún***. I ngeall ar íogaireacht earnáil na meán agus de réir chleachtas chinntí ERGA i gcomhréir lena rialacha nós imeachta, ba cheart don Bhord a chinntí a ghlacadh ar bhonn tromlach dhá thrian de na vótaí. ***Ba cheart Cathaoirleach agus ceathrar Leas-Chathaoirleach ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Bhoird. Ba cheart prionsabal na cothromaíochta geografaí a chur san áireamh agus an Cathaoirleach agus na Leas-Chathaoirligh á dtoghadh.***

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23 a) Agus é á chur san áireamh go bhfuil comhaltaí an Bhoird ina n-ionadaithe ar údaráis agus comhlachtaí rialála closamhairc náisiúnta agus ós rud é nach mbíonn na preasfhoilseacháin ná an earnáil fuaime faoi réir maoirseacht rialála go traidisiúnta, nuair a bhaineann a phlé nó a chinntí le hearnáil na meán neamh-chlosamhairc, ba cheart don Bhord dul i gcomhairle le comhlacht neamhspleách saineolaithe, a dhéanann ionadaíocht ar earnáil na meán neamh-chlosamhairc, agus comhairle a ghlacadh uathu. Chun na críche sin, ba cheart don Bhord Sainghrúpa Neamh-Chlosamhairc na Meán a bhunú. Ba cheart go mbeadh

	roinnt saineolaithe meán neamh-chlosamhairc sa Sainghrúpa mar a leagfar síos i Rialacha Nós Imeachta an Bhoird. Ba cheart go mbeadh comhaltaí ó gach Ballstát, chomh maith le roinnt ionadaithe ó eagraíochtaí in earnáil na meán san Eoraip rannpháirteach sa Sainghrúpa. Ba cheart na hionadaithe sin a bheith ina gcomhaltaí de chomhlachtaí féinrialála, den tsochaí shibhialta san earnáil meán nó d'eagraíochtaí iriseoireachta, nó geallsealbhóirí ábhartha eile d'earnáil na meán amhail foilsitheoirí, fógróirí, nó acadóirí.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Gan dochar do na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún leis na Conarthaí, tá sé fíor-riachtanach go n-oibreoidh an Coimisiún agus an Bord agus go n-oibreoidh siad i ndlúthchomhar le chéile. Go háirithe, ba cheart don Bhord tacú go gníomhach leis an gCoimisiún ina chúraimí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin sin agus na rialacha náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2010/13/AE chun feidhme a áirithiú. Chun na críche sin, ba cheart don Bhord, go háirithe, comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le gnéithe rialála, teicniúla nó praiticiúla a bhaineann le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm, comhar agus malartú éifeachtach faisnéise, taithí agus dea-chleachtas a chur chun cinn agus tuairimí a tharraingt suas ***i gcomhaontú leis*** an gCoimisiún nó arna iarraidh sin ***dó*** sna cásanna a bheartaítear leis an Rialachán sin. Chun a chúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach, ba cheart an Bord a bheith in ann brath ar shaineolas agus ar acmhainní daonna rúnaíochta ***arna soláthar ag an***	(24) Gan dochar do na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún leis na Conarthaí, tá sé fíor-riachtanach go n-oibreoidh an Coimisiún agus an Bord agus go n-oibreoidh siad i ndlúthchomhar le chéile. Go háirithe, ba cheart don Bhord tacú go gníomhach leis an gCoimisiún ina chúraimí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin sin agus na rialacha náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2010/13/AE chun feidhme a áirithiú. Chun na críche sin, ba cheart don Bhord, go háirithe, comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le gnéithe rialála, teicniúla nó praiticiúla a bhaineann le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm, comhar agus malartú éifeachtach faisnéise, taithí agus dea-chleachtas a chur chun cinn agus tuairimí a tharraingt suas ***ar a thionscnamh féin, arna iarraidh sin ag*** an gCoimisiún***,*** nó arna iarraidh sin ***ag Parlaimint na hEorpa*** sna cásanna a bheartaítear leis an Rialachán sin. Chun a chúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach ***agus go neamhspleách***, ba cheart an Bord a bheith

gCoimisiún. Ba cheart ***do*** rúnaíocht ***an Choimisiúin*** tacaíocht riaracháin agus eagraíochtúil a chur ar fáil don Bhord, agus cuidiú leis an mBord a chúraimí a chur i gcrích.

in ann brath ar shaineolas agus ar acmhainní daonna rúnaíochta ***neamhspleáiche***. Ba cheart ***don*** rúnaíocht tacaíocht riaracháin agus eagraíochtúil a chur ar fáil don Bhord, agus cuidiú leis an mBord a chúraimí a chur i gcrích. ***Ba cheart dóthain acmhainní buiséadacha agus daonna a chur ar fáil don rúnaíocht. Ba cheart an saineolas agus na hacmhainní is gá a bheith ag an mBord chun a thuairim a thabhairt i gcásanna ina bhfaigheann sé go mbaintear an bonn go córasach ó shaoirse agus iolrachas na meán, nó ó neamhspleáchas eagarthóireachta i mBallstát trí bhearta náisiúnta an Bhallstáit faoi seach nó trí chinntí a Údaráis nó a chomhlachta rialála náisiúnta, nó de bharr cúiseanna eile. Ina thuairimí, ba cheart don Bhord aird chuí a thabhairt ar fhoinsí éagsúla faisnéise, go háirithe cinntí an Údaráis Rialála Náisiúnta nó an chomhlachta lena mbaineann, aighneachtaí ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ó fhoinsí eile atá ar fáil lena n-áirítear torthaí Thuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin maidir leis an Smacht Reachta nó torthaí ionstraimí faireacháin ar iolrachas na meán. A mhéid is gá chun na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán sin a bhaint amach agus chun a chúraimí a chur i gcrích, agus gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát agus institiúidí an Aontais, féadfaidh an Bord, i gcomhairle leis an gCoimisiún, comhoibriú le comhlachtaí inniúla, oifigí, gníomhaireachtaí agus grúpaí comhairleacha de chuid an Aontais, le húdaráis inniúla tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Chuige sin, féadfaidh an Bord, tar éis dó réamhúdarú a fháil ón gCoimisiún, socruithe oibre a bhunú.***

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Chun forfheidhmiú éifeachtach dhlí an Aontais maidir leis na meáin a áirithiú, chun cosc a chur ar sholáthraithe seirbhísí meán bradacha teacht timpeall ar na rialacha meán is infheidhme, agus chun nach dtiocfaidh méadú ar bhacainní breise sa mhargadh inmheánach le haghaidh seirbhísí meán, tá sé ríthábhachtach foráil a dhéanamh maidir le creat soiléir, ceangailteach ó thaobh dlí d'údaráis rialála náisiúnta nó do chomhlachtaí rialála náisiúnta chun comhoibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil.	(26) ***In 2020, ghlac Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí na Meán Closamhairc Meabhrán Tuisceana, creat deonach le haghaidh comhair*** chun forfheidhmiú ***trasteorann rialacha na meán maidir le seirbhísí meán closamhairc agus ardáin comhroinnte físeán a neartú. Ag cur leis an gcreat deonach sin, chun forfheidhmiú cuimsitheach agus*** éifeachtach dhlí an Aontais maidir leis na meáin a áirithiú, chun cosc a chur ar sholáthraithe seirbhísí meán bradacha teacht timpeall ar na rialacha meán is infheidhme, agus chun nach dtiocfaidh méadú ar bhacainní breise sa mhargadh inmheánach le haghaidh seirbhísí meán, tá sé ríthábhachtach foráil a dhéanamh maidir le creat soiléir, ceangailteach ó thaobh dlí d'údaráis rialála náisiúnta nó do chomhlachtaí rialála náisiúnta chun comhoibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Mar gheall ar chineál uile-Eorpach na n-ardán comhroinnte físeán, ní mór d'údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta uirlis thiomnaithe a bheith acu chun lucht féachana seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a chosaint ó inneachar neamhdhleathach agus díobhálach áirithe, lena n-áirítear cumarsáid tráchtála. Go háirithe, tá gá le sásra chun ligean d'aon údarás nó comhlacht rialála náisiúnta ábhartha a iarraidh ar a phiaraí gníomhaíochtaí riachtanacha agus comhréireacha a dhéanamh chun	(27) Mar gheall ar chineál uile-Eorpach na n-ardán comhroinnte físeán, ní mór d'údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta uirlis thiomnaithe a bheith acu chun lucht féachana seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a chosaint ó inneachar neamhdhleathach agus díobhálach áirithe, lena n-áirítear cumarsáid tráchtála. Go háirithe, ***agus gan dochar do phrionsabal na tíre tionscnaimh,*** tá gá le sásra chun ligean d'aon údarás nó comhlacht rialála náisiúnta ábhartha a iarraidh ar a phiaraí gníomhaíochtaí riachtanacha agus

forfheidhmiú na n-oibleagáidí faoin Airteagal sin ag soláthraithe ardáin comhroinnte físeán a áirithiú. I gcás nach mbeidh réiteach cairdiúil mar thoradh ar úsáid an tsásra sin, ní féidir srian a chur leis an tsaoirse chun seirbhísí na sochaí faisnéise a sholáthar ó Bhallstát eile ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Threoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53] agus má leantar an nós imeachta a leagtar amach ann.

comhréireacha a dhéanamh chun forfheidhmiú na n-oibleagáidí faoin Airteagal sin ag soláthraithe ardáin comhroinnte físeán a áirithiú. I gcás nach mbeidh réiteach cairdiúil mar thoradh ar úsáid an tsásra sin, ní féidir srian a chur leis an tsaoirse chun seirbhísí na sochaí faisnéise a sholáthar ó Bhallstát eile ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Threoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53] agus má leantar an nós imeachta a leagtar amach ann.

---

[53]Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (‘an Treoir maidir le trádáil leictreonach’) (IO L 178, 17.7.2000, lgh. 1-16).

[53]Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (‘an Treoir maidir le trádáil leictreonach’) (IO L 178, 17.7.2000, lgh. 1-16).

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(28) Tá sé bunriachtanach ***cleachtas rialála comhsheasmhach*** a áirithiú ***maidir leis an Rialachán sin agus Treoir 2010/13/AE***. Chun na críche sin, agus chun rannchuidiú le cur chun feidhme cóineasaithe dhlí an Aontais maidir leis na meáin a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a eisiúint maidir le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán sin agus le Treoir 2010/13/AE araon nuair is gá. Agus cinneadh á dhéanamh treoirlínte a eisiúint, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh go háirithe ar shaincheisteanna rialála a dhéanann difear do líon suntasach Ballstát nó dóibh siúd a bhfuil gné thrasteorann acu. Is amhlaidh atá go

Leasú

(28) Tá sé bunriachtanach ***cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin sin agus Threoir 2010/13/AE*** a áirithiú. Chun na críche sin, agus chun rannchuidiú le cur chun feidhme cóineasaithe dhlí an Aontais maidir leis na meáin a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a eisiúint maidir le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán sin agus le Treoir 2010/13/AE araon nuair is gá. Agus cinneadh á dhéanamh treoirlínte a eisiúint, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh go háirithe ar shaincheisteanna rialála a dhéanann difear do líon suntasach Ballstát nó dóibh siúd a bhfuil gné thrasteorann acu. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás beart

háirithe i gcás beart náisiúnta arna nglacadh faoi Airteagal 7a de Threoir 2010/13/AE maidir le suntasacht iomchuí seirbhísí meán closamhairc leasa ghinearálta. I bhfianaise fhlúirse na faisnéise agus úsáid mhéadaitheach na modhanna digiteacha chun rochtain a fháil ar na meáin, tá sé tábhachtach suntasacht a áirithiú d'ábhar leasa ghinearálta, chun cothrom na Féinne a bhaint amach sa mhargadh inmheánach agus chun an ceart bunúsach chun faisnéis a fháil faoi Airteagal 11 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh. I bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta náisiúnta arna nglacadh faoi Airteagal 7a ar fheidhmiú mhargadh inmheánach na meán, bheadh treoirlínte ón gCoimisiún tábhachtach chun deimhneacht dhlíthiúil a bhaint amach sa réimse sin. ***Bheadh sé úsáideach freisin treoir a chur ar fáil maidir le bearta náisiúnta arna nglacadh faoi Airteagal 5(2) de Threoir 2010/13/AE d'fhonn a áirithiú go mbeadh faisnéis inrochtana chruinn chothrom le dáta a bhaineann le húinéireacht na meán ar fáil go poiblí. Agus a threoirlínte á n-ullmhú acu, ba cheart don Bhord cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart don Bhord, go háirithe, a shaineolas rialála, teicniúil agus praiticiúil maidir leis na réimsí agus na topaicí a chumhdaítear leis na treoirlínte faoi seach a chomhroinnt leis an gCoimisiún.***	náisiúnta arna nglacadh faoi Airteagal 7a de Threoir 2010/13/AE maidir le suntasacht iomchuí seirbhísí meán closamhairc leasa ghinearálta. I bhfianaise fhlúirse na faisnéise agus úsáid mhéadaitheach na modhanna digiteacha chun rochtain a fháil ar na meáin, tá sé tábhachtach suntasacht a áirithiú d'ábhar leasa ghinearálta, chun cothrom na Féinne a bhaint amach sa mhargadh inmheánach agus chun an ceart bunúsach chun faisnéis a fháil faoi Airteagal 11 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh. I bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta náisiúnta arna nglacadh faoi Airteagal 7a ar fheidhmiú mhargadh inmheánach na meán, bheadh treoirlínte ón gCoimisiún tábhachtach chun deimhneacht dhlíthiúil a bhaint amach sa réimse sin.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Tá saineolas praiticiúil sonrach ag na húdaráis rialála nó ag na comhlachtaí rialála dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE a chuireann ar a gcumas cothromaíocht éifeachtach a bhaint	(30) Tá saineolas praiticiúil sonrach ag na húdaráis rialála ***náisiúnta*** nó ag na comhlachtaí rialála dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE a chuireann ar a gcumas cothromaíocht

amach idir leasanna soláthraithe agus faighteoirí seirbhísí meán, agus urraim don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh á háirithiú an tráth céanna. Tá sé sin ríthábhachtach go háirithe maidir leis an margadh inmheánach a chosaint ar ghníomhaíochtaí soláthraithe seirbhíse meán atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a dhíríonn ***ar phobail meán*** san Aontas i gcás ***ina bhféadfaidís***, inter alia***,*** i bhfianaise an rialaithe a d'fhéadfadh tríú tíortha a fheidhmiú orthu, dochar a dhéanamh don tslándáil phoiblí agus don ***chosaint*** nó a ***bheith ina mbaol dochair dóibh***. I ndáil leis sin, ní mór an comhordú idir údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta chun aghaidh a thabhairt le chéile ar bhagairtí féideartha slándála poiblí agus cosanta a eascraíonn as na seirbhísí meán sin a neartú agus creat dlíthiúil a thabhairt chun éifeachtacht agus comhordú féideartha na mbeart náisiúnta arna nglacadh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir leis na meáin a áirithiú. Chun a áirithiú nach leanfar de sheirbhísí meán a chuirtear ar fionraí i mBallstáit áirithe faoi Airteagal 3(3) agus Airteagal 3(5) de Threoir 2010/13/AE a sholáthar trí shatailít nó ar mhodh eile sna Ballstáit sin, ba cheart sásra um chomhar agus cúnamh frithpháirteach brostaithe a bheith ar fáil freisin chun 'effet utile' na mbeart náisiúnta ábhartha a ráthú, i gcomhréir le dlí an Aontais. Ina theannta sin, is gá comhordú a dhéanamh ar na bearta náisiúnta a d'fhéadfaí a ghlacadh chun bagairtí slándála poiblí agus cosanta ***a chomhrac*** ag seirbhísí meán ***atá bunaithe*** lasmuigh den Aontas agus atá dírithe ar ***phobail meán*** san Aontas, lena n-áirítear an deis a bheith ag an mBord***, i gcomhaontú leis an gCoimisiún,*** tuairimí a eisiúint maidir leis na bearta sin, de réir mar is iomchuí. I ndáil leis an méid sin, ní mór na rioscaí don tslándáil phoiblí agus don chosaint a mheasúnú i bhfianaise na ngnéithe fíorasacha agus dlíthiúla ábhartha uile, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. Tá an méid sin gan éifeachtach a bhaint amach idir leasanna soláthraithe agus faighteoirí seirbhísí meán, agus urraim don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh á háirithiú an tráth céanna. Tá sé sin ríthábhachtach go háirithe maidir leis an margadh inmheánach a chosaint ar ghníomhaíochtaí soláthraithe seirbhíse meán atá bunaithe ***nó de thionscnamh gníomhaithe stáit agus neamhstáit ó*** lasmuigh den Aontas***, atá cistithe nó faoi úinéireacht gníomhaithe stáit*** agus ***neamhstáit ó lasmuigh den Aontas ach atá faoi dhlínse Ballstáit de chuid an Aontais trí chritéir shatailíte Threoir 2010/13/AE nó atá bunaithe in AE) beag beann ar na modhanna dáileacháin nó rochtana,*** a dhíríonn ***nó a shroicheann pobal meáin*** san Aontas i gcás, inter alia i bhfianaise an rialaithe a d'fhéadfadh tríú tíortha a fheidhmiú orthu, ***go bhféadfaidís*** dochar a dhéanamh don tslándáil ***agus don chosaint náisiúnta agus*** phoiblí agus don ***tsláinte phoiblí,*** nó ***go bhfuil baol ann maidir le gríosú chun foréigin, fuath nó gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta*** a ***chur chun cinn, lena n-áirítear gníomhartha sceimhlitheoireachta***. I ndáil leis sin, ní mór an comhordú idir údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta chun aghaidh a thabhairt le chéile ar bhagairtí féideartha slándála poiblí agus cosanta a eascraíonn as na seirbhísí meán sin a neartú agus creat dlíthiúil a thabhairt chun éifeachtacht agus comhordú féideartha na mbeart náisiúnta arna nglacadh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir leis na meáin a áirithiú. Chun a áirithiú nach leanfar de sheirbhísí meán a chuirtear ar fionraí i mBallstáit áirithe faoi Airteagal 3(3) agus Airteagal 3(5) de Threoir 2010/13/AE a sholáthar trí shatailít nó ar mhodh eile sna Ballstáit sin, ba cheart sásra um chomhar agus cúnamh frithpháirteach brostaithe a bheith ar fáil freisin chun 'effet utile' na mbeart náisiúnta ábhartha a ráthú, i gcomhréir le dlí an Aontais. Ina theannta sin, is gá comhordú a dhéanamh ar na bearta náisiúnta a d'fhéadfaí a ghlacadh chun ***cur i gcoinne*** bagairtí slándála

dochar d'inniúlacht an Aontais faoi Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

náisiúnta agus poiblí agus ***bagairtí*** cosanta ag seirbhísí meán ***arna mbunú nó arna dtionscnamh arna gcistiú nó faoi úinéireacht gníomhaithe stáit agus neamhstáit ó*** lasmuigh den Aontas agus atá dírithe ar ***pobal meáin*** san Aontas, lena n-áirítear an deis a bheith ag an mBord tuairimí a eisiúint maidir leis na bearta sin, ***ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin d'údarás rialála náisiúnta,*** de réir mar is iomchuí. I ndáil leis an méid sin, ní mór na rioscaí don tslándáil phoiblí agus don chosaint a mheasúnú i bhfianaise na ngnéithe fíorasacha agus dlíthiúla ábhartha uile, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. Tá an méid sin gan dochar d'inniúlacht an Aontais faoi Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(30 a) I gcás soláthraithe seirbhísí meán closamhairc atá faoi dhlínse Bhallstáit an Aontais de bhun Airteagal 2 de Threoir 2010/13/AE chun a áirithiú nach leanfar de sheirbhísí closamhairc meán a chuirtear ar fionraí i mBallstáit áirithe faoi Airteagal 3(3) agus Airteagal 3(5) de Threoir 2010/13/AE a sholáthar trí shatailít nó ar mhodh eile sna Ballstáit sin, ba cheart sásra um chomhar agus cúnamh frithpháirteach brostaithe, de bhun tuairim an Bhoird, a bheith ar fáil freisin chun 'effet utile' na mbeart náisiúnta ábhartha a ráthú, i gcomhréir le dlí an Aontais. Arna iarraidh sin don údarás nó don chomhlacht ó Bhallstát eile, d'fhéadfadh tuairim an Bhoird a iarraidh ar an údarás nó ar an gcomhlacht inniúil náisiúnta bearta áirithe a dhéanamh, i gcás ina gcruthaítear gurb ann do na na bagairtí

	thuasluaite agus go bhfuil dochar á dhéanamh acu nó go bhfuil baol tromchúiseach mór ann go ndéanfaí dochar leo do roinnt Ballstát nó don Aontas I ndáil leis an méid sin, ní mór na rioscaí don tslándáil phoiblí agus don chosaint a mheasúnú i bhfianaise na ngnéithe fíorasacha agus dlíthiúla ábhartha uile, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. Tá an méid sin gan dochar d'inniúlacht an Aontais faoi Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(30 b) Ós rud é nach féidir foráil a dhéanamh d'aon bhearta lena dteorannaítear saoirse na meán agus saoirse cainte ach amháin i gcásanna fíoreisceachtúla agus a bhfuil údar cuí leo, ba cheart na himpleachtaí don Bhord a theorannú don mhéid atá fíor-riachtanach agus i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha, dá bhrí sin, ba cheart iad a thionscnamh tar éis iarraidh a fháil ó líon íosta comhaltaí den Bhord atá le sainiú i Rialacha nós imeachta an Bhoird. A luaithe a ghlacfar iad, ba cheart do na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta lena mbaineann lánaird a thabhairt ar thuairimí an Bhoird.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(30 c) Chun comhleanúnachas na gcinntí a chothú agus chun comhar idir údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta a éascú faoi dheireadh, ba cheart don Bhord tacar bunchritéar a fhorbairt maidir leis na soláthraithe seirbhíse meán atá bunaithe nó de thionscnamh gníomhaithe stáit agus neamhstáit lasmuigh den Aontas nó de thionscnamh gníomhaithe stáit agus neamhstáit agus maidir leis an tseirbhís a sholáthraítear. Ba cheart d'údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta na critéir sin a úsáid nuair a lorgaíonn soláthraí seirbhíse meán de thionscnamh lasmuigh den Aontas dlínse i mBallstát, nó nuair a dhealraíonn sé go bhfuil rioscaí suntasacha tromchúiseacha ag baint le soláthraí seirbhíse meán atá faoi dhlínse Ballstáit cheana féin don tslándáil agus don chosaint náisiúnta. Ba cheart go gcumhdófaí leis na critéir inter alia ábhar, úinéireacht, struchtúir mhaoinithe, neamhspleáchas eagarthóireachta ó thríú tíortha nó cloí le sásra comhrialála nó féinrialála lena rialaítear caighdeáin eagarthóireachta i mBallstát amháin nó níos mó. Ba cheart go gcuirfeadh na critéir sin ar chumas na n-údarás nó na gcomhlachtaí ábhartha teacht isteach ar mhargadh an Aontais a shainaithint agus, más gá, iad a chosc, soláthraithe seirbhíse meán a shainaithint, ar soláthraithe iad lena ngabhann riosca suntasach tromchúiseach go ndéanfaí dochar don tslándáil phoiblí agus don chosaint phoiblí nó i gcás ina bhfuil gríosú chun foréigin nó fuatha nó briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh ina gcuid clár.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Feidhmíonn ardáin an-mhór ar líne do go leor úsáideoirí mar thairseach chun rochtain a fháil ar sheirbhísí meán. Tá ról tábhachtach ag soláthraithe seirbhíse meán a fheidhmíonn freagracht eagarthóireachta as a n-ábhar i ndáileadh faisnéise agus i bhfeidhmiú na saorála faisnéise ar líne. Agus an fhreagracht eagarthóireachta sin á feidhmiú acu, táthar ag súil go ngníomhóidh siad go dícheallach agus go gcuirfidh siad faisnéis ar fáil atá iontaofa agus urramach do chearta bunúsacha, i gcomhréir leis na ceanglais rialála ***nó*** féinrialála a bhfuil siad faoina réir sna Ballstáit. Dá bhrí sin, i bhfianaise shaoirse faisnéise úsáideoirí freisin, i gcás ina measann soláthraithe ardán an-mhór ar líne go bhfuil ***inneachar*** arna ***sholáthar*** ag na soláthraithe seirbhíse meán sin ar neamhréir lena dtéarmaí agus coinníollacha, cé nach bhfuil sé ag rannchuidiú le riosca sistéamach dá dtagraítear in ***Airteagal 26*** de Rialachán (AE) ***2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha]***, ba cheart dóibh breithniú cuí a dhéanamh ar shaoirse agus iolrachas na meán, i gcomhréir le Rialachán (AE) ***2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha]*** agus na mínithe is gá a sholáthar, a luaithe is féidir, do sholáthraithe seirbhíse meán mar úsáideoirí gnó sa ráiteas ar chúiseanna faoi Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54]. Chun tionchar aon srian ar an ***inneachar*** sin ar shaoirse faisnéise úsáideoirí a íoslaghdú, ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne ***féachaint leis*** an ráiteas ar chúiseanna a chur isteach ***sula ngabhfaidh éifeacht leis an srian*** gan dochar dá n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) ***2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha]***. Go háirithe, níor cheart cosc a chur leis an Rialachán sin ar sholáthraí ardáin an-mhór ar líne bearta	(31) Feidhmíonn ardáin an-mhór ar líne do go leor úsáideoirí mar thairseach chun rochtain a fháil ar sheirbhísí meán***, go háirithe agus rochtain ar fhaisnéis nuachta agus cúrsaí reatha á soláthar***. Tá ról tábhachtach ag soláthraithe seirbhíse meán a fheidhmíonn freagracht eagarthóireachta as a n-ábhar i ndáileadh faisnéise agus i bhfeidhmiú na saorála faisnéise ar líne. Agus an fhreagracht eagarthóireachta sin á feidhmiú acu, táthar ag súil go ngníomhóidh siad go dícheallach agus go gcuirfidh siad faisnéis ar fáil atá iontaofa agus urramach do chearta bunúsacha, i gcomhréir leis na ceanglais rialála ***agus leis na gealltanais*** féinrialála a bhfuil siad faoina réir sna Ballstáit. Dá bhrí sin, i bhfianaise shaoirse faisnéise úsáideoirí freisin, i gcás ina measann soláthraithe ardán an-mhór ar líne ***a thugann rochtain ar fhaisnéis nuachta agus cúrsaí reatha*** go bhfuil ***ábhar*** arna ***uaslódáil*** ag na soláthraithe seirbhíse meán sin ar neamhréir lena dtéarmaí agus coinníollacha, cé nach bhfuil sé ag rannchuidiú le riosca sistéamach dá dtagraítear in ***Airteagal 26*** de Rialachán (AE) ***2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]***, ba cheart dóibh breithniú cuí a dhéanamh ar shaoirse agus iolrachas na meán, i gcomhréir le Rialachán (AE) ***2022/2065*** agus na mínithe is gá a sholáthar, a luaithe is féidir, do sholáthraithe seirbhíse meán mar úsáideoirí gnó sa ráiteas ar chúiseanna faoi Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54]. Chun tionchar aon srian ar an ***ábhar*** sin ar shaoirse faisnéise úsáideoirí a íoslaghdú, ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne an ráiteas ***mionsonraithe*** ar chúiseanna a chur isteach gan ***moill mhíchuí agus gan*** dochar dá n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) ***2022/2065***. Go háirithe, níor cheart cosc a chur leis an

gasta a dhéanamh in aghaidh ábhar neamhdhleathach a scaiptear trína sheirbhís, ná chun rioscaí sistéamacha a mhaolú a bhaineann le scaipeadh ábhair áirithe trína sheirbhís, i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe de bhun Rialachán (AE) ***2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha]***.

Rialachán sin ar sholáthraí ardáin an-mhór ar líne bearta gasta a dhéanamh in aghaidh ábhar neamhdhleathach a scaiptear trína sheirbhís, ná chun rioscaí sistéamacha a mhaolú a bhaineann le scaipeadh ábhair áirithe trína sheirbhís, i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe de bhun Rialachán (AE) ***2022/2065***.

_____

_____

[1a] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

[54] Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne (IO L 186, 11.7.2019, lgh. 57-79).

[54] Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne (IO L 186, 11.7.2019, lgh. 57-79).

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(32) Ina theannta sin, i bhfianaise an tionchair dhearfaigh a mheastar a bheidh ar an tsaoirse seirbhísí a sholáthar agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, tá údar ***maith*** leis***, i gcás ina gcloíonn soláthraithe*** seirbhíse meán le caighdeáin rialála nó féinrialála áirithe, go gcaithfear le gearáin in aghaidh cinntí ó sholáthraithe ardán an-mhór ar líne ar bhonn tosaíochta agus gan moill mhíchuí.

Leasú

(32) Ina theannta sin, i bhfianaise an tionchair dhearfaigh a mheastar a bheidh ar an tsaoirse seirbhísí a sholáthar agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, tá údar ***cuí*** leis ***go gcloífidh gearáin in aghaidh ábhar a bhaint anuas gan údar a dhéanann comhlachtaí ionadaíocha de sholáthraithe*** seirbhíse meán le caighdeáin rialála nó féinrialála áirithe, go gcaithfear le gearáin ***dá gcuid*** in aghaidh cinntí ó sholáthraithe ardán an-mhór ar líne ar bhonn tosaíochta agus gan moill mhíchuí***, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2065***.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Chuige sin, ba cheart do sholáthraithe ***ardáin*** ar líne an-mhór feidhmiúlacht a sholáthar ar a gcomhéadan ar líne chun a chur ar ***chumas soláthraithe*** seirbhíse meán a dhearbhú go gcomhlíonann siad ceanglais áirithe, ***agus ag an am*** céanna an fhéidearthacht a choinneáil gan glacadh ***lena leithéid féindearbhú*** i gcás ina measann siad nach ***bhfuil*** na coinníollacha sin ***á gcomhlíonadh***. Féadfaidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne ***a bheith ag*** brath ar fhaisnéis maidir le cloí leis na ceanglais sin, amhail ***an*** caighdeán ***atá inléite ag meaisín de chuid*** an Tionscnaimh. ***D'fhéadfadh*** treoirlínte ***ón*** gCoimisiún a bheith úsáideach chun cur chun feidhme éifeachtach na feidhmiúlachta sin a éascú, lena n-áirítear maidir le módúlachtaí ***rannpháirtíocht eagraíochtaí ábhartha*** na sochaí sibhialta ***san*** athbhreithniú ***ar na dearbhuithe, maidir le*** dul i gcomhairle le rialtóir na tíre bunaíochta, i gcás inarb ábhartha, agus ***maidir le haon*** mhí-úsáid a d'***fhéadfaí a bhaint as*** an bhfeidhmiúlacht.	(33) Chuige sin, ba cheart do sholáthraithe ***ardán an-mhór*** ar líne ***agus innill chuardaigh*** an-mhór ***a thugann rochtain ar fhaisnéis nuachta agus cúrsaí reatha,*** feidhmiúlacht a sholáthar ar a gcomhéadan ar líne chun ***é*** a chur ar ***a gcumas do sholáthraithe*** seirbhíse meán a dhearbhú go gcomhlíonann siad ceanglais áirithe ***agus***, ***an tráth*** céanna***,*** an fhéidearthacht a choinneáil gan glacadh ***leis an bhféindearbhú sin*** i gcás ina measann siad nach ***gcomhlíontar*** na coinníollacha sin. ***Ba cheart an deis a bheith ag soláthraithe seirbhíse meán achomharc a dhéanamh i gcoinne diúltú soláthraithe ardán an-mhór ar líne nó inneall cuardaigh an-mhór ar líne glacadh lena ndearbhú.*** Féadfaidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne ***agus innill chuardaigh an-mhór*** brath ar fhaisnéis maidir le cloí leis na ceanglais sin, amhail caighdeán ***meaisín-inléite*** an Tionscnaimh ***Iontaobhais Iriseoireachta, aitheantas soláthraithe seirbhíse meán closamhairc ag údaráis rialála náisiúnta, sásraí féinrialála nó cóid iompair ábhartha eile***. ***Ba cheart go mbeadh*** treoirlínte ***arna n-eisiúint ag an*** gCoimisiún***, i bhfoirm gníomh tarmligthe,*** a bheith úsáideach chun cur chun feidhme éifeachtach na feidhmiúlachta sin a éascú, lena n-áirítear maidir le ***teimpléad an fhéindearbhúcháin,*** módúlachtaí ***rannpháirtíochta*** na sochaí sibhialta ***nó na n-eagraíochtaí féinrialála ábhartha in*** athbhreithniú ***na ndearbhuithe, tar éis*** dul i gcomhairle le rialtóir na tíre bunaíochta, i gcás inarb ábhartha, agus ***aghaidh a thabhairt ar aon*** mhí-úsáid a d'***fhéadfadh a bheith ann maidir leis*** an bhfeidhmiúlacht.

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 34 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(34 a) De réir bhrí an Rialacháin sin, níor cheart go gcuirfeadh oibleagáidí maidir le srianta ar ábhar cosc ar ardáin an-mhór ar líne ó bhearta a dhéanamh amhail íosrangú, lipéadú ábhair nó a infheictheacht a chaolú (amhail íomhánna a dhoiléire) nuair atá siad i gcomhréir leis an gcód cleachtais maidir le bréagaisnéis agus le dlí ábhartha eile de chuid an Aontais.

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) Ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne dul i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse meán ***a urramaíonn caighdeáin inchreidteachta*** agus ***trédhearcachta agus a mheasann gur minic a fhorchuireann soláthraithe ardán an-mhór ar líne srianta ar a n-ábhar gan forais leordhóthanacha***, chun teacht ar réiteach cairdiúil chun aon ***srian*** gan údar a fhoirceannadh agus chun iad a sheachaint amach anseo. Ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne ***páirt a ghlacadh sna*** malartuithe sin de mheon macánta, agus aird ar leith á tabhairt ar shaoirse na meán agus saoráil faisnéise a choimirciú.	(35) Ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne dul i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse meán ***i gcás ina léiríonn iniúchtaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2022/2065 go bhfuil tionchar diúltach ag cleachtais mhodhnóireachta VLOP ar shaoirse*** agus ***ar iolrachas na meán***, chun teacht ar réiteach cairdiúil chun aon ***srianta*** gan údar a fhoirceannadh agus chun iad a sheachaint amach anseo. Ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne ***agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne dul i mbun na*** malartuithe sin de mheon macánta, agus aird ar leith á tabhairt ar shaoirse na meán agus saoráil faisnéise a choimirciú.

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Ag tógáil ar an ról úsáideach atá ag ERGA maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh ag sínitheoirí Chód Cleachtais an Aontais maidir le Bréagaisnéis, ba cheart don Bhord, ar bhonn bliantúil ar a laghad, idirphlé struchtúrtha a eagrú idir soláthraithe ardán an-mhór ar líne, ionadaithe ó sholáthraithe seirbhíse meán agus ionadaithe na sochaí sibhialta chun rochtain ar thairiscintí éagsúla na meán neamhspleách ar ardáin an-mhór ar líne a chothú, taithí agus dea-chleachtais a bhaineann le cur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha an Rialacháin sin a phlé agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh tionscnamh féinrialála arb é is aidhm dóibh an tsochaí a chosaint ar ábhar díobhálach, lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar chur in aghaidh na bréagaisnéise. Féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb ábhartha, scrúdú a dhéanamh ar na tuarascálacha ar thorthaí an idirphlé struchtúrtha sin agus measúnú á dhéanamh aige ar shaincheisteanna sistéamacha agus ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn ar fud an Aontais faoi Rialachán (AE) ***2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha]*** agus féadfaidh sé a iarraidh ar an mBord tacú leis chuige sin.	(36) Ag tógáil ar an ról úsáideach atá ag ERGA maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh ag sínitheoirí Chód Cleachtais an Aontais maidir le Bréagaisnéis, ba cheart don Bhord, ar bhonn bliantúil ar a laghad, idirphlé struchtúrtha a eagrú idir soláthraithe ardán an-mhór ar líne, ionadaithe ó sholáthraithe seirbhíse meán agus ionadaithe na sochaí sibhialta chun rochtain ar thairiscintí éagsúla na meán neamhspleách ar ardáin an-mhór ar líne a chothú, taithí agus dea-chleachtais a bhaineann le cur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha an Rialacháin sin a phlé agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh tionscnamh féinrialála arb é is aidhm dóibh an tsochaí a chosaint ar ábhar díobhálach, lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar chur in aghaidh na bréagaisnéise. Féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb ábhartha, scrúdú a dhéanamh ar na tuarascálacha ar thorthaí an idirphlé struchtúrtha sin agus measúnú á dhéanamh aige ar shaincheisteanna sistéamacha agus ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn ar fud an Aontais faoi Rialachán (AE) ***2022/2065*** agus féadfaidh sé a iarraidh ar an mBord tacú leis chuige sin. ***Ba cheart torthaí an idirphlé a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa arna iarraidh sin di.***

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(37) Ba cheart d'fhaighteoirí seirbhísí meán closamhairc a bheith in ann an t-ábhar closamhairc ar mian leo féachaint air	(37) Ba cheart d'fhaighteoirí seirbhísí meán closamhairc a bheith in ann an t-ábhar closamhairc ar mian leo féachaint air

a roghnú go héifeachtach de réir a sainroghanna. Mar sin féin, d'fhéadfadh cleachtais tráchtála in earnáil na meán srian a chur ar a saoirse sa réimse sin, eadhon comhaontuithe maidir le tosaíocht a thabhairt d'ábhar idir monaróirí ***gairis*** nó soláthraithe comhéadan úsáideora lena rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc agus úsáid na seirbhísí sin, amhail teilifíseáin nasctha, agus soláthraithe seirbhíse meán. Is féidir tosaíocht a chur chun feidhme, mar shampla, ar scáileán baile gléas, trí aicearraí crua-earraí nó bogearraí, feidhmchláir agus limistéir chuardaigh, a bhfuil impleachtaí acu ar iompraíocht féachana na bhfaighteoirí, a d'fhéadfaí a dhreasú go míchuí chun tairiscintí áirithe meán closamhairc a roghnú thar chinn eile. Ba cheart an deis a bheith ag faighteoirí seirbhíse ***socruithe*** réamhshocraithe gléis nó comhéadain úsáideora ***lena rialaítear*** agus ***lena mbainistítear*** rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc agus úsáid na seirbhísí sin ***a athrú ar bhealach simplí soláimhsithe***, gan dochar do bhearta chun a áirithiú go mbeidh tosaíocht iomchuí ag seirbhísí meán closamhairc ar mhaithe leis an leas ginearálta ***agus*** lena gcuirtear chun feidhme ***Airteagal 7a de Threoir 2010/13/CE, arna nglacadh*** chun breithnithe dlisteanacha beartais phoiblí a shaothrú.	a roghnú go héifeachtach de réir a sainroghanna***, a sainroghanna a shaincheapadh agus rochtain éasca a fháil orthu***. Mar sin féin, d'fhéadfadh cleachtais tráchtála in earnáil na meán srian a chur ar a saoirse sa réimse sin, eadhon comhaontuithe maidir le tosaíocht a thabhairt d'ábhar idir monaróirí ***gléasanna, amhail cianrialuithe,*** nó soláthraithe comhéadan úsáideora lena rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc agus úsáid na seirbhísí sin, amhail teilifíseáin nasctha, ***carranna nasctha, cainteoirí cliste*** agus soláthraithe seirbhíse meán. Is féidir tosaíocht a chur chun feidhme, mar shampla, ar scáileán baile gléas, trí aicearraí crua-earraí nó bogearraí, feidhmchláir agus limistéir chuardaigh, a bhfuil impleachtaí acu ar iompraíocht féachana na bhfaighteoirí, a d'fhéadfaí a dhreasú go míchuí chun tairiscintí áirithe meán closamhairc a roghnú thar chinn eile. Ba cheart an deis a bheith ag faighteoirí seirbhíse ***leagan amach*** réamhshocraithe gléis nó comhéadain úsáideora***, amhail cianrialú nó an scáileán baile, a shaincheapadh, ar bhealach simplí*** agus ***soláimhsithe, agus bainistiú a dhéanamh ar*** rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc agus ***ar*** úsáid na seirbhísí sin, gan dochar do bhearta chun a áirithiú go mbeidh tosaíocht iomchuí ag seirbhísí meán closamhairc ar mhaithe leis an leas ginearálta lena gcuirtear chun feidhme ***Airteagal 7a de Threoir 2010/13/CE, a ghlactar*** chun breithnithe dlisteanacha beartais phoiblí a shaothrú.

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 37 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(37 a) Tá méadú ag teacht ar na deacrachtaí a bhíonn ag faighteoirí

seirbhísí meán maidir le sainaithint a dhéanamh ar cé ar a bhfuil an fhreagracht eagarthóireachta as an ábhar nó na seirbhísí a úsáideann siad, go háirithe nuair a bhíonn rochtain acu ar sheirbhísí meán trí ghairis nasctha nó ardáin ar líne. Mura léirítear go soiléir an fhreagracht eagarthóireachta as ábhar nó seirbhísí na meán (e.g., trí lógónna, trádmharcanna, nó tréithe tréitheacha eile a shannadh go mícheart) baintear an fhéidearthacht d'fhaighteoirí seirbhísí meán an fhaisnéis a fhaigheann siad a thuiscint agus a mheasúnú, rud atá ina réamhriachtanas chun tuairimí eolasacha a chruthú agus, dá bhrí sin, chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa daonlathas. Dá bhrí sin, ba cheart a chur ar chumas faighteoirí seirbhísí meán an soláthraí seirbhíse meán ar a bhfuil an fhreagracht eagarthóireachta ar aon seirbhís meán ar leith ar gach gaireas agus comhéadan úsáideora a shainaithint go héasca, agus rochtain ar sheirbhísí meán agus úsáid na seirbhísí sin a rialú nó a bhainistiú.

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) Is féidir le bearta éagsúla reachtacha, rialála nó riaracháin ***tionchar diúltach a imirt ar fheidhmiú*** soláthraithe seirbhíse meán sa mhargadh inmheánach. ***Áirítear orthu*** sin, mar shampla, rialacha chun teorainn a chur le húinéireacht cuideachtaí meán ag cuideachtaí eile atá gníomhach in earnáil na meán nó in earnálacha nach mbaineann leis na meáin***; áirítear leo freisin*** cinntí a bhaineann le ceadúnú, údarú nó réamhfhógra do sholáthraithe seirbhíse meán. Chun ***an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán***	(38) Is féidir le bearta éagsúla reachtacha, rialála nó riaracháin ***difear a dhéanamh d'iolrachas na meán agus do neamhspleáchas eagarthóireachta agus iad a shrianadh trí shrian a chur ar an bhféidearthacht atá ag*** soláthraithe seirbhíse meán sa mhargadh inmheánach ***rochtain a sholáthar ar iolracht tuairimí agus ar fhoinsí iontaofa faisnéise***. ***D'fhéadfadh foirmeacha éagsúla a bheith ar na bearta*** sin, mar shampla, ***mar shampla,*** rialacha chun teorainn a chur le húinéireacht cuideachtaí meán ag cuideachtaí eile atá gníomhach in earnáil na meán nó in earnálacha nach mbaineann

a mhaolú agus chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, tá sé tábhachtach go gcomhlíonfaidh na bearta sin prionsabail an réasúnaithe oibiachtúil, na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta.	leis na meáin***, cur chun feidhme díréireach nó saofa na n-íoscheanglas dá bhforáiltear i dTreoir 2010/13/AE ar an leibhéal náisiúnta, ar féidir leo bacainní nó constaicí nua a chruthú sa mhargadh inmheánach, nó*** cinntí a bhaineann le ceadúnú, údarú nó réamhfhógra do sholáthraithe seirbhíse meán. Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, tá sé tábhachtach go gcomhlíonfaidh na bearta sin prionsabail an réasúnaithe oibiachtúil, na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta.

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Tá sé ríthábhachtach freisin go bhfuil sé de chumhacht ag an mBord tuairim a eisiúint, arna iarraidh sin ***ag an gCoimisiún***, i gcás inar dócha go ndéanfaidh bearta náisiúnta difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán. Is amhlaidh atá, mar shampla, nuair atá beart riaracháin náisiúnta dírithe ar sholáthraí seirbhíse meán a sholáthraíonn a sheirbhísí i dtreo níos mó ná Ballstát amháin, ***nó*** nuair a ***bhíonn tionchar suntasach ag an*** soláthraí seirbhíse meán ***lena mbaineann ar thuairim an phobail a chruthú sa Bhallstát*** sin.	(39) Tá sé ríthábhachtach freisin go bhfuil sé de chumhacht ag an mBord tuairim a eisiúint, ***ar a thionscnamh féin nó*** arna iarraidh sin ***don Choimisiún***, i gcás inar dócha go ndéanfaidh bearta náisiúnta difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán. Is amhlaidh atá, mar shampla, nuair atá beart riaracháin náisiúnta dírithe ar sholáthraí seirbhíse meán a sholáthraíonn a sheirbhísí i dtreo níos mó ná Ballstát amháin, nuair ***atá sé ag cur cosc ar sholáthraí seirbhíse meán atá bunaithe i mBallstát amháin seirbhísí meán*** a ***sholáthar i mBallstát eile. Aon*** soláthraí seirbhíse meán ***a mheasann go ndéanfaidh na beart*** sin ***difear go díreach dó, ba cheart dó a bheith in ann a iarraidh ar an mBord tuairim a eisiúint maidir leis na bearta sin***.

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) Tá ról cinntitheach ag na meáin maidir le tuairimí an phobail a mhúnlú agus ***cuidiú le saoránaigh páirt a ghlacadh i bpróisis dhaonlathacha***. Sin é an fáth ar cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rialacha agus nósanna imeachta ina gcórais dlí ***féin*** chun a áirithiú ***go ndéanfar measúnú*** ar chomhchruinnithe ***i margadh*** na meán a ***bhféadfadh*** tionchar suntasach a ***bheith acu*** ar iolrachas na meán nó ar neamhspleáchas eagarthóireachta. Is féidir tionchar a bheith ag na rialacha agus na nósanna imeachta sin ar an tsaoirse seirbhísí meán a sholáthar sa mhargadh inmheánach agus ní mór iad a cheapadh i gceart agus a bheith trédhearcach, oibiachtúil, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. Ba cheart a thuiscint go gcumhdaítear le comhchruinnithe i margadh na meán atá faoi réir na rialacha sin na comhchruinnithe sin a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar eintiteas aonair seirbhísí meán a rialú nó leasanna suntasacha a bheith aige i seirbhísí meán a bhfuil tionchar substaintiúil acu ar thuairim an phobail a chruthú i margadh áirithe meán, laistigh d'fho-earnáil na meán nó ar fud earnálacha éagsúla meán i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit. Critéar tábhachtach atá le cur san áireamh is ea laghdú ar thuairimí ***iomaíocha*** laistigh den mhargadh sin mar thoradh ar an gcomhchruinniú.	(40) Tá ról cinntitheach ag na meáin maidir le tuairimí an phobail a mhúnlú agus ***is féidir leo rannchuidiú le réimse poiblí daonlathach, nuair a fheidhmíonn siad go maith agus nuair a bhíonn caighdeáin normatacha á gcomhlíonadh acu, lena n-áirítear maidir le roghnú topaicí***. ***Thairis*** sin***, tá ról suntasach ag soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus ag soláthraithe inneall cuardaigh an-mhór ar líne maidir le rochtain ar fhaisnéis agus maidir leis an bhfaisnéis sin a chur i láthair na dtomhaltóirí. Is féidir le comhchruinniú úinéireachta chóras na meán timpeallacht a chruthú atá fabhrach do mhonaplú an mhargaidh fógraíochta, bacainní a thabhairt isteach maidir le teacht isteach gníomhaithe margaidh nua agus aonfhoirmeacht ábhar na meán a bheith mar thoradh air freisin. Sin*** é an fáth ar cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rialacha agus nósanna imeachta ina gcórais dlí chun ***measúnuithe cáilíochta ex ante agus ex post*** a áirithiú ar chomhchruinnithe ***a dhéanann difear do mhargadh*** na meán a ***d'fhéadfadh*** tionchar suntasach a ***imirt*** ar iolrachas na meán nó ar neamhspleáchas eagarthóireachta***, ina n-iomláine, lena n-áirítear soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus soláthraithe inneall cuardaigh an-mhór ar líne, chomh maith le meáin seirbhíse poiblí, lena n-áirítear comhchruinnithe atá ann cheana tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin***. Is féidir tionchar a bheith ag na rialacha agus na nósanna imeachta sin ar an tsaoirse seirbhísí meán a sholáthar sa mhargadh inmheánach agus ní mór iad a cheapadh i gceart agus a bheith trédhearcach, oibiachtúil, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. Ba cheart a thuiscint go gcumhdaítear le comhchruinnithe i margadh na meán atá faoi réir na rialacha sin na comhchruinnithe sin a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar eintiteas aonair

seirbhísí meán a rialú nó leasanna suntasacha a bheith aige i seirbhísí meán a bhfuil tionchar substaintiúil acu ar thuairim an phobail a chruthú i margadh áirithe meán, ***lena n-áirítear trí ábhar arna sholáthar ag soláthraithe seirbhíse meán a iompar nó trí rochtain ar an ábhar sin agus infheictheacht an ábhair sin a rialú,*** laistigh d'fho-earnáil na meán nó ar fud earnálacha éagsúla meán i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit. Critéar tábhachtach atá le cur san áireamh is ea ***an*** laghdú ar ***rochtain ar*** thuairimí ***éagsúla*** laistigh den mhargadh sin mar thoradh ar an gcomhchruinniú. ***Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach na bearta sin a dhéanamh chun rochtain, iomaíocht agus cáilíocht a ráthú agus chun coinbhleachtaí leasa idir comhchruinniú úinéireacht na meán agus cumhacht pholaitiúil a sheachaint, rud a dhéanann dochar don tsaoriomaíocht, do chothrom na féinne agus d'iolrachas. Ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta inniúla nó do chomhlachtaí eile measúnú mionsonraithe a dhéanamh i gcónaí ar na comhchruinnithe margaidh meán sin a d'fhéadfadh iolrachas agus iomaíocht na meán a shaobhadh gan aon chur isteach polaitiúil.***

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 41

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(41) Ba cheart d'údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta, a bhfuil saineolas sonrach acu i réimse iolrachas na meán, a bheith rannpháirteach sa mheasúnú ar ***an*** tionchar a ***imríonn comhchruinnithe i margadh na meán*** ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta i gcás nach iad na húdaráis nó na comhlachtaí ainmnithe iad féin. Chun deimhneacht dhlíthiúil a chothú agus chun a áirithiú go mbeidh na rialacha agus na nósanna	(41) Ba cheart d'údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta, ***chomh maith le comhlachtaí féinrialála preasa nó eagraíochtaí na sochaí sibhialta*** a bhfuil saineolas sonrach acu i réimse iolrachas na meán, a bheith rannpháirteach sa mheasúnú ar ***thionchar na gcomhchruinnithe a dhéanann difear do mhargadh na meán a d'fhéadfadh*** tionchar a ***bheith acu*** ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta***, lena n-áirítear***

imeachta dírithe i ndáiríre ar iolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta a chosaint, tá sé fíor-riachtanach go leagfar amach critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha chun fógra agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn comhchruinnithe i margadh na meán ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta.

comhchruinnithe atá ann cheana tráth theacht i ***bhfeidhm an Rialacháin sin, i*** gcás nach iad na húdaráis nó na comhlachtaí ainmnithe iad féin. Chun deimhneacht dhlíthiúil a chothú agus chun a áirithiú go mbeidh na rialacha agus na nósanna imeachta dírithe i ndáiríre ar iolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta a chosaint, tá sé fíor-riachtanach go leagfar amach critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha chun fógra agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn comhchruinnithe i margadh na meán ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta.

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(42) I gcás inarb é atá i gcomhchruinniú margaidh meán comhchruinniú a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle[55], níor cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin sin ná aon riail nó nós imeachta arna nglacadh ag na Ballstáit ar bhonn an Rialacháin sin difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm Airteagal 21(4) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004. Aon bheart arna ghlacadh ag na húdaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta ainmnithe nó bainteacha, bunaithe ar a ***measúnú ar an*** tionchar a ***imríonn comhchruinnithe i margadh na meán*** ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta, ba cheart dó a bheith dírithe dá bhrí sin ar leasanna dlisteanacha a chosaint de réir bhrí an tríú fomhír d'Airteagal 21(4) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, agus ba cheart iad a bheith i gcomhréir le prionsabail ghinearálta agus forálacha eile de dhlí an Aontais.	(42) I gcás inarb é atá i gcomhchruinniú margaidh meán comhchruinniú a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle[55], níor cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin sin ná aon riail nó nós imeachta arna nglacadh ag na Ballstáit ar bhonn an Rialacháin sin difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm Airteagal 21(4) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004. Aon bheart arna ghlacadh ag na húdaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta ainmnithe nó bainteacha, bunaithe ar a ***measúnuithe ar chomhchruinnithe a dhéanann difear do mhargadh na meán a bhféadfadh*** tionchar a ***bheith acu*** ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta, ba cheart dó a bheith dírithe dá bhrí sin ar leasanna dlisteanacha a chosaint de réir bhrí an tríú fomhír d'Airteagal 21(4) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, agus ba cheart iad a bheith i gcomhréir le prionsabail ghinearálta agus forálacha eile

de dhlí an Aontais.

[55] Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lgh. 1-22).

[55] Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lgh. 1-22).

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 43

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(43) Ba cheart ***an chumhacht a thabhairt*** don Bhord tuairimí a ***thabhairt*** maidir le dréachtchinntí nó dréacht-tuairimí ó na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta atá ainmnithe nó ***bainteacha, i gcás ina bhféadfadh na comhchruinnithe infhógartha difear*** a dhéanamh ***d'fheidhmiú*** mhargadh ***inmheánach*** na meán***. B'amhlaidh a bheadh, mar shampla, i gcás ina mbaineann na comhchruinnithe sin le gnóthas amháin ar a laghad atá bunaithe i mBallstát eile nó atá ag feidhmiú i níos mó ná Ballstát amháin nó ina mbeadh*** tionchar suntasach ag ***soláthraithe seirbhíse*** meán ar ***thuairimí an phobail a chruthú i margadh meán ar leith***. Thairis sin, i gcás nach ndearna na húdaráis nó na comhlachtaí náisiúnta ábhartha measúnú ar an gcomhchruinniú maidir lena thionchar ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta, nó i gcás nach mbeidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta tar éis dul i gcomhairle leis an mBord maidir le comhchruinniú ar leith i margadh na meán, ach go meastar gur dócha go ndéanfaidh an comhchruinniú sin i margadh na meán difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, ba cheart don Bhord a bheith in ann tuairim a thabhairt, arna iarraidh sin ***ag an***	(43) Ba cheart don Bhord tuairimí a ***sholáthar*** maidir le dréachtchinntí nó dréacht-tuairimí ó na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta atá ainmnithe nó ***lena mbaineann, ar*** a ***thionscnamh féin, nó arna iarraidh sin, agus measúnuithe a*** dhéanamh ***ar chomhchruinnithe a dhéanann difear do*** mhargadh na meán ***a bhféadfadh*** tionchar suntasach ***a bheith acu ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta, lena n-áirítear comhchruinnithe atá ann cheana*** ag ***teacht i bhfeidhm an Rialacháin sin. Tá próisis dhaonlathacha ar fud an Aontais fréamhaithe i margaí náisiúnta na*** meán***, ach tá tionchar ag próisis dhaonlathacha náisiúnta*** ar ***rialachas ar leibhéal an Aontais***. ***Dá réir sin, is gá bearta iomchuí a bheith ann chun próisis dhaonlathacha a fhorfheidhmiú agus a chosaint ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon.*** Thairis sin, ***ba cheart don Bhord measúnú a sholáthar*** i gcás nach ndearna na húdaráis nó na comhlachtaí náisiúnta ábhartha measúnú ar an gcomhchruinniú maidir lena thionchar ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta, nó i gcás nach mbeidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta tar éis dul i gcomhairle leis an mBord maidir le comhchruinniú ar leith i

gCoimisiún. In aon chás, tá an deis ag an gCoimisiún a thuairimí féin a eisiúint i ndiaidh na dtuairimí a tharraingeoidh an Bord suas.

margadh na meán, ach go meastar gur dócha go ndéanfaidh an comhchruinniú sin i margadh na meán difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, ba cheart don Bhord a bheith in ann tuairim a thabhairt, ***ar a thionscnamh féinnó má aontaíonn an Bord*** arna iarraidh sin ***don Choimisiún***. In aon chás, tá an deis ag an gCoimisiún a thuairimí féin a eisiúint i ndiaidh na dtuairimí a tharraingeoidh an Bord suas.

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 44

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(44) D'fhonn margaí iolraíocha meán a áirithiú, ba cheart do na húdaráis nó do na comhlachtaí náisiúnta agus don Bhord sraith critéar a chur san áireamh. Ba cheart, go háirithe, an tionchar ar iolrachas na meán a mheas, lena n-áirítear go háirithe an éifeacht ar thuairim an phobail a fhoirmiú, agus an timpeallacht ar líne á cur san áireamh. An tráth céanna, ba cheart breithniú a dhéanamh ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh asraonta meán eile, a sholáthraíonn ábhar éagsúil agus malartach, fós sa mhargadh nó sna margaí áirithe tar éis chomhchruinniú mhargadh na meán atá i gceist. Ba cheart a áireamh sa mheasúnú ar choimircí le haghaidh neamhspleáchas eagarthóireachta scrúdú ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann ar chur isteach míchuí ón úinéir ionchasach, ó struchtúr bainistíochta nó rialachais i gcinntí eagarthóireachta aonair an eintitis a fuarthas nó an eintitis chumaiscthe. Ba cheart na coimircí inmheánacha atá ann cheana nó atá beartaithe a chur san áireamh freisin arb é is aidhm dóibh neamhspleáchas na gcinntí eagarthóireachta aonair laistigh de na gnóthais meán lena mbaineann a chaomhnú. Agus measúnú á dhéanamh ar	(44) D'fhonn margaí iolraíocha meán a áirithiú, ba cheart do na húdaráis nó do na comhlachtaí náisiúnta agus don Bhord sraith critéar a chur san áireamh ***chomh maith leis na critéir ar cheart tosaíocht a bheith acu nó tosaíocht a bheith acu i gcás coinbhleachtaí***. Ba cheart, go háirithe, an tionchar ar iolrachas na meán a mheas, lena n-áirítear go háirithe an éifeacht ar thuairim an phobail a fhoirmiú, agus an timpeallacht ar líne á cur san áireamh. An tráth céanna, ba cheart breithniú a dhéanamh ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh asraonta meán eile, a sholáthraíonn ábhar éagsúil agus malartach, fós sa mhargadh nó sna margaí áirithe tar éis chomhchruinniú mhargadh na meán atá i gceist. Ba cheart a áireamh sa mheasúnú ar choimircí le haghaidh neamhspleáchas eagarthóireachta scrúdú ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann ar chur isteach míchuí ón úinéir ionchasach, ó struchtúr bainistíochta nó rialachais i gcinntí eagarthóireachta aonair an eintitis a fuarthas nó an eintitis chumaiscthe. Ba cheart na coimircí inmheánacha atá ann cheana nó atá beartaithe a chur san áireamh freisin arb é is aidhm dóibh neamhspleáchas na gcinntí

na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar éifeachtaí an chomhchruinnithe atá i gceist ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch an eintitis nó na n-eintiteas atá faoi réir an chomhchruinnithe agus, in éagmais an chomhchruinnithe, an mbeidís inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de, sa chiall go mbeidís in ann leanúint de sheirbhísí meán ardcháilíochta atá inmharthana ó thaobh airgeadais de, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu agus atá oiriúnaithe ó thaobh na teicneolaíochta de sa mhargadh a sholáthar agus a fhorbairt tuilleadh.

eagarthóireachta aonair laistigh de na gnóthais meán lena mbaineann a chaomhnú. ***Ina theannta sin, ba cheart torthaí na tuarascála bliantúla maidir leis an Smacht Reachta ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sna caibidlí maidir le saoirse an phreasa chomh maith leis an measúnú riosca a dhéantar go bliantúil le hionstraimí amhail an Faireachán ar Iolrachas sna Meáin*** agus ***aon mholtaí tír-shonracha maidir le hiolrachas sna meáin agus saoirse na meán a chur san áireamh agus an timpeallacht fhoriomlán do na meáin agus éifeachtaí an chomhchruinnithe atá i gceist ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta á gcinneadh, faoi na coinníollacha sonracha sin. Agus*** measúnú á dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar éifeachtaí an chomhchruinnithe atá i gceist ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch an eintitis nó na n-eintiteas atá faoi réir an chomhchruinnithe agus, in éagmais an chomhchruinnithe, an mbeidís inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de, sa chiall go mbeidís in ann leanúint de sheirbhísí meán ardcháilíochta atá inmharthana ó thaobh airgeadais de, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu agus atá oiriúnaithe ó thaobh na teicneolaíochta de sa mhargadh a sholáthar agus a fhorbairt tuilleadh.

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 45

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(45) Bíonn tionchar díreach ag tomhas an phobail meáin ar leithdháileadh agus praghsanna fógraíochta, ar príomhfhoinse ioncaim d'earnáil na meán é. Is uirlis ríthábhachtach é chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht ábhar na meán	(45) Bíonn tionchar díreach ag tomhas an phobail meáin ar leithdháileadh agus praghsanna fógraíochta, ar príomhfhoinse ioncaim d'earnáil na meán é. Is uirlis ríthábhachtach é chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht ábhar na meán

agus chun roghanna an phobail meáin a thuiscint chun táirgeadh ábhair amach anseo a phleanáil. Dá réir sin, ba cheart gníomhaithe i margadh na meán, go háirithe soláthraithe seirbhíse meán agus fógróirí, a bheith in ann brath ar shonraí oibiachtúla maidir le pobal meáin a eascraíonn as réitigh thrédhearcacha neamhchlaonta infhíoraithe chun pobal meáin a thomhas. Mar sin féin, cuireann gníomhaithe nua áirithe a tháinig chun cinn in éiceachóras na meán a gcuid seirbhísí tomhais féin ar fáil gan faisnéis a chur ar fáil maidir lena modheolaíochtaí. D'fhéadfadh neamhshiméadrachtaí faisnéise i measc gníomhaithe i margadh na meán agus saobhadh féideartha ar an margadh a bheith mar thoradh air sin, rud a dhéanfadh dochar don chomhionannas deiseanna le haghaidh soláthraithe seirbhíse meán sa mhargadh.

agus chun roghanna an phobail meáin a thuiscint chun táirgeadh***, ceannach, pleanáil nó díol*** ábhair amach anseo a phleanáil. Dá réir sin, ba cheart gníomhaithe i margadh na meán, go háirithe soláthraithe seirbhíse meán agus fógróirí, a bheith in ann brath ar shonraí oibiachtúla maidir le pobal meáin a eascraíonn as réitigh thrédhearcacha neamhchlaonta infhíoraithe chun pobal meáin a thomhas***, ar cheart iad a bheith i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas***. Mar sin féin, cuireann gníomhaithe nua áirithe a tháinig chun cinn in éiceachóras na meán a gcuid seirbhísí tomhais féin ar fáil gan faisnéis a chur ar fáil maidir lena modheolaíochtaí. D'fhéadfadh neamhshiméadrachtaí faisnéise i measc gníomhaithe i margadh na meán agus saobhadh féideartha ar an margadh a bheith mar thoradh air sin, rud a dhéanfadh dochar don chomhionannas deiseanna le haghaidh soláthraithe seirbhíse meán sa mhargadh.

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 46

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(46) Chun feabhas a chur ar infhíoraitheacht agus iontaofacht na modheolaíochtaí tomhaiste ar phobal meáin, go háirithe ar líne, ba cheart oibleagáidí trédhearcachta a leagan síos do sholáthraithe córas tomhaiste pobail meán nach gcloíonn leis na tagarmharcanna tionscail a comhaontaíodh laistigh de na comhlachtaí féinrialála ábhartha. Faoi na hoibleagáidí sin, ba cheart do na gníomhaithe sin, nuair a iarrtar sin orthu ***agus a mhéid is féidir***, faisnéis a chur ar fáil d'fhógróirí agus do sholáthraithe seirbhíse meán nó do pháirtithe atá ag gníomhú thar a gceann, ar faisnéis í ina	(46) Chun feabhas a chur ar infhíoraitheacht***, inchomparáideacht*** agus iontaofacht na modheolaíochtaí tomhaiste ar phobal meáin, go háirithe ar líne, ba cheart oibleagáidí trédhearcachta a leagan síos do sholáthraithe córas tomhaiste pobail meán nach gcloíonn leis na tagarmharcanna tionscail a comhaontaíodh laistigh de na comhlachtaí féinrialála ábhartha. Faoi na hoibleagáidí sin, ba cheart do na gníomhaithe sin, nuair a iarrtar sin orthu, faisnéis a chur ar fáil d'fhógróirí agus do sholáthraithe seirbhíse meán nó do pháirtithe atá ag gníomhú thar a gceann, ar faisnéis í ina ndéantar cur síos

ndéantar cur síos ar na modheolaíochtaí a úsáidtear chun an pobal meáin a thomhas. D'fhéadfadh a bheith i gceist leis an bhfaisnéis sin eilimintí a sholáthar, amhail méid an tsampla a thomhaistear, sainmhíniú na dtáscairí a thomhaistear, na méadrachtaí, na modhanna tomhais agus an lamháil earráide chomh maith leis an tréimhse tomhais. Tá na hoibleagáidí a fhorchuirtear faoin Rialachán sin gan dochar d'aon ***oibleagáid*** a bhfuil feidhm ***aici*** maidir le soláthraithe seirbhísí chun ***an*** pobal meáin a thomhas faoi Rialachán 2019/1150 nó Rialachán (AE) ***2022/XX*** [an Gníomh um Margaí Digiteacha], lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le rangú nó féintosaíocht.

ar na modheolaíochtaí a úsáidtear chun an pobal meáin a thomhas. D'fhéadfadh a bheith i gceist leis an bhfaisnéis sin eilimintí a sholáthar, amhail méid an tsampla a thomhaistear, sainmhíniú na dtáscairí a thomhaistear, na méadrachtaí, na modhanna tomhais agus an lamháil earráide chomh maith leis an tréimhse tomhais. Tá na hoibleagáidí a fhorchuirtear faoin Rialachán sin gan dochar ***do cheart an phobal meáin maidir le cosaint sonraí pearsanta dá bhforáiltear le hAirteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha arna léamh i gcomhar le Rialachán 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus*** d'aon ***oibleagáidí*** a bhfuil feidhm ***acu*** maidir le soláthraithe seirbhísí chun pobal meáin ***agus éisteachta*** a thomhas faoi Rialachán 2019/1150 nó Rialachán (AE) ***2022/1925*** [an Gníomh um Margaí Digiteacha], lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le rangú nó féintosaíocht.

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 47

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(47) ***Is féidir*** le cóid iompair, arna dtarraingt suas ag soláthraithe córas chun an pobal meáin a thomhas nó ag eagraíochtaí nó comhlachais a dhéanann ionadaíocht orthu, rannchuidiú le cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin sin agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a spreagadh. Baineadh úsáid as féinrialáil cheana féin chun caighdeáin ardcháilíochta a chothú sa réimse a bhaineann le pobal meáin a thomhas. D'fhéadfaí breathnú ar an bhforbairt bhreise sin mar uirlis éifeachtach don tionscal chun teacht ar chomhaontú maidir leis na réitigh phraiticiúla is gá chun a áirithiú go ***gcomhlíonfar*** prionsabail na trédhearcachta, na neamhchlaontachta, na cuimsitheachta, na comhréireachta, an neamh-idirdhealaithe agus na	(47) ***Maidir*** le cóid iompair, arna dtarraingt suas ag soláthraithe córas chun an pobal meáin a thomhas nó ag eagraíochtaí nó comhlachais a dhéanann ionadaíocht orthu, ***in éineacht le soláthraithe seirbhíse meán agus/nó a n-ionadaithe, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile, is féidir leo*** rannchuidiú le cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin sin agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a spreagadh. Baineadh úsáid as féinrialáil cheana féin chun caighdeáin ardcháilíochta a chothú sa réimse a bhaineann le pobal meáin a thomhas. D'fhéadfaí breathnú ar an bhforbairt bhreise sin mar uirlis éifeachtach don tionscal ***le tacaíocht ó údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta*** chun teacht

hinfhíoraitheachta ***i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a ghabhann leo***. Agus na cóid iompair sin á dtarraingt suas, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha uile ***agus go háirithe le soláthraithe seirbhíse meán***, d'fhéadfaí aird a thabhairt go háirithe ar ***dhigitiú*** méadaitheach earnáil na meán agus ar an gcuspóir go mbainfí cothroime iomaíochta amach i measc gníomhaithe i margadh na meán.

ar chomhaontú maidir leis na réitigh phraiticiúla is gá chun a áirithiú go ***gcomhlíonfaidh córais tomhaiste an phobail meáin agus na modheolaíochtaí a ghabhann leo*** prionsabail na trédhearcachta, na neamhchlaontachta, na cuimsitheachta, na comhréireachta, an neamh-idirdhealaithe***, na hichomparáideachta*** agus na hinfhíoraitheachta. Agus na cóid iompair sin á dtarraingt suas, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha uile ***a luaitear thuas***, d'fhéadfaí aird a thabhairt go háirithe ar ***dhigiteáil*** méadaitheach earnáil na meán agus ar an gcuspóir go mbainfí cothroime iomaíochta amach i measc gníomhaithe i margadh na meán.

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(48) Is foinse thábhachtach ioncaim í an fhógraíocht stáit do ***go leor soláthraithe seirbhísí meán, rud a chuireann*** lena n-inbhuanaitheacht eacnamaíoch. ***Ní mór rochtain air a dheonú ar bhealach neamh-idirdhealaitheach d'aon soláthraí seirbhíse meán ó aon Bhallstát atá in ann roinnt de na daoine ábhartha den phobal, nó iad ar fad, a shroicheadh go leordhóthanach, chun comhdheiseanna a áirithiú sa mhargadh inmheánach.*** Thairis sin, d'fhéadfadh ***sé go bhfágfadh fógraíocht*** Stáit ***go mbeadh soláthraithe seirbhíse meán*** leochaileach ***do thionchar*** míchuí stáit chun ***aimhleasa na saoirse*** seirbhísí ***agus cearta bunúsacha*** a sholáthar. Dá bhrí sin, is uirlis chumhachtach é leithdháileadh ***fógraíochta stáit ar bhealach*** teimhneach claonta chun tionchar a ***imirt*** ar sholáthraithe seirbhíse meán nó iad a 'ghabháil'. Déantar dáileadh agus trédhearcacht na fógraíochta stáit a rialáil trí chreat ilroinnte de bhearta a	(48) Is foinse thábhachtach ioncaim ***do roinnt mhaith soláthraithe seirbhíse meán*** í an fhógraíocht ***phoiblí, arna maoiniú le cistí poiblí, lena n-áirítear cistiúchán ó rialtais náisiúnta nó cistiúchán ó AE arna ndáileadh ag na Ballstáit chun pleananna cumarsáide a chur chun feidhme mar chuid de Chláir Oibríochtúla AE nó de Chláir Bheartais Chomhtháthaithe an AE agus de thacaíocht airgeadais*** stáit ***eile, lena n-áirítear*** do ***sholáthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne, agus cuireann sí*** lena n-inbhuanaitheacht eacnamaíoch. Thairis sin, d'fhéadfadh ***an fhógraíocht phoiblí agus tacaíocht airgeadais*** stáit ***eile a bheith*** leochaileach ***ó thaobh tionchar*** míchuí stáit ***de*** chun ***dochair do chearta bunúsacha agus don tsaoirse chun*** seirbhísí a sholáthar. Dá bhrí sin, is uirlis chumhachtach é leithdháileadh teimhneach claonta ***fógraíochta poiblí agus tacaíocht airgeadais stáit eile*** chun tionchar a ***bheith***

bhaineann go sonrach leis na meáin agus trí dhlíthe ginearálta soláthair phoiblí, ***ar creat é a bhféadfadh sé*** nach ***gcumhdófaí leis, áfach, gach caiteachas fógraíochta stáit ná nach soláthródh sé*** cosaint leordhóthanach ar dháileadh fabhrach nó claonta. Go háirithe, níl feidhm ag Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56] maidir le conarthaí seirbhíse poiblí chun ábhar clár atá ceaptha do sheirbhísí meán closamhairc nó do sheirbhísí meán raidió a fháil, a fhorbairt, a léiriú nó a chomhléiriú. Tá difríochtaí suntasacha idir na rialacha a bhaineann go sonrach leis na meáin maidir le fógraíocht stáit, i gcás inarb ann dóibh, ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.

aige ar sholáthraithe seirbhíse meán nó iad a 'ghabháil'. ***Ina theannta sin, cruthaíonn leithdháileadh éagórach na fógraíochta stáit míshocrachtaí i margadh inmheánach na meán, cruthaítear cothrom iomaíochta éagórach agus díspreagtar gníomhaithe ar an margadh dul isteach ann nó leanúint dá n-oibríochtaí i mBallstát ar leith. Sin é an fáth, chun aghaidh a thabhairt ar na cásanna sin, nár cheart go rachadh leithdháiltí fógraíochta stáit arna stiúradh ag údarás poiblí, fiontar atá faoi rialú an stáit nó fiontar faoi úinéireacht stáit chuig soláthraí seirbhíse meán amháin nó chuig soláthraí ardáin an-mhór ar líne nó innill chuardaigh an-mhór ar líne thar 20 % den bhuiséad iomlán a leithdháiltear ar fhógraíocht stáit ag an údarás poiblí sin, fiontar faoi úinéireacht stáit nó fiontar faoi rialú stáit.*** Déantar dáileadh agus trédhearcacht na fógraíochta stáit ***agus tacaíocht airgeadais stáit eile*** a rialáil ***i roinnt cásanna*** trí chreat ilroinnte de bhearta a bhaineann go sonrach leis na meáin agus trí dhlíthe ginearálta soláthair phoiblí, nach ***solathraíonn*** cosaint leordhóthanach ar dháileadh fabhrach nó claonta. Go háirithe, níl feidhm ag Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56] maidir le conarthaí seirbhíse poiblí chun ábhar clár atá ceaptha do sheirbhísí meán closamhairc nó do sheirbhísí meán raidió a fháil, a fhorbairt, a léiriú nó a chomhléiriú. Tá difríochtaí suntasacha idir na rialacha a bhaineann go sonrach leis na meáin maidir le fógraíocht ***phoiblí nó tacaíocht airgeadais*** stáit ***eile***, i gcás inarb ann dóibh, ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.

---

[56] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65-242).

[56] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65-242).

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 48 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(48 a) Is foirm riachtanach iad bearta éigeandála a dhéanann údaráis phoiblí chun an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi na rioscaí i gcás tubaiste sláintíochta nó nádúrtha, tionóiscí, teagmhas tobann eile nó cásanna criticiúla a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do dhaoine aonair. D'fhéadfadh géarchéimeanna leochaileachtaí nua a chruthú nó leochaileachtaí atá ann cheana a fheabhsú in earnáil na meán. Dá bhrí sin, tá leithdháileadh an mhaoinithe stáit trí tharchur teachtaireachtaí éigeandála ag údaráis phoiblí ríthábhachtach d'inmharthanacht eacnamaíoch na soláthraithe seirbhíse meán. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé go bhfágfadh leithdháileadh acmhainní stáit chun teachtaireachtaí éigeandála a tharchur go mbeadh soláthraithe seirbhíse meán leochaileach do thionchar míchuí stáit chun aimhleasa na saoirse seirbhísí agus cearta bunúsacha a sholáthar. Cruthaíonn leithdháiltí éagothroma, díréireacha agus claonta i ndáil leis sin buntáistí éagóracha do ghníomhaithe áirithe sa mhargadh agus déanann siad an iomaíocht a shaobhadh, rud a chuireann bac ar ghníomhaithe nua dul isteach sa mhargadh nó cinneadh a dhéanamh ar ghníomhaithe eile an margadh a fhágáil i mBallstát áirithe. Dá bhrí sin, tá leithdháileadh cothrom, trédhearcach, comhréireach, neamhspleách agus intuartha an chistithe stáit sin bunriachtanach ar mhaithe le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus tá impleachtaí aige freisin ar shaoirse na meán agus ar chearta bunúsacha daoine aonair, lena n-áirítear maidir leis an gceart chun

faisnéise. Tá géarchéimeanna ag éirí níos trasteorainní de réir a chéile, agus tá na rialacha maidir leis na leithdháiltí sin éagsúil ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, rud a chruthaíonn ilroinnt agus éiginnteacht dhlíthiúil sa mhargadh. Dá bhrí sin, ba cheart, i bprionsabal, go leanfadh na leithdháiltí sin na rialacha comhchuibhithe céanna leis na rialacha maidir le fógraíocht stáit, mar a shonraítear sa Rialachán sin. Mar sin féin, agus aitheantas á thabhairt don phráinn a bhaineann le bearta a dhéanamh le linn géarchéime, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha speisialta, lena gceadófaí d'údaráis stáit, do chuideachtaí agus d'eintitis atá faoi úinéireacht an stáit nó atá faoi rialú an stáit na hoibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh a luaithe a thiocfaidh deireadh leis an ngéarchéim.

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 49

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(49) Chun iomaíocht neamhshaofa idir soláthraithe seirbhíse meán ***a áirithiú*** agus chun an baol go mbeadh fóirdheontais faoi cheilt agus tionchar míchuí ***polaitiúil*** ar na meáin a sheachaint, ***is gá ceanglais choiteanna*** maidir le ***trédhearcacht, oibiachtúlacht, comhréireacht*** agus ***neamh-idirdhealú a bhunú i ndáil le fógraíocht*** stáit agus acmhainní ***stáit a leithdháileadh*** ar sholáthraithe seirbhíse meán chun earraí nó seirbhísí a cheannach uathu seachas fógraíocht stáit, ***lena n-áirítear an ceanglas maidir le faisnéis a fhoilsiú faoi thairbhithe caiteachais fógraíochta stáit agus faoi na méideanna a chaitear***. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá a bhaineann le fógraíocht stáit ar fáil go poiblí i bhformáid leictreonach atá éasca a	(49) ***Tá méadú ag teacht ar an iomaíocht idir soláthraithe ardán ar líne agus soláthraithe seirbhíse meán*** chun ***críche fógraíocht stáit agus tacaíocht airgeadais eile. Chun*** iomaíocht neamhshaofa ***a áirithiú*** idir soláthraithe seirbhíse meán agus ***soláthraithe ardán ar líne agus*** chun an baol go mbeadh fóirdheontais faoi cheilt agus tionchar ***polaitiúil*** míchuí ar na meáin***, agus ar ardáin ar líne,*** a sheachaint, ***tá sé tábhachtach, go háirithe, go bhfuil rialacha cothroma agus trédhearcacha i bhfeidhm*** maidir ***leis na critéir chun tacaíocht airgeadais stáit agus fógraíocht stáit a leithdháileadh, mar aon leis na rialacha sin a chur chun feidhme go héifeachtach. Ba cheart leis na critéir sin go gcloífear*** le ***prionsabail na***

fheiceáil, a rochtain agus a íoslódáil, i gcomhréir le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta maidir le rúndacht tráchtála. Ní dhéanfaidh an Rialachán sin difear do chur i bhfeidhm na rialacha maidir le Státchabhair, a chuirtear i bhfeidhm de réir an cháis.

trédhearcachta, na hoibiachtúlachta, na comhréireachta agus ***an neamh-idirdhealaithe i leithdháileadh fógraíochta poiblí, teachtaireachtaí éigeandála ag údaráis phoiblí agus acmhainní*** stáit agus acmhainní ***an Aontais*** ar sholáthraithe seirbhíse meán ***agus ar soláthraithe ardán ar líne*** chun ***críche*** earraí nó seirbhísí a cheannach uathu seachas fógraíocht stáit, ***nó cistiúchán chun teachtaireachtaí éigeandála a tharchur ag údaráis phoiblí***. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá***, lena n-áirítear tairbhithe agus méideanna*** a ***chaitear, a*** bhaineann le fógraíocht ***phoiblí*** stáit ***agus tacaíocht airgeadais stáit eile*** ar fáil go poiblí i bhformáid leictreonach atá éasca a fheiceáil, a rochtain agus a íoslódáil, i gcomhréir le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta maidir le rúndacht tráchtála. ***Trí Stór Eorpach Cistiúcháin Phoiblí don Fhógraíocht arna oibriú ag an mBord Eorpach um Sheirbhísí Meán a bhunú, ba cheart inrochtaineacht agus aonfhoirmeacht na faisnéise maidir le fógraíocht phoiblí d'fhaighteoirí seirbhísí meán a neartú agus a ráthú tuilleadh.*** Ní dhéanfaidh an Rialachán sin difear do chur i bhfeidhm na rialacha maidir le Státchabhair, a chuirtear i bhfeidhm de réir an cháis.

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 50

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(50) Ba cheart faireachán rialta a dhéanamh ar rioscaí d'fheidhmiú agus d'athléimneacht mhargadh inmheánach na meán mar chuid de na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí na meán. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an bhfaireachán sin sonraí mionsonraithe agus	(50) Ba cheart faireachán rialta a dhéanamh ar rioscaí d'fheidhmiú agus d'athléimneacht mhargadh inmheánach na meán mar chuid de na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí na meán. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an bhfaireachán sin sonraí mionsonraithe agus

measúnuithe cáilíochtúla a sholáthar maidir le hathléimneacht an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena mhéad atá an margadh comhchruinnithe ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach ***agus na rioscaí a bhaineann le cúbláil faisnéise agus cur isteach ar fhaisnéis ag páirtithe eachtracha***. Ba cheart é a dhéanamh go neamhspleách, ar bhonn liosta láidir ***de phríomhtháscairí feidhmíochta,*** arna fhorbairt agus arna thabhairt cothrom le ***dáta*** go rialta ag an ***gCoimisiún, i gcomhairle leis an*** mBord. I bhfianaise chineál na rioscaí agus na bhforbairtí teicneolaíocha atá ag teacht chun cinn go tapa i margadh inmheánach na meán, ba cheart a áireamh san fhaireachán cleachtaí réamhbhreathnaitheacha amhail tástálacha struis chun athléimneacht ionchasach mhargadh inmheánach na meán a mheas, chun aird a thabhairt ar leochaileachtaí maidir le hiolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta, agus chun cuidiú le hiarrachtaí chun rialachas, cáilíocht sonraí agus bainistiú riosca a fheabhsú. Go háirithe, ba cheart a chumhdach leis an bhfaireachán ***leibhéal na gníomhaíochta agus na hinfheistíochta trasteorann,*** an chomhair rialála agus an chóineasaithe i rialáil na meán, bacainní ar sholáthar seirbhísí meán, lena n-áirítear i dtimpeallacht dhigiteach, chomh maith le trédhearcacht agus cothroime maidir le hacmhainní eacnamaíocha a leithdháileadh i margadh inmheánach na meán. Ba cheart breathnú freisin ar threochtaí níos leithne i margadh inmheánach na meán agus i margaí náisiúnta na meán chomh maith le reachtaíocht náisiúnta a dhéanann difear do sholáthraithe seirbhísí meán. Ina theannta sin, ba cheart forléargas a thabhairt san fhaireachán ar na bearta a rinne soláthraithe seirbhíse meán d'fhonn neamhspleáchas cinntí eagarthóireachta aonair a ráthú, lena n-áirítear na cinntí sin a mholtar sa Mholadh a ghabhann leis seo. Chun na caighdeáin is airde maidir leis an

measúnuithe cáilíochtúla a sholáthar maidir le hathléimneacht an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena mhéad atá an margadh comhchruinnithe ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach ***freisin***. Ba cheart é a dhéanamh go neamhspleách, ar bhonn liosta láidir ***critéar*** arna fhorbairt agus arna thabhairt cothrom le ***data*** go rialta ag an mBord. I bhfianaise chineál na rioscaí agus na bhforbairtí teicneolaíocha atá ag teacht chun cinn go tapa i margadh inmheánach na meán, ba cheart a áireamh san fhaireachán cleachtaí réamhbhreathnaitheacha amhail tástálacha struis chun athléimneacht ionchasach mhargadh inmheánach na meán a mheas, chun aird a thabhairt ar leochaileachtaí maidir le hiolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta, agus chun cuidiú le hiarrachtaí chun rialachas, cáilíocht sonraí agus bainistiú riosca a fheabhsú. Go háirithe, ba cheart a chumhdach leis an bhfaireachán an chomhair rialála agus an chóineasaithe i rialáil na meán, bacainní ar sholáthar seirbhísí meán, lena n-áirítear i dtimpeallacht dhigiteach, chomh maith le trédhearcacht agus cothroime maidir le hacmhainní eacnamaíocha a leithdháileadh i margadh inmheánach na meán. Ba cheart breathnú freisin ar threochtaí níos leithne i margadh inmheánach na meán agus i margaí náisiúnta na meán chomh maith le reachtaíocht náisiúnta a dhéanann difear do sholáthraithe seirbhísí meán. Ina theannta sin, ba cheart forléargas a thabhairt san fhaireachán ar na bearta a rinne soláthraithe seirbhíse meán d'fhonn neamhspleáchas cinntí eagarthóireachta aonair a ráthú, lena n-áirítear na cinntí sin a mholtar sa Mholadh a ghabhann leis seo. Chun na caighdeáin is airde maidir leis an bhfaireachán sin a áirithiú, ba cheart don Bhord a bheith rannpháirteach go cuí, ós rud é go dtugann sé le chéile eintitis a bhfuil saineolas speisialaithe ar mhargaí na meán acu.

bhfaireachán sin a áirithiú, ba cheart don Bhord a bheith rannpháirteach go cuí, ós rud é go dtugann sé le chéile eintitis a bhfuil saineolas speisialaithe ar mhargaí na meán acu.

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 51

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(51) Chun an foras a ullmhú i gcomhair chur chun feidhme ceart an Rialacháin sin, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha atá ann maidir le húdaráis neamhspleácha na meán, leis an mBord agus leis na leasuithe riachtanacha ar Threoir 2010/13/AE (Airteagail 7 go 12 agus 27 den Rialachán sin) 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Ghnímh, agus beidh feidhm ag gach foráil eile den Rialachán sin 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin. Go háirithe, tá gá leis sin chun a áirithiú go mbunófar an Bord in am chun cur chun feidhme rathúil an Rialacháin a áirithiú.	(51) ***Ba cheart don Choimisiún na gníomhaíochtaí riachtanacha a dhéanamh*** chun ***faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh éifeachtach na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán sin. Chun*** an foras a ullmhú i gcomhair chur chun feidhme ceart an Rialacháin sin, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha atá ann maidir le húdaráis neamhspleácha na meán, leis an mBord agus leis na leasuithe riachtanacha ar Threoir 2010/13/AE (Airteagail 7 go 12 agus 27 den Rialachán sin) 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Ghnímh, agus beidh feidhm ag gach foráil eile den Rialachán sin 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin. Go háirithe, tá gá leis sin chun a áirithiú go mbunófar an Bord in am chun cur chun feidhme rathúil an Rialacháin a áirithiú.

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3 Ní dhéanfaidh an Rialachán sin difear don ***deis*** atá ag na Ballstáit rialacha níos mionsonraithe a ghlacadh sna réimsí a chumhdaítear le ***Caibidil II*** agus ***Roinn 5***	3 Ní dhéanfaidh an Rialachán sin difear don ***fhéidearthacht*** atá ag na Ballstáit rialacha níos mionsonraithe ***nó níos déine*** a ghlacadh sna réimsí a

de Chaibidil III, ar choinníoll go ***gcomhlíonann*** na rialacha sin dlí an Aontais.

chumhdaítear le ***Caibidil II*** agus ***Roinn 5 de Chaibidil III agus le hAirteagal 24 de Roinn 6 de Chaibidil III***, ar choinníoll go ***gcomhlíoann*** na rialacha sin dlí an Aontais.

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse meán’ duine nádúrtha nó dlítheanach arb é a ghníomhaíocht ghairmiúil seirbhís meán a sholáthar agus a bhfuil freagracht eagarthóireachta air as ábhar na seirbhíse meán a roghnú agus a chinneann an bealach ina n-eagraítear é;	(2) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse meán’ duine nádúrtha nó dlítheanach***, lena n-áirítear daoine nádúrtha i gcineálacha fostaíochta neamhchaighdeánacha, amhail saorobair agus iriseoireacht neamhspleách,*** arb é a ghníomhaíocht ghairmiúil ***chun*** seirbhís meán a sholáthar agus a bhfuil freagracht eagarthóireachta air as ábhar na seirbhíse meán a roghnú agus a chinneann an ***cur chuige agus an pheirspictíocht a bhaineann leis an ábhar agus an*** bealach ina n-eagraítear é ***a chur i láthair agus a sholáthar***;

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7 a) ciallaíonn ‘príomhfheidhmeannach’ duine nádúrtha a dhéanann nó a dhéanann maoirseacht ar chinntí eagarthóireachta laistigh de sholáthraí seirbhíse meán;

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9 ciallaíonn ‘freagracht eagarthóireachta’ rialú éifeachtach a fheidhmiú maidir le roghnú na gclár nó na bpreasfhoilseachán agus maidir lena n-eagrú, chun seirbhís meán a sholáthar, beag beann ar dhliteanas a bheith ann faoin dlí náisiúnta i leith na seirbhíse a sholáthraítear;	9 ciallaíonn ‘freagracht eagarthóireachta’ rialú éifeachtach a fheidhmiú maidir le roghnú na gclár nó ***ábhar*** na bpreasfhoilseachán ***chomh maith le táirgí meán eile*** agus maidir lena n-eagrú, chun ***críocha*** seirbhís meán a sholáthar, beag beann ar dhliteanas a bheith ann faoin dlí náisiúnta i leith na seirbhíse a sholáthraítear;

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9 a) ciallaíonn ‘ardán ar líne’ seirbhís mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (i) de Rialachán (AE) 2022/2065;

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9 b) ciallaíonn ‘inneall cuardaigh ar líne’ seirbhís mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (j) de Rialachán (AE) 2022/2065;

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9 c) ciallaíonn ‘soláthraí ardáin ar líne’ seirbhís óstála mar a shainmhínítear

	in Airteagal 3 (I) de Rialachán (AE) 2022/2065;

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) ciallaíonn ‘soláthraí ardáin an-mhór ar líne’ soláthraí ardáin ar líne arna ainmniú mar ardán an-mhór ar líne de bhun ***Airteagal 25***(4) de Rialachán (AE) 2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha];	(10) ciallaíonn ‘soláthraí ardáin an-mhór ar líne’ soláthraí ardáin ar líne arna ainmniú mar ardán an-mhór ar líne de bhun ***Airteagal 33***(4) de Rialachán (AE) 2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha];

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10 a) ciallaíonn ‘soláthraí innill chuardaigh an-mhór ar líne’ soláthraí innill chuardaigh arna ainmniú mar inneall cuardaigh an-mhór r líne de bhun Airteagal 33(4) de Rialachán (AE) 2022/2065;

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) ciallaíonn ‘comhchruinniú margaidh meán’ comhchruinniú mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3*** de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 a bhfuil ***soláthraí seirbhíse meán*** amháin ar a laghad páirteach ann;	(13) ciallaíonn ‘comhchruinniú margaidh meán’ comhchruinniú mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3*** de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 a bhfuil ***páirtí*** amháin ar a laghad ***i slabhra luacha na meán*** páirteach ann***, amhail soláthraithe seirbhíse meán, soláthraithe ardán an-***

mhór ar líne nó soláthraithe inneall cuardaigh an-mhór ar líne;

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) ciallaíonn 'tomhais pobail meáin' an ghníomhaíocht arb é atá ann sonraí ***faoi líon agus saintréithe úsáideoirí seirbhísí meán*** a bhailiú, a léirmhíniú nó a phróiseáil ar bhealach eile chun cinntí ***a dhéanamh*** maidir le leithdháileadh nó praghsanna fógraíochta nó pleanáil, ***táirgeadh*** nó dáileadh gaolmhar ábhair;	(14) ciallaíonn 'tomhais pobail meáin' an ghníomhaíocht arb é atá ann sonraí a bhailiú, a léirmhíniú nó a phróiseáil ar bhealach eile ***maidir le líon agus saintréithe úsáideoirí seirbhísí meán agus úsáideoirí ardán ar líne*** chun ***críocha*** cinntí maidir le leithdháileadh nó praghsanna fógraíochta nó ***ceannach,*** pleanáil, ***díol*** nó dáileadh gaolmhar ábhair;

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Ciallaíonn 'fógraíocht stáit' teachtaireacht fógraíochta nó féinfhógraíochta a ***shuíomh***, a fhoilsiú nó a scaipeadh, in aon seirbhís meán, ar íocaíocht nó ar aon chomaoin eile de ghnáth, ag aon údarás poiblí náisiúnta nó réigiúnach, ***nó thar a gceann,*** amhail rialtais náisiúnta, ***chónaidhme*** nó réigiúnacha, údaráis nó comhlachtaí rialála chomh maith le fiontair faoi úinéireacht stáit nó eintitis eile faoi rialú stáit ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, nó aon rialtas áitiúil de chuid eintiteas críochach ***a bhfuil níos mó ná 1 mhilliún áitritheoir ann***;	(15) Ciallaíonn 'fógraíocht stáit' teachtaireacht fógraíochta nó ***teachtaireacht*** féinfhógraíochta a ***shuiteáil***, a fhoilsiú nó a scaipeadh, in aon seirbhís meán ***nó ardán ar líne nó inneall cuardaigh a sholáthraíonn seirbhísí meán***, ar íocaíocht nó ar aon chomaoin eile de ghnáth, ag ***institiúidí nó comhlachtaí an Aontais nó thar a gceann nó ag*** aon údarás poiblí náisiúnta nó réigiúnach ***nó áitiúil***, amhail rialtais náisiúnta, ***chónaidhmeacha*** nó réigiúnacha ***agus áitiúla***, údaráis ***rialála*** nó comhlachtaí rialála chomh maith le fiontair faoi úinéireacht stáit nó eintitis eile faoi rialú stáit ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, nó aon rialtas áitiúil de chuid eintiteas críochach;

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15 a) Ciallaíonn 'teachtaireachtaí éigeandála ó údaráis phoiblí' teachtaireacht de chineál faisnéiseach a chur, a fhoilsiú nó a scaipeadh, in aon seirbhís meán, a mheasann na húdaráis phoiblí a bheith riachtanach i gcás tubaistí nádúrtha nó sláintíochta, tionóiscí, teagmhais thobann eile nó staideanna criticiúla eile a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do dhaoine aonair;

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) ciallaíonn '***earraí spiaireachta***' aon ***táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá ceaptha teacht i dtír ar leochaileachtaí i dtáirgí eile ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena gcumasaítear faireachas ceilte ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha trí fhaireachán***, asbhaint, ***bailiú nó anailísiú*** a ***dhéanamh ar shonraí ó na táirgí sin nó ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha a úsáideann na táirgí sin, go háirithe trí ghlaonna a thaifeadadh go rúnda nó trí mhicreafón feiste úsáideora deiridh a úsáid ar bhealach eile, trí dhaoine nádúrtha, meaisíní nó a dtimpeallacht a scannánú, trí theachtaireachtaí a chóipeáil, grianghraif a ghlacadh, gníomhaíocht brabhsálaí a rianú, geoshuíomh a rianú, sonraí braiteora eile a*** bhailiú nó ***trí ghníomhaíochtaí thar níos mó ná aon fheiste úsáideora deiridh amháin a rianú,*** gan an duine nádúrtha nó dlítheanach lena mbaineann a ***bheith curtha*** ar an eolas ar bhealach sonrach agus toiliú sainráite ***sonrach a bheith tugtha aige*** i ndáil leis sin;	(16) ciallaíonn '***teicneolaíochtaí faireachais***' aon ***ionstraim/táirge digiteach***, ***meicniúil, nó ionstraim/táirge eile lenar féidir faisnéis a fháil trí shonraí a thascradh, a fhaire, a*** asbhaint, a bhailiú nó ***a anailísiú*** gan an duine nádúrtha nó dlítheanach lena mbaineann a ***chur*** ar an eolas ar bhealach sonrach agus toiliú ***sonrach*** sainráite ***a thabhairt ina leith sin, mar a shainmhínítear faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2016/679*** i ndáil leis sin;

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16 a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) ciallaíonn '***earraí*** spiaireachta' aon ***táirge*** ag a bhfuil eilimintí digiteacha ***atá saincheaptha teacht i dtír ar leochaileachtaí i dtáirgí eile ag a bhfuil eilimintí digiteacha*** lena gcumasaítear faireachas ceilte ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha trí fhaireachán, asbhaint, bailiú nó anailísiú a dhéanamh ar shonraí ó na táirgí sin nó ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha a úsáideann na táirgí sin, ***go háirithe trí ghlaonna a thaifeadadh go rúnda nó trí mhicreafón feiste úsáideora deiridh a úsáid*** ar bhealach ***eile***, ***trí dhaoine nádúrtha, meaisíní nó a dtimpeallacht a scannánú, trí theachtaireachtaí a chóipeáil, grianghraif a ghlacadh, gníomhaíocht brabhsálaí a rianú, geoshuíomh a rianú, sonraí braiteora eile a bhailiú nó trí ghníomhaíochtaí thar níos mó ná aon fheiste úsáideora deiridh amháin a rianú,*** gan an duine nádúrtha nó dlítheanach lena mbaineann a ***bheith curtha*** ar an eolas ar bhealach sonrach agus toiliú sainráite ***sonrach a bheith tugtha aige*** i ndáil leis sin;	(16 ***a***) ciallaíonn '***earra*** spiaireachta' aon ***teicneolaíocht faireachais*** ag a bhfuil ***ardleibhéal ionsáite a eascraíonn go háirithe as an rochtain fhairsing is féidir a chur ar fáil d'fheistí agus dá bhfeidhmiúlachtaí, a dheartar de ghnáth chun leochaileachtaí i dtáirgí ag a bhfuil*** eilimintí digiteacha ***a shaothrú*** lena gcumasaítear faireachas ***cuimsitheach*** ceilte ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha***, lena n-áirítear go cúlghabhálach*** trí fhaireachán, asbhaint, bailiú nó anailísiú a dhéanamh ar shonraí ó na táirgí sin nó ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha a úsáideann na táirgí sin, ***lena n-áirítear*** ar bhealach ***neamh-idirdhealaitheach***, gan an duine nádúrtha nó dlítheanach lena mbaineann a ***chur*** ar an eolas ar bhealach sonrach agus toiliú ***sonrach*** sainráite ***a thabhairt, mar a shainmhínítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2016/679*** i ndáil leis sin;

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 17 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) sceimhlitheoireacht,	(a) ***an*** sceimhlitheoireacht, ***mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón***

gComhairle,

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17 a) ciallaíonn 'comhéadan úsáideora' seirbhís nó saoráid a sholáthraíonn forléargas téacsúil nó amhairc ar sheirbhísí meán closamhairc nó ar a n-ábhar, a fhónann d'fhonn ábhar closamhairc nó seirbhísí closamhairc a threorú, a fhionnadh, a aimsiú, a roghnú nó a rochtain ag an úsáideoir;

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 17 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17 b) ciallaíonn 'soláthraí comhéadain úsáideora' duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn comhéadan úsáideora, a chinneann, den chuid is mó, dearadh an fhorléargais ar sheirbhísí meán closamhairc agus an t-ord nó an bealach ina gcuirtear i láthair an úsáideora iad.

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 17 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17 c) Ciallaíonn 'faighteoirí seirbhísí meán' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil 'seirbhís meán' beartaithe dó, mar a leagtar amach i

bhfomhír 1 den mhír sin.

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh sé de cheart ag faighteoirí seirbhísí meán san Aontas iolrachas ***ábhair*** nuachta agus ***ábhair*** reatha ***a fháil***, arna dtáirgeadh agus urraim á tabhairt do shaoirse eagarthóireachta soláthraithe seirbhíse meán, chun ***leasa an*** dioscúrsa ***phoiblí***.	Beidh sé de cheart ag faighteoirí seirbhísí meán san Aontas ***rochtain a bheith acu, ar bhealach atá inrochtana go héasca, ar*** iolrachas ***seirbhísí meán, go háirithe ábhar*** nuachta agus ***cúrsaí*** reatha, arna dtáirgeadh agus urraim á tabhairt do shaoirse eagarthóireachta soláthraithe seirbhíse meán, ***in éagmais aon chur isteach, ó údaráis agus ó chomhlachtaí náisiúnta, chomh maith le fógróirí, deontóirí, páirtithe polaitiúla agus gníomhaithe stáit agus neamhstáit ó thríú tíortha,*** chun ***tairbhe na gcríoch a bhaineann le*** dioscúrsa ***poiblí saor agus daonlathach***.

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 Beidh sé de cheart ag soláthraithe seirbhíse meán a ngníomhaíochtaí ***eacnamaíocha*** a fheidhmiú sa mhargadh inmheánach gan srianta seachas na srianta a cheadaítear faoi dhlí an Aontais.	1 Beidh sé de cheart ag soláthraithe seirbhíse meán a ngníomhaíochtaí a fheidhmiú sa mhargadh inmheánach gan srianta seachas na srianta a cheadaítear faoi dhlí an Aontais.

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2 Urramóidh na Ballstáit saoirse eagarthóireachta éifeachtach ***na*** soláthraithe seirbhíse meán. Ní dhéanfaidh na Ballstáit, lena n-áirítear a n-údaráis agus a gcomhlachtaí rialála ***náisiúnta*** an méid seo a leanas:	2 Urramóidh ***an tAontas,*** na Ballstáit ***agus eintitis phríobháideacha*** saoirse eagarthóireachta ***agus neamhspleáchas*** éifeachtach soláthraithe seirbhíse meán. Ní dhéanfaidh na Ballstáit, lena n-áirítear a n-údaráis agus a gcomhlachtaí rialála***; institiúidí ná gníomhaireachtaí*** an ***Aontais ná eintitis phríobháideacha an*** méid seo a leanas:

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) cur isteach ar bheartais eagarthóireachta agus ar chinntí ***ó*** sholáthraithe seirbhíse meán nó iarracht a dhéanamh tionchar a imirt orthu ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach;	(a) cur isteach ar bheartais eagarthóireachta agus ar chinntí ***eagarthóireachta*** sholáthraithe seirbhíse meán nó iarracht a dhéanamh tionchar a imirt orthu ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach;

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a a) oibleagáid a chur ar sholáthraithe seirbhísí meán agus ar a bhfostaithe aon fhaisnéis a bhaineann leis an bpróiseáil eagarthóireachta a nochtadh nó an fhaisnéis sin a scaipeadh, lena n-áirítear maidir lena bhfoinsí;

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) soláthraithe seirbhíse meán nó, más infheidhme, ***daoine dá dteaghlaigh,*** a ***bhfostaithe nó a*** mbaill teaghlaigh, nó a n-áitreabh corparáideach agus príobháideach***,*** a choinneáil, smachtbhanna a ***chur*** orthu, ***iad a idircheapadh, iad a chur faoi réir faireachais nó cuardaigh*** agus ***urghabhála***, nó cigireacht a dhéanamh orthu, ar ***an bhforas go ndiúltaíonn siad faisnéis a nochtadh maidir lena bhfoinsí, mura bhfuil údar leis sin mar gheall ar cheanglas sáraitheach ar mhaithe le leas an phobail, i gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt agus i gcomhréir le dlí eile de chuid an Aontais***;	(b) soláthraithe seirbhíse meán***, a bhfostaithe*** nó, más infheidhme, a mbaill teaghlaigh, nó ***aon ábhar eile*** a ***bhaineann lena líonra gairmiúil caidrimh, lena n-áirítear teagmhálacha ócáideacha, nó a*** n-áitreabh corparáideach agus príobháideach a choinneáil, smachtbhanna a ***ghearradh*** orthu, ***cuardach*** agus ***urghabháil***, nó cigireacht a dhéanamh orthu, ***i gcás ina bhféadfadh sárú*** ar ***a ngníomhaíocht ghairmiúil a bheith mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin agus go háirithe i gcás ina bhféadfadh rochtain ar fhoinsí iriseoireachta a bheith mar thoradh orthu***;

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b a) rochtain a fháil ar shonraí ábhair criptithe in aon fheiste nó meaisín a úsáideann soláthraithe seirbhíse meán nó, más infheidhme, a dteaghlaigh nó a bhfostaithe nó baill dá dteaghlaigh nó, más infheidhme, aon duine eile a bhaineann lena líonra gairmiúil nó príobháideach caidrimh, lena n-áirítear teagmhálacha ócáideacha;

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***bogearraí spiaireachta a imscaradh*** in aon ***ghaireas*** nó meaisín a úsáideann soláthraithe seirbhíse meán nó,	(c) ***bearta a chur*** in ***úsáid le haghaidh teicneolaíochtaí faireachais nó faireachais nó treoir a thabhairt d'eintitis***

más infheidhme, a mbaill teaghlaigh, nó a bhfostaithe nó a mbaill teaghlaigh, ***mura rud é go bhfuil údar leis an imscaradh, ar bhonn cás ar chás, ar fhorais slándála náisiúnta agus go bhfuil sé i gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt agus dlí eile de chuid an Aontais nó go ndéantar an t-imscaradh in imscrúduithe coiriúla tromchúiseacha a rinne duine de na daoine thuasluaite, go bhforáiltear dó faoin dlí náisiúnta agus go bhfuil sé i gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt agus le dlí eile de chuid an Aontais, agus nach mbeadh na bearta arna nglacadh de bhun fhomhír (b) oiriúnach agus leordhóthanach chun an fhaisnéis atá á lorg a fháil***.

phríobháideacha na teicneolaíochtaí sin a úsáid, in aon ***fheiste*** nó meaisín a úsáideann soláthraithe seirbhíse meán nó, más infheidhme, a mbaill teaghlaigh, nó a bhfostaithe nó a mbaill teaghlaigh ***nó***, ***más infheidhme, aon ábhar eile a bhaineann lena líonra gairmiúil, lena n-áirítear teagmhálacha ócáideacha***.

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) earraí spiaireachta nó teicneolaíochtaí ionsáite comhchosúla a chur in úsáid, nó treoir a thabhairt d'eintitis phríobháideacha na teicneolaíochtaí sin a úsáid, in aon fheiste nó meaisín a úsáideann soláthraithe seirbhíse meán nó, más infheidhme, a mbaill teaghlaigh, nó a bhfostaithe nó a mbaill teaghlaigh nó, más infheidhme, aon duine eile a bhaineann lena líonra gairmiúil, lena n-áirítear teagmhálacha ócáideacha.

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe c b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c b) Tríú páirtí a choimisiúnú chun

aon cheann de na bearta faoi mhíreanna (b), (ba), (c) agus (ca) a dhéanamh.

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Ní dhéanfar gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2 a dhiúscairt ach amháin mura mbaineann a n-imscaradh le gníomhaíocht ghairmiúil soláthraithe seirbhíse meán agus a bhfostaithe, mura mbeidh rochtain ar fhoinsí iriseoireachta ann dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta, má tá údar leis ar bhonn cás ar chás chun coireanna tromchúiseacha a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, mar a liostaítear in Airteagal 2(17) den Rialachán sin, i gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt agus le dlí eile de chuid an Aontais, má tá sé comhréireach maidir leis an aidhm dhlisteanach atá á saothrú, agus nuair nach leor bearta eile chun an fhaisnéis atá á lorg a fháil. Na húdaráis atá i mbun na mbeart sin, staonfaidh siad ó shonraí a bhaineann le gníomhaíocht ghairmiúil soláthraithe seirbhíse meán agus a bhfostaithe a aisghabháil, go háirithe sonraí a thairgeann rochtain ar fhoinsí iriseoireachta.

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 b. Ní dhéanfar bearta dá dtagraítear i bpointe (ba) agus i bpointe (c) de mhír 2 a dhiúscairt ach amháin mura bhfuil baint ag a n-imscaradh le gníomhaíocht

	ghairmiúil soláthraithe seirbhíse meán agus a bhfostaithe, mura dtagann rochtain ar fhoinsí iriseoireachta astu, má chomhlíonann siad na critéir a fhorordaítear i mír 2a agus mura mbaineann siad ach le himscrúdú nó ionchúiseamh coireanna tromchúiseacha mar a liostaítear in Airteagal 2(17) den Rialachán sin agus atá inphionóis sa Bhallstát lena mbaineann le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála ar feadh uastréimhse cúig bliana ar a laghad, úsáidtear iad mar rogha dheireanach nuair nach leor na bearta dlíthiúla dá dtagraítear i bpointe (b) chun an fhaisnéis atá á lorg a fháil agus má tá siad faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil ag údarás neamhspleách agus neamhchlaonta.

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 c. Ní dhéanfar bearta dá dtagraítear i bpointe (ca) de mhír 2 a dhiúscairt ach amháin má chomhlíonann a n-imscaradh na critéir a leagtar amach i mír 2b agus má úsáidtear é mar rogha dheireanach, i gcás nach leor na bearta dá dtagraítear i bpointí (ba) agus (c) chun an fhaisnéis atá á lorg a fháil.

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 d. Ní dhiúscrófar bearta dá

	dtagraítear i mír 2, pointí (b), (ba), (c) agus (ca) mura ndéanfaidh údarás breithiúnach neamhspleách neamhchlaonta a n-imscaradh a ordú ex ante, a mbeidh bearta leighis éifeachtacha, aitheanta agus inrochtana acu, a áiritheofar i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt agus i gcomhréir le dlí eile de chuid an Aontais. Beidh imscaradh na mbeart dá dtagraítear i mír 2, pointí (ba), (c) agus (ca) faoi réir grinnscrúdú ex post trí athbhreithniú breithiúnach nó trí shásra maoirseachta neamhspleách eile. Cuirfidh na Ballstáit daoine a bhfuil na bearta sin dírithe orthu, chomh maith leo siúd a bhfuarthas rochtain ar a gcuid sonraí nó a gcumarsáid, ar an eolas faoi fhíorais, ré, raon feidhme agus modh próiseála na sonraí a fuarthas le linn na bearta sin a bheith á ndiúscairt, agus áiritheoidh siad rochtain ar shásamh trí chomhlacht neamhspleách dóibh siúd a ndéanann diúscairt na mbeart sin difear dóibh go díreach nó go hindíreach. Foilseoidh na Ballstáit líon na n-iarrataí a formheasadh agus a diúltaíodh chun na bearta sin a dhiúscairt. Na coimircí dá bhforáiltear leis an mír sin, cuimseoidh siad daoine nádúrtha i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta, amhail daoine a bhíonn ag obair ar bhonn féinfhostaithe, a fheidhmíonn gníomhaíochtaí sa réimse céanna le soláthraithe seirbhíse meán agus a bhfostaithe.

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3 Gan dochar don cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a ráthaítear do gach duine nádúrtha agus dlítheanach, agus sa bhreis ar an gceart sin, ainmneoidh na	3 Gan dochar don cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a ráthaítear do gach duine nádúrtha agus dlítheanach, agus sa bhreis ar an gceart sin, ainmneoidh ***agus***

Ballstáit údarás nó comhlacht neamhspleách chun gearáin a láimhseáil ***arna dtaisceadh ag*** soláthraithe seirbhíse meán nó***, más infheidhme, ag baill dá dteaghlaigh, ag*** a bhfostaithe nó ***ag baill dá dteaghlaigh***, maidir le sáruithe ar ***mhír 2, pointí*** (b) agus (***c***). Beidh sé de cheart ag soláthraithe seirbhíse meán a iarraidh ar an údarás nó ar an gcomhlacht sin tuairim a eisiúint, laistigh de 3 mhí ón iarraidh, maidir le comhlíonadh mhír 2, ***pointí*** (b) ***agus*** (c).	***ráthóidh*** na Ballstáit údarás nó comhlacht neamhspleách***, amhail ombudsman,*** chun gearáin a láimhseáil ***a thaisceann*** soláthraithe seirbhíse meán nó a bhfostaithe***, a mbaill teaghlaigh, baill teaghlaigh a bhfostaithe,*** nó ***aon duine eile atá bainteach go gairmiúil nó go príobháideach leo***, maidir le sáruithe ar ***mhír 2, an chéad fhomhír, pointí*** (***aa), (***b***), (ba), (c), (ca)*** agus (***cb***). Beidh sé de cheart ag soláthraithe seirbhíse meán a iarraidh ar an údarás nó ar an gcomhlacht sin tuairim a eisiúint, laistigh de 3 mhí ón iarraidh, maidir le comhlíonadh mhír 2, ***an chéad fhomhír, pointí*** (***aa), (***b***),*** (***ba), (***c***), (ca) agus (cb)***.

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 ***Soláthróidh*** soláthraithe meán seirbhíse poiblí iolrachas faisnéise agus tuairimí ***dá bpobail meáin*** ar bhealach neamhchlaonta, i gcomhréir lena ***misean*** seirbhíse poiblí.	1 ***Beidh*** soláthraithe meán seirbhíse poiblí ***neamhspleách ó thaobh eagarthóireachta de agus soláthróidh siad*** iolrachas faisnéise agus tuairimí ***go neamhspleách agus*** ar bhealach neamhchlaonta ***d'fhaighteoirí seirbhísí meán***, i gcomhréir lena ***sainchúram*** seirbhíse poiblí.

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ceapfar ceann bainistíochta agus ***comhaltaí bhord rialaithe na soláthraithe*** meán seirbhíse poiblí trí nós imeachta trédhearcach oscailte neamh-idirdhealaitheach agus ar bhonn critéir thrédhearcacha oibiachtúla neamh-	Ceapfar ***an*** ceann bainistíochta***, comhaltaí an bhoird rialaithe*** agus ***gach post bainistíochta a bhfuil freagracht orthu as beartas eagarthóireachta sholáthraithe na*** meán seirbhíse poiblí trí nós imeachta trédhearcach***,*** oscailte ***agus*** neamh-

idirdhealaitheacha agus chomhréireacha a leagtar síos roimh ré leis an dlí náisiúnta.	idirdhealaitheach***,*** agus ***é mar aidhm leis ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach agus*** ar bhonn critéir thrédhearcacha***,*** oibiachtúla***,*** neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha ***lena gcuirtear béim ar inniúlacht ghairmiúil, neodracht pholaitiúil agus tiomantas d'iriseoireacht seirbhíse poiblí,*** a leagtar síos ***síos*** roimh ré leis an dlí náisiúnta. ***Beidh na critéir roghnúcháin intuartha agus comhsheasmhach do na hiarrthóirí agus beidh siad ar eolas bliain amháin ar a laghad roimh an gceapachán atá beartaithe.***

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bunófar fad a dtéarma oifige ***leis an dlí náisiúnta,*** agus ***beidh sé oiriúnach agus leordhóthanach*** chun neamhspleáchas éifeachtach an tsoláthraí seirbhíse meán poiblí a áirithiú. Ní fhéadfar iad a dhífhostú roimh dheireadh a dtéarma oifige ach amháin ar bhonn ***eisceachtúil*** i gcás nach gcomhlíonann siad a thuilleadh na coinníollacha atá réamhshainithe go dlíthiúil is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh a leagtar síos roimh ré leis an dlí náisiúnta nó ar chúiseanna sonracha a bhaineann le hiompar neamhdhleathach nó mí-iompar tromchúiseach mar a shainítear iad roimh ré sa dlí náisiúnta.	***Ceithre bliana ar*** a ***laghad a bheidh i*** dtéarma oifige ***cheann na bainistíochta*** agus ***chomhaltaí an bhoird rialála*** chun ***go mbeidh sé leordhóthanach agus chun*** neamhspleáchas éifeachtach an tsoláthraí seirbhíse meán poiblí a áirithiú. Ní fhéadfar iad a dhífhostú roimh dheireadh a dtéarma oifige ach amháin ***in imthosca eisceachtúla agus*** ar bhonn ***sásra athbhreithnithe*** i gcás nach gcomhlíonann siad a thuilleadh na coinníollacha atá réamhshainithe go dlíthiúil is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh a leagtar síos roimh ré leis an dlí náisiúnta nó ar chúiseanna sonracha a bhaineann le hiompar neamhdhleathach nó mí-iompar tromchúiseach mar a shainítear iad roimh ré sa dlí náisiúnta. ***Ag deireadh an téarma nó i gcás ina mbristear ceann bainistíochta***

	soláthraithe meán seirbhíse poiblí as a phost, cuirfear tús le nós imeachta nua chun ceann bainistíochta agus comhaltaí an bhoird rialaithe a cheapadh. Beidh údar cuí le cinntí maidir le dífhostú, faoi réir fógra a thabhairt roimh ré don duine lena mbaineann, agus áireofar iontu go bhféadfaí athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh. Cuirfear buneolas maidir leis na forais le dífhostú ar fáil don phobal.

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Gan dochar do cheart na mBallstát sainiú a dhéanamh ar inniúlachtaí agus dualgais cheann na bainistíochta agus chomhaltaí bhord rialála sholáthraithe na meán seirbhíse poiblí mar a leagtar síos leis an dlí náisiúnta, ní ghlacfaidh ceann bainistíochta ná comhaltaí an bhoird rialála cinntí eagarthóireachta ó eagarthóirí, ná ní chuirfidh siad isteach orthu ná ní chuirfidh siad isteach orthu iad, a fheidhmeoidh freagracht eagarthóireachta i soláthraithe meán seirbhíse poiblí de réir bhrí Airteagal 2(9) den Rialachán sin.

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit go ***mbeidh acmhainní leordhóthanacha agus cobhsaí***	3. Áiritheoidh na Ballstáit go ***mbainfidh*** soláthraithe meán seirbhíse

ag soláthraithe meán seirbhíse poiblí ***chun a misean*** seirbhíse poiblí ***a chomhlíonadh***. Beidh na ***hacmhainní*** sin amhlaidh chun go gcosnófar neamhspleáchas eagarthóireachta.

poiblí ***tairbhe as cistiú inbhuanaithe, arb é is aidhm dó neamhspleáchas eagarthóireachta a éascú agus a chothú, arna leithdháileadh ar bhonn ilbhliantúil agus arna gcinneadh de réir nósanna imeachta intuartha, trédhearcacha, neamhspleácha, neamhchlaonta agus neamh-idirdhealaitheacha agus ar bhonn critéir thrédhearcacha, oibiachtúla agus chomhréireacha a leagtar síos roimh ré leis an dlí náisiúnta agus na caighdeáin a leagtar síos sa 'Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le Státchabhair ar chraoltóireacht*** seirbhíse poiblí***'[1a] á gcur san áireamh***. Beidh na ***nósanna imeachta*** sin amhlaidh chun go gcosnófar neamhspleáchas eagarthóireachta.

[1a] IO C 257, 27.10.2009, lch. 1–14

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4 ***Ainmneoidh*** Ballstáit údarás nó comhlacht neamhspleách amháin nó níos mó chun faireachán a dhéanamh ar ***an gcomhlíontacht le mír 1*** go 3.	4 ***Cuirfidh na*** Ballstáit ***sásra i bhfeidhm agus féadfaidh siad*** údarás nó comhlacht neamhspleách amháin nó níos mó ***a ainmniú*** chun faireachán a dhéanamh ar ***chomhlíonadh mhír 1*** go ***mír*** 3. ***Tar éis fionnachtana a bhaineann le neamhchomhlíonadh nó comhlíonadh páirteach an Airteagail sin, cuirfidh na húdaráis nó na comhlachtaí neamhspleácha ainmnithe na torthaí ar fáil don phobal, seolfaidh siad imscrúdú i gcomhréir leis na forálacha rialála comhfhreagracha sa Bhallstát agus cuirfidh siad an Bord Eorpach um Sheirbhísí na Meán agus an Coimisiún ar an eolas faoi.***

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Dualgais ***na*** soláthraithe seirbhíse meán a ***sholáthraíonn*** inneachar ***nuachta agus cúrsaí reatha***	Dualgais soláthraithe seirbhíse meán a ***fheidhmíonn freagracht eagarthóireachta ar*** inneachar

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 ***Tabharfaidh*** soláthraithe seirbhíse meán a ***sholáthraíonn*** ábhar ***nuachta*** agus ***cúrsaí reatha rochtain éasca agus dhíreach*** d'fhaighteoirí a ***gcuid*** seirbhísí ***ar an bhfaisnéis seo a leanas***:	1 ***Déanfaidh*** soláthraithe seirbhíse meán a ***fheidhmíonn freagracht eagarthóireachta ar*** ábhar ***an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil go héasca*** agus ***go díreach*** d'fhaighteoirí a seirbhísí ***i bhformáid leictreonach, i bhformáid atá inléite ag meaisín agus atá áisiúil don úsáideoir***:

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) a n-ainm dlíthiúil agus a gcuid sonraí ***teagmhála***;	(a) a n-ainm dlíthiúil agus a gcuid sonraí ***clárúcháin***;

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ainm ***(***ainmneacha***)*** a ***n-úinéara***	(b) ainm ***nó*** ainmneacha ***agus, i gcás***

dhírigh nó indírigh (a n-úinéirí ***díreacha nó*** indíreacha***) a shealbhaíonn scaireanna a chuireann*** ar a ***gcumas dóibh tionchar a imirt ar an oibríocht agus ar an gcinnteoireacht straitéiseach;***	***inarb infheidhme,*** a ***oifig chláraithe, an fhoirm dhlíthiúil agus ainm/ainmneacha an ionadaí dhlíthiúil nó na n-ionadaithe dlíthiúla atá ag a n-úinéir díreach nó indíreach nó ag a*** n-úinéirí indíreacha ***le scairshealbhaíochtaí de 15 %*** ar a ***laghad dá chaipiteal agus i gcás inarb infheidhme, a mhéid atá a n-úinéireacht dhíreach, indíreach nó thairbhiúil i seilbh an rialtais, institiúide stáit, fiontair faoi úinéireacht stáit nó comhlachta phoiblí eile.***

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ainm (ainmneacha) a n-úinéirí tairbhiúla de réir bhrí ***Airteagal 3, pointe 6 de Threoir*** (AE) ***2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.***	(c) ainm(ainmneacha) a n-úinéirí tairbhiúla de réir bhrí ***Airteagal 2, mír 1, pointe 22 de Rialachán*** (AE) ***XXXX/XXX [an Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid]***

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) ainm dlíthiúil aon fhógróirí, urraitheoirí nó deontóirí ar ionann a n-íocaíochtaí bliantúla nó a ranníocaíochtaí leis an soláthraí seirbhíse meán agus 10 % nó níos mó de láimhdeachas bliantúil an tsoláthraí sin;

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe c b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c b) seirbhísí fógraíochta polaitiúla a sholáthar trí aon ábhar polaitiúil a fógraíodh nó atá urraithe ar bhealach eile a mharcáil agus a lipéadú go soiléir agus trí ábhar aon chonartha le haghaidh fógraíocht pholaitiúil arna thabhairt i gcrích ag an soláthraí seirbhíse meán a chur ar fáil go poiblí, lena n-áirítear tríd an méid iomlán míosúil a fhaightear le haghaidh na seirbhíse fógraíochta a nochtadh, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/XXX [Rialachán maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú ar fhógraíocht pholaitiúil];

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe c c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c c) faisnéis maidir leis an struchtúr úinéireachta a bhaineann lena máthairchuideachtaí agus lena gcomhchuideachtaí, chomh maith lena bhfochuideachtaí;

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus arna iarraidh sin dóibh, déanfaidh na soláthraithe seirbhíse meán, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, an fhaisnéis seo a leanas atá cothrom le dáta a chur ar fáil do na húdaráis nó do na comhlachtaí rialála náisiúnta, don Bhord agus d'aon

	páirtithe eile a bhfuil leas dlisteanach acu.
	(a) leasanna gnó agus airgeadais, naisc nó gníomhaíochtaí a n-úinéirí agus a mbaill teaghlaigh arb eol gur dlúthchomhlaigh iad de dhaoine atá faoi riteacht pholaitiúil mar a shainmhínítear i bpointe 25, mír 1, d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) XXXX/XXX [an Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid];

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 b. Cuirfidh soláthraithe seirbhíse meán an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 faoi bhráid na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta agus faoi bhráid an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí Meán, arna iarraidh sin dóibh, agus cuirfidh siad ar an eolas iad laistigh de 30 lá faoi aon athrú ar a n-úinéireacht.

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2 Gan dochar do dhlíthe bunreachtúla náisiúnta ***atá comhsheasmhach*** leis an gCairt, ***glacfaidh*** soláthraithe seirbhíse meán a sholáthraíonn ***nuacht*** agus cúrsaí reatha na bearta ***a mheasann siad a bheith*** iomchuí ***d'fhonn*** neamhspleáchas ***na gcinntí eagarthóireachta aonair a áirithiú. Go háirithe, beidh sé d'aidhm ag na bearta sin:***	2 Gan dochar do dhlíthe bunreachtúla náisiúnta ***nó do dhlíthe náisiúnta eile, lena n-áirítear dlíthe náisiúnta maidir le hiolrachas sna meáin agus saoirse na meán i gcomhréir*** leis an gCairt, ***déanfaidh*** soláthraithe seirbhíse meán a ***fheidhmíonn freagracht eagarthóireachta ar ábhar a*** sholáthraíonn ***ábhar nuachta*** agus cúrsaí reatha na bearta ***féinrialála*** iomchuí ***chun*** neamhspleáchas cinntí eagarthóireachta aonair a ***ráthú bunaithe***

a) a ráthú go mbeidh an tsaoirse ag eagarthóirí chun cinntí eagarthóireachta aonair a ***ghlacadh le linn dóibh a ngníomhaíocht*** ghairmiúil ***a fheidhmiú; agus***

(b) a áirithiú go nochtfar aon choinbhleacht leasa a bheadh nó a d'fhéadfadh a bheith ag páirtí ar bith a bhfuil leas aige i soláthraithe seirbhíse meán a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do sholáthar nuachta agus cúrsaí reatha.

ar líne eagarthóireachta ghairmiúil ***bhunaithe***.

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2 a) Gan dochar don cheart atá ag úinéirí nó ag an eintiteas atá faoi dhliteanas dlíthiúil as an ábhar an líne ghinearálta eagarthóireachta nó na spriocanna straitéiseacha nó ginearálta a leagan amach, ráthóidh úinéirí nó bainistíocht cuideachtaí eile soláthraithe seirbhíse meán neamhspleáchas na n-eagarthóirí agus na n-eagarthóirí, maidir le cinntí eagarthóireachta aonair a dhéantar i bhfeidhmiú a ngairme.

Leasú 119

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2 b) Gan dochar do dhlíthe bunreachtúla náisiúnta atá i gcomhréir leis an gCairt, déanfaidh soláthraithe seirbhíse meán a fheidhmíonn freagracht eagarthóireachta ar ábhar na bearta iomchuí féinrialála chun coinbhleacht leasa a nochtadh ag aon pháirtí a bhfuil leas aige i soláthraithe seirbhíse meán a

	d'fhéadfadh difear a dhéanamh do sholáthar ábhair.

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 c – (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2 c) Moltar do sholáthraithe seirbhíse meán ionstraimí féinrialála a fhorbairt, de réir mar a mheasann siad a bheith iomchuí, amhail cóid iompair, i gcomhar le comhlachais ghairmiúla nó eagraíochtaí iriseoirí, ionadaithe foilsitheoirí agus geallsealbhóirí eile, lena mbunaítear prionsabail an neamhspleáchais, na hiontaofachta agus na saoirse faisnéise, chomh maith le róil, cearta agus oibleagáidí na ngníomhaithe éagsúla a bhfuil baint acu leis an bpróiseas faisnéise.

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3 Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí faoin Airteagal sin maidir le soláthraithe seirbhíse meán ar micrifhiontair iad de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE.	***scriosta***

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 6 a

Srianta ar Úinéireacht na Meán

1 Duine nádúrtha ar cuireadh na feidhmeanna poiblí suntasacha seo a leanas de chúram air:

a. i mBallstát:

i. cinn Stáit, cinn rialtais, airí;

b. ar leibhéal an Aontais:

i. Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin agus comhaltaí an Choimisiúin;

c. i dtríú tír:

i. feidhmeanna ar coibhéiseach iad leo siúd a liostaítear i bpointe (a);

ní úinéirí tairbhiúla iad, mar a shainmhínítear de réir bhrí Airteagal 2, mír 1, pointe 22, de Rialachán (AE) XXXX/XXX [an Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid], ar aon phreasfhoilseacháin, nó seirbhís meán closamhairc laistigh de thréimhse a dtéarma oifige.

2. Nuair a chuirtear feidhm phoiblí fheiceálach de chúram ar dhuine i gcomhréir le mír 1 den Airteagal sin, foirceannfaidh sé oibriú an tsoláthraí seirbhíse meán nó foirceannfaidh sé an caidreamh gnó, lena gceadaítear tionchar a imirt ar an soláthraí seirbhíse meán, leis an soláthraí seirbhíse meán gan moill mhíchuí, ach tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis dó a bheith ina dhuine atá faoi riteacht pholaitiúil.

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Ráthóidh na Ballstáit uathriail eagraíochtúil agus fheidhmiúil na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta, chomh maith leis an

	neamhspleáchas oibríochtúil chun a n-acmhainní airgeadais agus daonna a bhainistiú.

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3 Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní leordhóthanacha airgeadais, daonna agus teicniúla ag na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta chun a gcúraimí a dhéanamh faoin Rialachán sin.	3 Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní leordhóthanacha airgeadais, daonna agus teicniúla ag na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta chun a gcúraimí a dhéanamh faoin Rialachán sin ***a chur i gcrích go neamhspleách ar aon rialtas, ar aon chomhlacht poiblí nó príobháideach, ar bhealach trédhearcach agus gan aon tionchar polaitiúil ná aon tionchar míchuí eile. Beidh na leithdháiltí sin inbhuanaithe agus i gcomhréir leis na cúraimí breise a thugtar faoin Rialachán sin.***

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 a. Áiritheoidh na Ballstáit go gceapfar cinn agus comhaltaí na n-údarás agus na gcomhlachtaí rialála náisiúnta trí nós imeachta trédhearcach, oscailte agus neamh-idirdhealaitheach agus ar bhonn critéir oibiachtúla, atá cothrom ó thaobh inscne de, soiléir, trédhearcach agus comhréireach a leagtar síos roimh ré leis an dlí náisiúnta. Ní fhéadfar iad a dhífhostú roimh dheireadh a dtéarma oifige ach amháin in imthosca eisceachtúla i gcás nach gcomhlíonann siad a thuilleadh na coinníollacha atá réamhshainithe go

dlíthiúil is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh nó mí-iompar tromchúiseach mar a shainítear iad roimh ré sa dlí náisiúnta. Beidh údar cuí le cinntí maidir le dífhostú, faoi réir fógra a thabhairt roimh ré don duine lena mbaineann, agus áireofar iontu go bhféadfaí athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh. Cuirfear buneolas maidir leis na forais le dífhostú ar fáil don phobal.

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 b. Ní dhéanfaidh comhaltaí na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta, a gcomhlachtaí rialaithe agus a lucht bainistíochta, i bhfeidhmiú a gcúraimí nó i bhfeidhmiú a gcumhachtaí, treoracha a iarraidh ná a ghlacadh ón rialtas, ón institiúid, ón duine ná ón gcomhlacht ná ní chomhlíonfaidh siad a misin ar bhealach éifeachtach, neamhspleách agus trédhearcach. Ní dhéanfaidh sé sin difear d'inniúlachtaí an Bhoird ná an Choimisiúin i gcomhréir leis an Rialachán sin.

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 c. Laistigh de bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin de bhun Airteagal 28(2), déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur chun feidhme an Airteagail sin. Chuige sin, cuirfidh na Ballstáit gach faisnéis ábhartha chuig an gCoimisiún arna

iarraidh sin dó.

Leasú 128

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áireofar leis na cumhachtaí sin go háirithe an chumhacht chun iarraidh ar na daoine sin faisnéis a sholáthar, laistigh de thréimhse ama réasúnta, atá comhréireach agus riachtanach chun na cúraimí faoi ***Chaibidil III*** a dhéanamh***.*** féadfar an t-iarratas a chur ar aon duine eile freisin, a d'fhéadfadh an fhaisnéis a theastaíonn a bheith acu go réasúnta, chun críoch a dtrádála, a ngnó nó a ngairme.	***Leagfar síos*** na cumhachtaí sin ***roimh ré leis an dlí náisiúnta agus áireofar leo*** go háirithe an chumhacht chun iarraidh ar na daoine sin faisnéis a sholáthar, laistigh de thréimhse ama réasúnta, atá comhréireach agus riachtanach chun na cúraimí faoi ***Chaibidil III*** a dhéanamh***;*** féadfar an t-iarratas a chur ar aon duine eile freisin, a d'fhéadfadh an fhaisnéis a theastaíonn a bheith acu go réasúnta, chun críoch a dtrádála, a ngnó nó a ngairme.

Leasú 129

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4 a. Cuirfidh na Ballstáit ar iontaoibh na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta bunachar sonraí tiomnaithe d'úinéireacht na meán ar líne a fhorbairt agus a chothabháil mar an Stór Náisiúnta um Úinéireacht na Meán, ina mbeidh sonraí imdhealaithe faoi chineálacha éagsúla meán, mar a shainmhínítear in Airteagal 6.1 den Rialachán sin, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus/nó áitiúil, a mbeadh rochtain dhíreach, éasca, thapa agus éifeachtach ag an bpobal air saor in aisce. Ullmhóidh údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta tuarascálacha bliantúla maidir le húinéireacht seirbhísí meán atá faoi dhlínse Ballstáit ar leith agus cuirfidh siad faoi bhráid an Bhoird Eorpaigh um

Sheirbhísí Meán iad.

Leasú 130

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4 b. Cuirfidh údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta sonraí arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 6.1 den Rialachán sin faoi bhráid an Bhunachair Sonraí Eorpaigh um Úinéireacht na Meán ar bhonn débhliantúil.

Leasú 131

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4 c. Déanfaidh údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta sonraí arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 24 a thíolacadh don Bhunachar Sonraí Eorpach um Thacaíocht Airgeadais Stáit ar bhonn débhliantúil, lena n-áirítear ar leibhéal réigiúnach agus/nó áitiúil, a mbeadh rochtain éasca, thapa agus éifeachtach ag an bpobal air saor in aisce.

Leasú 132

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4 d. Eagróidh údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta comhairliúcháin bhliantúla le hionadaithe earnáil na meán atá bunaithe san Aontas, le comhaltaí na tsochaí shibhialta, leis an saol acadúil

	agus le saineolaithe neamhspleácha ó na meáin. Léireofar torthaí na gcomhairliúchán sin sna tuarascálacha a fhoilseofar go bliantúil.

Leasú 133

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Gníomhóidh an Bord go hiomlán neamhspleách agus a chúraimí á ***ndéanamh*** nó a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige. Go háirithe, agus a chúraimí á ***ndéanamh nó a chumhachtaí á bhfeidhmiú*** aige, ní ***iarrfaidh nó*** ní ghlacfaidh ***an Bord le*** treoracha ó aon ***rialtas***, institiúid, ***duine ná*** comhlacht. Ní dhéanfaidh an méid sin difear d'inniúlachtaí an Choimisiúin ná inniúlachtaí na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta i gcomhréir leis an Rialachán sin.	Gníomhóidh an Bord ***ar*** go hiomlán neamhspleách***, lena n-áirítear neamhspleáchas aon rialtais nó aon tionchair mhíchuí eile,*** agus a chúraimí á ***gcomhlíonadh aige*** nó a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige. Go háirithe, ***beidh an Bord go hiomlán neamhspleách, i gcomhlíonadh a chúraimí nó i bhfeidhmiú a chumhachtaí maidir le haon tionchar polaitiúil, rialtasach nó eile*** agus a chúraimí á ***gcomhlíonadh*** aige ***agus***, ní ***lorgóidh sé ná*** ní ghlacfaidh ***sé*** treoracha ó aon ***ghníomhaireacht náisiúnta***, ***aon chomhlacht, aon duine ná aon*** institiúid, comhlacht***, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais***. Ní dhéanfaidh an méid sin difear d'inniúlachtaí an Choimisiúin ná inniúlachtaí na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta i gcomhréir leis an Rialachán sin.

Leasú 134

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Struchtúr an Bhoird	Struchtúr ***agus comhdhéanamh*** an Bhoird

Leasú 135

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 Beidh an Bord comhdhéanta d'ionadaithe ***údarás*** nó comhlachtaí rialála náisiúnta dá dtagraítear in ***Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE***.	1 Beidh an Bord comhdhéanta d'ionadaithe ***ardleibhéil ó údaráis*** nó comhlachtaí rialála náisiúnta dá dtagraítear in ***Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE***.

Leasú 136

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4 ***Is é*** Cathaoirleach an Bhoird a ***dhéanfaidh*** ionadaíocht ***thar a cheann***. Toghfaidh an Bord Cathaoirleach as a chomhaltaí le tromlach dhá thrian dá chomhaltaí ag a bhfuil cearta vótála. Dhá bhliain a bheidh i dtéarma oifige an Chathaoirligh.	4 ***Déanfaidh*** Cathaoirleach an Bhoird ***agus*** a ***Leas-Chathaoirligh*** ionadaíocht ***thar ceann an Bhoird***. Toghfaidh an Bord Cathaoirleach ***agus ceathrar Leas-Chathaoirleach*** as a chomhaltaí le tromlach dhá thrian dá chomhaltaí ag a bhfuil cearta vótála. ***Cuirfidh an Bord ionadaíocht gheografach san áireamh agus a Chathaoirleach agus a Leas-Chathaoirligh á dtoghadh aige.*** Dhá bhliain a bheidh i dtéarma oifige an Chathaoirligh ***agus na Leas-Chathaoirleach***.

Leasú 137

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5 Ainmneoidh an Coimisiún ionadaí chuig an mBord. Glacfaidh ionadaí an Choimisiúin páirt i ngníomhaíochtaí agus i gcruinnithe ***go léir*** an Bhoird, gan cearta vótála. Coimeádfaidh Cathaoirleach an Bhoird an Coimisiún ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí leanúnacha agus beartaithe an Bhoird. Rachaidh an Bord i	5 Ainmneoidh an Coimisiún ionadaí chuig an mBord. Glacfaidh ionadaí an Choimisiúin páirt i ngníomhaíochtaí agus i gcruinnithe an Bhoird, ***i gcomhaontú leis an mBord,*** gan cearta vótála. Coimeádfaidh Cathaoirleach an Bhoird an Coimisiún ***agus Parlaimint na hEorpa*** ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí leanúnacha

gcomhairle leis an gCoimisiún maidir le hullmhú a chláir oibre agus a phríomhtháirgí insoláthartha.	agus beartaithe an Bhoird. Rachaidh an Bord i gcomhairle leis an gCoimisiún ***agus le geallsealbhóirí ábhartha eile*** maidir le hullmhú a chláir oibre agus a phríomhtháirgí insoláthartha.

Leasú 138

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5 a. Féadfaidh an Bord cuireadh a thabhairt do shaineolaithe agus do bhreathnóirí ó na Ballstáit freastal ar a chruinnithe.

Leasú 139

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6 Féadfaidh an Bord ***cuireadh a thabhairt do shaineolaithe agus do bhreathnóirí freastal ar a chruinnithe***, i gcomhaontú leis an gCoimisiún.	6 Féadfaidh an Bord, i gcomhaontú leis an gCoimisiún***, cuireadh a thabhairt do bhreathnóirí ó lasmuigh den Aontas freastal ar a chruinnithe agus féadfaidh sé breathnóirí buana a ainmniú as measc na n-údarás rialála náisiúnta a bhfuil inniúlacht acu i réimse na meán, a thagann ó thíortha nach bhfuil san Aontas agus a bhfuil comhaontuithe déanta acu leis an Aontas chuige sin***. ***Ní bheidh cearta vótála ag na breathnóirí.***

Leasú 140

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6 a. Rachaidh an Bord, go háirithe le

linn dó ábhair a phlé nó cinntí a dhéanamh a bhaineann le hearnáil na meán neamh-chlosamhairc, i gcomhairle leis an Sainghrúpa Neamh-Chlosamhairc sna Meáin agus glacfaidh sé comhairle uaidh;

Leasú 141

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 6 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6 b. Eagróidh an Bord comhairliúcháin bhliantúla le hionadaithe na soláthraithe seirbhísí meán atá bunaithe san Aontas, le comhaltaí na sochaí sibhialta, leis an saol acadúil agus le saineolaithe neamhspleácha ó na meáin. Gan dochar do neamhspleáchas an Bhoird, léireofar torthaí na gcomhairliúchán sin agus a chlár oibre agus a ghníomhaíochtaí á n-ullmhú.

Leasú 142

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	7 a. Cuirfear cearta vótála údaráis nó comhlachta rialála náisiúnta laistigh den Bhord ar fionraí i gcás ina gcomhlíonfar ceann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:
	i. tá an Ballstát a bhfuil ionadaíocht á déanamh ag an údarás nó ag an gcomhlacht rialála náisiúnta ar an mBord faoi réir nós imeachta um shárú i ndáil le sárú ar Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE;
	ii. ionstraimí faireacháin neamhspleácha

	ar iolrachas na meán lena léirítear ardriosca neamhspleáchais an údaráis nó an chomhlachta rialála náisiúnta i gcomhair dhá bhliain as a chéile.
	iii. tá an Ballstát faoi réir nós imeachta de bhun Airteagal 7 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tar éis sáruithe ar an smacht reachta a bhaineann le saincheisteanna a bhaineann le mainneachtain seasamh le saoirse na meán nó iolrachas na meán.
	iv. Léirítear sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 12 pointe (g) de mhír 1 go bhfuil neamhchomhlíonadh tromchúiseach á dhéanamh ag an údarás nó ag an gcomhlacht rialála sin maidir lena oibleagáidí maidir le saoirse na meán sa Bhallstát a chosaint.

Leasú 143

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 7 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	7 b. Foirceannfar fionraí na gceart vótála a luaithe nach mbeidh na critéir a leagtar síos in Airteagal 10 (7ú) den Rialachán sin á gcomhlíonadh a thuilleadh.

Leasú 144

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Glacfaidh an Bord a rialacha nós imeachta trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí ag a bhfuil cearta vótála, i ***gcomhaontú*** leis an gCoimisiún.	8. Glacfaidh an Bord a rialacha nós imeachta trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí ag a bhfuil cearta vótála, ***tar éis dul*** i ***gcomhairle*** leis an gCoimisiún. ***Ní bheidh torthaí an chomhairliúcháin sin ina gceangal ar an mBord. Leagfaidh an***

Bord síos, ina rialacha nós imeachta, na socruithe praiticiúla maidir leis na socruithe praiticiúla chun coinbhleachta leasa a chosc agus a bhainistiú. Cuirfidh an Bord Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi aon athruithe substaintiúla a ghlacfaidh sé ar a rialacha nós imeachta.

Leasú 145

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 10 a
	Sainghrúpa Neamh-Chlosamhairc na Meán
	1. Bunóidh an Bord Eorpach um Sheirbhísí na Meán Grúpa Saineolaithe Neamh-Chlosamhairc (Sainghrúpa);
	2. Beidh an Sainghrúpa comhdhéanta d'ionadaithe ó earnáil na meán lasmuigh den earnáil chlosamhairc, arna gceapadh i nós imeachta trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, bunaithe ar iarratais arna gcur faoi bhráid an Bhoird;
	3. Leagfar síos líon na gcomhaltaí i Rialacha Nós Imeachta an Bhoird agus beidh sé comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit uile, chomh maith le hochtar ionadaithe ó chomhlachais iriseoireachta Eorpacha, eagraíochtaí nó daoine nádúrtha a bhfuil saineolas acu in earnáil na meán;
	***4. Cuirfidh an Sainghrúpa saineolas neamhspleách, cúnamh neamhspleách agus comhairle neamhspleách ar fáil don Bhord le linn dó a chúraimí a chomhlíonadh maidir le saincheisteanna a bhaineann le saoirse agus iolrachas na meán neamh-chlosamhairc agus féadfaidh sé comhairle a chur ar fáil don Bhord in aon chás arna iarraidh sin don**

Bhord;

5. Rachaidh an Bord i gcomhairle leis an Sainghrúpa nuair a bheidh a chlár oibre bliantúil agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe á mbunú aige;

Leasú 146

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 ***Beidh*** rúnaíocht ***ag*** an mBord, a ***sholáthróidh an Coimisiún***.	1 ***Tacóidh*** rúnaíocht ***a bheidh neamhspleách ar*** an ***gCoimisiún agus ar na Ballstáit leis an*** mBord, ***agus gníomhóidh sí de réir threoracha an Bhoird amháin. Cuirfear dóthain buiséid, saineolais neamhspleách agus acmhainní daonna ar fáil don rúnaíocht chun tacú leis an mBord na cúraimí*** a ***leagtar amach sa Rialachán sin a chur i gcrích***.

Leasú 147

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Déanfar comhaltaí na rúnaíochta a roghnú agus a cheapadh trí chomórtas oscailte trédhearcach;

Leasú 148

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Gan dochar do na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún leis na Conarthaí, cuirfidh an Bord chun cinn feidhmiú éifeachtach comhsheasmhach an Rialacháin sin agus na	Gan dochar do na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún leis na Conarthaí ***agus d'inniúlachtaí na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta***, cuirfidh

rialacha náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2010/13/AE chun feidhme ar fud an Aontais. Déanfaidh an Bord na nithe seo a leanas:	an Bord chun cinn feidhmiú éifeachtach comhsheasmhach an Rialacháin sin agus na rialacha náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2010/13/AE chun feidhme ar fud an Aontais. Déanfaidh an Bord na nithe seo a leanas:

Leasú 149

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) comhairle a chur ar an gCoimisiún, ***i gcás ina n-iarrfaidh sé*** sin, maidir leis na gnéithe rialála, teicniúla nó praiticiúla a bhaineann le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin sin agus cur chun feidhme Threoir 2010/13/AE chomh maith le ***gach ábhar*** eile a bhaineann le seirbhísí meán laistigh dá inniúlacht. I gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún comhairle nó tuairimí ón mBord, féadfaidh sé teorainn ama a shonrú, agus práinn an ábhair á cur san áireamh;	(c) comhairle a chur ar an gCoimisiún, ***ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh*** sin ***dó***, maidir leis na gnéithe rialála, teicniúla nó praiticiúla a bhaineann le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin sin agus cur chun feidhme Threoir 2010/13/AE chomh maith le ***hábhair*** eile a bhaineann le seirbhísí meán laistigh dá inniúlacht. I gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún comhairle nó tuairimí ón mBord, féadfaidh sé teorainn ama a shonrú, agus práinn an ábhair á cur san áireamh;

Leasú 150

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ***nuair a iarrann an Coimisiún sin air,*** tuairimí a ***sholáthar faoi*** na saincheisteanna teicniúla agus fíorasacha a thagann chun cinn i ndáil le ***hAirteagal 2***(5c), ***Airteagal 3***(2) agus (3), ***Airteagal 4***(4), ***pointe*** (c) agus ***Airteagal 28a***(7) de ***Threoir 2010/13/AE***;	(d) tuairimí a ***thabhairt ar a thionscnamh féin, nó arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, ar*** na saincheisteanna teicniúla agus fíorasacha a thagann chun cinn i ndáil le ***hAirteagal 2***(5c), ***Airteagal 3***(2) agus (3), ***Airteagal 4***(4), ***pointe*** (c) agus ***Airteagal 28a***(7) de ***Threoir 2010/13/AE***;

Leasú 151

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe e – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ***i gcomhaontú leis an gCoimisiún,*** tuairimí a tharraingt suas ***i ndáil*** leis na nithe seo a leanas:	(e) tuairimí a tharraingt suas ***maidir*** leis na nithe seo a leanas:

Leasú 152

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe e – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) iarrataí ar chomhar ***agus*** cúnamh frithpháirteach idir údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 13(7) den Rialachán sin;	(i) iarrataí ar chomhar ***lena n-áirítear malartú faisnéise agus/nó*** cúnamh frithpháirteach idir údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 13(7) den Rialachán sin;

Leasú 153

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe f – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, tuairimí a tharraingt suas ***i ndáil*** leis ***na nithe*** seo a leanas:	(f) ***ar a thionscnamh féin,*** arna iarraidh sin ag an gCoimisiún ***nó ag Parlaimint na hEorpa***, tuairimí a tharraingt suas ***maidir*** leis ***an méid*** seo a leanas:

Leasú 154

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe f – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) bearta náisiúnta ar ***dóchúil*** go ndéanfaidh siad difear d'fheidhmiú an	(i) bearta náisiúnta ar ***dócha*** go ndéanfaidh siad difear d'fheidhmiú an

mhargaidh inmheánaigh ***le haghaidh seirbhísí*** meán, i gcomhréir le ***hAirteagal 20***(4) den Rialachán sin;	mhargaidh inmheánaigh ***do sheirbhísí*** meán ***nó a mbeidh tionchar suntasach acu ar iolrachas na meán***, i gcomhréir le ***hAirteagal 20***(4) den Rialachán sin;

Leasú 155

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe f – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) comhchruinnithe i margadh na meán ar ***dóchúil*** go ndéanfaidh siad difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh ***le haghaidh seirbhísí*** meán, i gcomhréir le ***hAirteagal 22***(1) den Rialachán sin;	(ii) comhchruinnithe i margadh na meán ***agus seirbhísí gaolmhara amhail priontáil agus scaipeadh táirgí*** ar ***dócha*** go ndéanfaidh siad difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh ***do sheirbhísí*** meán ***agus a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta***, i gcomhréir le ***hAirteagal 22***(1) den Rialachán sin;

Leasú 156

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) tuairimí ***nó*** dréacht-tuairimí náisiúnta nó ***cinntí a tharraingt suas lena*** ndéantar measúnú ar an tionchar ***a bhíonn ag comhchruinnithe is infhógartha i margadh na meán*** ar iolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta i gcás ina bhféadfadh ***sé go ndéanfadh*** an comhchruinniú sin difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, i gcomhréir le hAirteagal 21***(5)*** den Rialachán sin;	(g) tuairimí ***a tharraingt suas maidir le*** dréacht-tuairimí náisiúnta nó ***dréachtchinntí náisiúnta ina*** ndéantar measúnú ar an tionchar ar iolrachas na meán agus ***ar*** neamhspleáchas eagarthóireachta ***a bhaineann le comhchruinniú margaidh meán infhógartha agus seirbhísí gaolmhara amhail táirgí a phriontáil agus a scaipeadh*** i gcás ina bhféadfadh an comhchruinniú sin difear ***a dhéanamh*** d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán sin ***(chomh maith leis na comhchruinnithe atá ann cheana ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin, i***

	gcomhréir le hAirteagal 22 den Rialachán sin), agus na torthaí sin a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa arna iarraidh sin di*; *agus na tuairimí sin á dtarraingt suas aige, cuirfidh an Bord san áireamh, ina mheasúnú, torthaí na tuarascála bliantúla maidir leis an smacht reachta ón gCoimisiún, chomh maith le torthaí ionstraimí lena ndéantar faireachán ar iolrachas na meán agus an riosca foriomlán i leith iolrachas na meán á chinneadh aige;

Leasú 157

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe g a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(g a) eiseoidh sí treoirlínte agus moltaí maidir le modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar chomhchruinnithe margaidh meán dá dtagraítear in Airteagal 21 den Rialachán sin agus déanfaidh sí faireachán ar chomhlíonadh na dtreoirlínte agus na moltaí sin;

Leasú 158

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe h – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) fachtóirí atá le cur san áireamh nuair a chuirtear na critéir i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag comhchruinnithe i margadh na meán, i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán sin;	(ii) fachtóirí atá le cur san áireamh nuair a chuirtear na critéir i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag comhchruinnithe i margadh na meán ***agus seirbhísí gaolmhara amhail priontáil agus scaipeadh táirgí***, i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán sin;

Leasú 159

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 –mír 1 – pointe 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(l a) arna iarraidh sin nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an Bord cúnamh idirghabhála a sholáthar i gcás nach ann do chomhaontú idir soláthraithe seirbhíse meán agus soláthraithe ardán an-mhór ar líne de bhun Airteagal 17(4)

Leasú 160

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe m

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(m) malartú dea-chleachtas a chothú a ***mhéid a*** bhaineann ***sé*** le cur in úsáid córas tomhais ar phobal meáin, i gcomhréir le hAirteagal 23(5) den Rialachán sin.	(m) malartú dea-chleachtas a chothú ***agus comhlíonadh na gcód iompair atá ann cheana*** a bhaineann le cur in úsáid córas tomhais ar phobal meáin ***a chur chun cinn***, i gcomhréir le hAirteagal 23(5) den Rialachán sin.

Leasú 161

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1 – pointe m a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(m a) teimpléad chun tuairisciú a dhéanamh ar úinéireacht soláthraithe seirbhíse meán agus ar leithdháileadh acmhainní stáit de réir Airteagal 6(4) agus Airteagal 24(2a) den Rialachán sin a tharraingt suas agus a chur ar fáil do na húdaráis agus do na comhlachtaí rialála náisiúnta arna mbunú i gcomhréir le Treoir 2010/13/AE.

Leasú 162

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 –mír 1 – pointe m b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(m b) Stór Eorpach an Chistiúcháin Phoiblí d'Fhógraíocht Stáit a bhunú agus a oibriú a leithdháilfear ar sholáthraithe seirbhíse meán i ngach Ballstát, arna thiomsú ar bhonn na dtuarascálacha arna gcur isteach ag údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta agus lena n-áirítear ríomh na fógraíochta stáit arna leithdháileadh ar sholáthraithe seirbhíse meán i ndáil lena n-ioncam bliantúil agus tagarmharcanna ar leibhéal Eorpach a bhunú maidir le cleachtais leithdháilte;

Leasú 163

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 –mír 1 – pointe m c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(m c) an Bunachar Sonraí Eorpach um Úinéireacht na Meán a bhunú agus a chothabháil lena mbailítear faisnéis arna soláthar ag údaráis agus comhlachtaí rialála náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán sin.

Leasú 164

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 –mír 1 – pointe m d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(m d) idirphlé struchtúrtha a eagrú le hionadaithe ó sholáthraithe seirbhísí meán, ón tsochaí shibhialta, ón saol acadúil agus ó gheallsealbhóirí ábhartha eile chun comhoibriú agus chun faisnéis, taithí agus dea-chleachtais a mhalartú

maidir le cur chun feidhme an Rialacháin sin agus Threoir 2010/13/AE. Beidh torthaí na gcomhairliúchán sin mar bhonn eolais d'ullmhú a chláir oibre agus a ghníomhaíochtaí, agus beidh siad ar fáil go poiblí.

Leasú 165

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 –mír 1 – pointe m e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(m e) tuarascáil bhliantúil mhionsonraithe a ullmhú maidir lena ghníomhaíochtaí agus a chúraimí dá bhforáiltear san Airteagal sin, go háirithe forléargas ar an staid reatha maidir le comhlíonadh na moltaí arna n-eisiúint ag an mBord. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil ar fáil go poiblí. Soláthróidh an Bord, ina thuarascálacha bliantúla amach anseo, obair leantach ar na tuarascálacha a ullmhaíodh roimhe sin.

Leasú 166

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 –mír 1 – pointe m f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(m f) treoirlínte agus moltaí a fhorbairt maidir le critéir, i gcomhairle le geallsealbhóirí na meán, maidir le cistí poiblí a dháileadh trí thacaíocht airgeadais stáit i gcomhréir le hAirteagal 24 den Rialachán sin, lena n-áiritheofar go gcosnófar iad ó chur isteach polaitiúil.

Leasú 167

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 –mír 1 – pointe m g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(m g) anailís a dhéanamh ar an idirspleáchas féideartha idir soláthraithe seirbhíse meán agus an stát a chruthaítear le sreafaí airgeadais ón stát chuig úinéirí na meán trí chonarthaí stáit trí chuideachtaí a bhaineann leis an ngrúpa gnó céanna leis an soláthraí seirbhíse meán, atá ag feidhmiú i dtionscail eile. Ba cheart don Bhord treoirlínte a tharraingt suas maidir le conas aon choinbhleacht leasa a eascraíonn as beartas eagarthóireachta a chosc agus maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aici ar an mbeartas eagarthóireachta.

Leasú 168

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2 I gcás ina measfaidh údarás nó comhlacht rialála náisiúnta go bhfuil baol tromchúiseach mór ann go ndéanfaí dochar d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán nó go bhfuil baol tromchúiseach mór ann go ndéanfaí dochar don ***tslándáil*** agus don ***chosaint*** phoiblí, féadfaidh sé a iarraidh ar údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta eile comhar nó cúnamh frithpháirteach brostaithe a sholáthar, agus comhlíontacht le cearta bunúsacha a áirithiú an tráth céanna, go háirithe leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.	2 I gcás ina measfaidh údarás nó comhlacht rialála náisiúnta go bhfuil baol tromchúiseach mór ann go ndéanfaí dochar d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán nó go bhfuil baol tromchúiseach mór ann go ndéanfaí dochar don ***daonlathas*** agus don ***smacht reachta agus/nó don tslándáil*** phoiblí, féadfaidh sé a iarraidh ar údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta eile comhar nó cúnamh frithpháirteach brostaithe a sholáthar, agus comhlíontacht le cearta bunúsacha a áirithiú an tráth céanna, go háirithe leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

Leasú 169

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3 Beidh an fhaisnéis go léir is gá, lena n-áirítear an cuspóir agus na fáthanna leis, in iarrataí ar chomhar nó cúnamh frithpháirteach, lena n-áirítear comhar nó cúnamh frithpháirteach brostaithe.	3 Beidh an fhaisnéis go léir is gá, lena n-áirítear an cuspóir agus na fáthanna leis, ***mar atá sonraithe i Rialacha Nós Imeachta an Bhoird*** in iarrataí ar chomhar nó cúnamh frithpháirteach, lena n-áirítear comhar nó cúnamh frithpháirteach brostaithe.

Leasú 170

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6 Déanfaidh an t-údarás faighte iarrata a dhícheall aghaidh agus freagra a thabhairt ar an iarraidh gan moill mhíchuí. Soláthróidh an t-údarás faighte iarrata torthaí idirthréimhseacha laistigh de 14 lá féilire ón iarraidh a fháil, agus tabharfaidh sé nuashonruithe tráthrialta ina dhiaidh sin faoin dul chun cinn maidir le feidhmiú na hiarrata. I gcás iarrataí ar chomhar nó cúnamh frithpháirteach brostaithe, tabharfaidh an t-údarás faighte iarrata aghaidh agus freagra ar an iarraidh laistigh de 14 lá féilire.	6 Déanfaidh an t-údarás faighte iarrata a dhícheall aghaidh agus freagra a thabhairt ar an iarraidh gan moill mhíchuí. Soláthróidh an t-údarás faighte iarrata torthaí idirthréimhseacha laistigh de 14 lá féilire ón iarraidh a fháil, agus tabharfaidh sé nuashonruithe tráthrialta ina dhiaidh sin faoin dul chun cinn maidir le feidhmiú na hiarrata. I gcás iarrataí ar chomhar nó cúnamh frithpháirteach brostaithe, tabharfaidh an t-údarás faighte iarrata aghaidh agus freagra ar an iarraidh laistigh de 14 lá féilire. ***Déanfar sonraí breise maidir le nós imeachta an chomhair struchtúrtha, lena n-áirítear cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe, a shainiú i rialacha nós imeachta an Bhoird.***

Leasú 171

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7 I gcás nach measfaidh an t-údarás iarrthach gur leordhóthanach na bearta a rinne an t-údarás iarrtha chun aghaidh agus	7 I gcás nach measfaidh an t-údarás iarrthach gur leordhóthanach na bearta a rinne an t-údarás iarrtha chun aghaidh agus

freagra a thabhairt ar a iarraidh, cuirfidh sé an t-údarás iarrtha ar an eolas faoin méid sin gan moill mhíchuí, agus míneoidh sé na cúiseanna lena sheasamh. Mura n-aontaíonn an t-údarás iarrtha leis an seasamh sin, nó mura bhfaightear freagra ón údarás iarrtha, féadfaidh ceachtar údarás an t-ábhar a chur faoi bhráid an Bhoird. Laistigh de 14 lá féilire ón tarchur sin a fháil, eiseoidh an Bord***, i gcomhaontú leis an gCoimisiún,*** tuairim maidir leis an ábhar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí molta. Déanfaidh an t-údarás iarrtha a dhícheall tuairim an Bhoird a chur san áireamh.	freagra a thabhairt ar a iarraidh, cuirfidh sé an t-údarás iarrtha ar an eolas faoin méid sin gan moill mhíchuí, agus míneoidh sé na cúiseanna lena sheasamh. Mura n-aontaíonn an t-údarás iarrtha leis an seasamh sin, nó mura bhfaightear freagra ón údarás iarrtha, féadfaidh ceachtar údarás an t-ábhar a chur faoi bhráid an Bhoird. Laistigh de 14 lá féilire ón tarchur sin a fháil, eiseoidh an Bord tuairim maidir leis an ábhar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí molta. Déanfaidh an t-údarás iarrtha a dhícheall tuairim an Bhoird a chur san áireamh.

Leasú 172

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2 Gan moill mhíchuí agus laistigh de 30 lá féilire, cuirfidh an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta ***iarrthach*** an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta ***faighte iarrata*** ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí a rinneadh nó atá beartaithe de bhun mhír 1.	2 Gan moill mhíchuí agus laistigh de 30 lá féilire, cuirfidh an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta ***iarrtha*** an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta ***iarrthach*** ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí a rinneadh nó atá beartaithe de bhun mhír 1***, nó tabharfaidh sé údar maith leis na cúiseanna nach ndearnadh beart***.

Leasú 173

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3 I gcás ina mbeidh easaontú idir an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta iarrthach agus an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta ***faighte iarrata*** maidir le gníomhaíochtaí a rinneadh de bhun mhír 1, féadfaidh ceachtar údarás nó comhlacht an t-ábhar a chur faoi bhráid an Bhoird le	3 I gcás ina mbeidh easaontú idir an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta iarrthach agus an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta ***iarrtha*** maidir le gníomhaíochtaí a rinneadh***, nó diúltú gníomhaíocht a dhéanamh,*** de bhun mhír 1, féadfaidh ceachtar údarás nó comhlacht an t-ábhar a

haghaidh idirghabhála d'fhonn teacht ar réiteach cairdiúil.	chur faoi bhráid an Bhoird le haghaidh idirghabhála d'fhonn teacht ar réiteach cairdiúil.

Leasú 174

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4 Mura dtagann an Bord ar aon réiteach cairdiúil tar éis idirghabhála, féadfaidh an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta iarrthach nó an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta iarrtha a iarraidh ar an mBord tuairim a eisiúint maidir leis an ábhar. Ina thuairim, déanfaidh an Bord measúnú ar ar chomhlíon an t-údarás nó an comhlacht iarrththa iarraidh dá dtagraítear i mír 1. Má bhreithníonn an Bord nár chomhlíon an t-údarás iarrtha an iarraidh sin, molfaidh an Bord gníomhaíochtaí chun go gcomhlíonfar an iarraidh. Eiseoidh an Bord a thuairim***, i gcomhaontú leis an gCoimisiún,*** gan moill mhíchuí.	4 Mura dtagann an Bord ar aon réiteach cairdiúil tar éis idirghabhála, féadfaidh an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta iarrthach nó an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta iarrtha a iarraidh ar an mBord tuairim a eisiúint maidir leis an ábhar. Ina thuairim, déanfaidh an Bord measúnú ar ar chomhlíon an t-údarás nó an comhlacht iarrththa iarraidh dá dtagraítear i mír 1. Má bhreithníonn an Bord nár chomhlíon an t-údarás iarrtha an iarraidh sin, molfaidh an Bord gníomhaíochtaí chun go gcomhlíonfar an iarraidh. Eiseoidh an Bord a thuairim gan moill mhíchuí.

Leasú 175

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) rochtain a thabhairt ar fhaisnéis ***faoi*** struchtúr úinéireachta soláthraithe ***seirbhísí*** meán ***closamhairc***, dá bhforáiltear faoi ***Airteagal 5***(2) de ***Threoir 2010/13/AE***.	(b) rochtain a thabhairt ar fhaisnéis ***maidir le*** struchtúr úinéireachta ***na*** soláthraithe ***seirbhíse*** meán, dá bhforáiltear faoi ***Airteagal 5***(2) de ***Threoir 2010/13/AE agus Airteagal 6 den Rialachán sin, chomh maith lena máthairchuideachtaí nó a gcomhchuideachtaí nó a bhfochuideachtaí***.

Leasú 176

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4 ***Cothóidh*** an Bord comhar idir soláthraithe seirbhíse meán, comhlachtaí um chaighdeánú nó aon ***pháirtí leasmhar*** ábhartha eile chun ***go n-éascófar*** forbairt caighdeán teicniúil a bhaineann le comharthaí digiteacha nó le dearadh ***gléasanna nó comhéadan*** úsáideora lena rialaítear nó lena mbainistítear ***an*** rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc agus úsáid na seirbhísí sin.	4 ***Éascóidh*** an Bord comhar idir soláthraithe seirbhíse meán, comhlachtaí um chaighdeánú nó aon ***gheallsealbhóirí*** ábhartha eile chun forbairt caighdeán teicniúil ***comhchuibhithe ar fud an Aontais*** a ***chur chun cinn a*** bhaineann le comharthaí digiteacha nó le dearadh ***gairis nó comhéadain*** úsáideora lena rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc agus úsáid na seirbhísí sin.

Leasú 177

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 ***Bearta*** arna ndéanamh ag údaráis nó comhlachtaí náisiúnta ***rialála*** a bhaineann le scaipeadh seirbhísí meán arna soláthar ag soláthraithe ***seirbhíse*** meán ***atá bunaithe*** lasmuigh den Aontas ***agus*** a dhíríonn ar ***phobail meáin*** san Aontas, ***déanfaidh an Bord iad a chomhordú*** i gcás ***ina ndéanann na seirbhísí meán sin dochar nó ina ngabhann riosca tromchúiseach mór leo go ndéanfaí dochar don tslándáil agus don chosaint phoiblí***, i bhfianaise an rialaithe a d'fhéadfadh tríú tíortha a fheidhmiú orthu, ***inter alia***.	1 ***Gan dochar d'Airteagal 3 de Threoir 2010/13/AE, déanfaidh an Bord,*** arna ***iarraidh sin do na húdaráis rialála náisiúnta nó do na comhlachtaí rialála náisiúnta ó dhá Bhallstát ar a laghad, comhordú ar bhearta ábhartha arna*** ndéanamh ag údaráis nó comhlachtaí ***rialála*** náisiúnta ***lena mbaineann, ar bearta iad*** a bhaineann le scaipeadh seirbhísí meán ***agus rochtain orthu,*** arna soláthar ag soláthraithe ***seirbhísí*** meán ***agus arna mbunú, arna dtionscnamh, arna gcistiú nó faoi úinéireacht gníomhaithe stáit agus neamhstáit ó*** lasmuigh den Aontas***, ar seirbhísí iad*** a dhíríonn ***nó a shroiceann pobal, beag beann*** ar ***a modhanna dáilte,*** san Aontas, i gcás, ***inter alia,*** i bhfianaise an rialaithe a d'fhéadfadh tríú tíortha a fheidhmiú orthu, ***ina ndéanann na seirbhísí meán sin dochar do leas an phobail, don tslándáil phoiblí agus don chosaint, lena n-áirítear cur isteach eachtrach laistigh d'fhaisnéis an Aontais agus do shláinte an***

	éiceachórais, nó ina bhfuil riosca tromchúiseach agus tromchúiseach ag baint leo.

Leasú 178

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2 Féadfaidh an Bord***, i gcomhaontú leis an gCoimisiún,*** tuairimí a eisiúint maidir le bearta náisiúnta iomchuí faoi mhír 1. Déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta ***uile***, lena n-áirítear na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta a ndícheall ***chun*** tuairimí an Bhoird a chur san áireamh.	2 Féadfaidh an Bord tuairimí a eisiúint maidir le bearta náisiúnta iomchuí faoi mhír 1. ***Féadfaidh údaráis rialála náisiúnta nó comhlachtaí de chuid tíre cinn scríbe a iarraidh ar an mBord tuairim a eisiúint lena gcuirfear comhairle ar na húdaráis inniúla náisiúnta bearta iomchuí a dhéanamh i gcoinne an tsoláthraí seirbhíse arna bhunú, arna thionscnamh, arna chistiú nó faoi úinéireacht gníomhaithe stáit agus neamhstáit ó lasmuigh den Aontas. Eiseoidh an Bord treoirlínte maidir le formáid na n-iarrataí sin. Nuair a bheidh an iarraidh curtha le chéile ag líon íosta comhaltaí den Bhord, a shainítear i rialacha nós imeachta an Bhoird, cuirfear an Bord i ngníomh go huathoibríoch chun tuairim a eisiúint. Féadfaidh an Bord dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus na tuairimí sin á n-eisiúint aige, i gcás ina meastar gurb iomchuí sin. Gan dochar dá gcumhachtaí faoin dlí náisiúnta,*** déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta ***lena mbaineann***, lena n-áirítear na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta***,*** a ndícheall tuairimí an Bhoird a chur san áireamh. ***Tabharfaidh an t-údarás inniúil nó an comhlacht na cúiseanna le haon diúltú tabhairt faoi na gníomhaíochtaí molta.***

Leasú 179

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Agus a thuairim á hullmhú aige, deimhneoidh an Bord go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
	(i) go bhfuil fianaise chuí-réasúnaithe ann go bhfuil dochar á dhéanamh ag an tseirbhís meán closamhairc don tslándáil phoiblí nó go bhfuil riosca tromchúiseach agus mór ann go ndéanfaí dochar don tslándáil phoiblí, lena n-áirítear an tslándáil agus an chosaint náisiúnta a choimirciú, don tsláinte phoiblí nó go sáraíonn ábhar an tsoláthraí seirbhíse meán closamhairc airteagal 6(1) de Threoir 2010/13/AE go follasach, go tromchúiseach agus go mór.
	(ii) tá dochar á dhéanamh ag an tseirbhís meán closamhairc do roinnt Ballstát nó don Aontas nó tá riosca tromchúiseach agus mór dochair ag baint léi.

Leasú 180

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 b. Áiritheoidh na Ballstáit, nuair is ábhartha, go mbeidh an bunús dlí ag údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta, agus cinneadh á dhéanamh acu gníomhaíocht a dhéanamh (inter alia trí cheadúnú nó trí chlárú) i gcoinne soláthraí seirbhíse meán arna bhunú nó arna thionsnamh, arna chistiú nó faoi úinéireacht gníomhaithe stáit agus neamhstáit ó lasmuigh den Aontas, chun ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas a chur san áireamh:
	(i) cinneadh arna ghlacadh in aghaidh an

	tsoláthraí sin ag údarás nó comhlacht rialála náisiúnta ó Bhallstát eile agus/nó;
	(ii) tuairim ón mBord maidir leis an soláthraí sin agus arna glacadh ar fhorais an airteagail sin.

Leasú 181

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 c. Comhoibreoidh ardáin ar líne agus innill chuardaigh ar líne go hiomlán le haon imscrúduithe nó fiosrúcháin a dhéanann údaráis nó comhlachtaí rialála ar sholáthraithe seirbhíse meán ó lasmuigh den Aontas, a d'fhéadfadh a bheith ina riosca don tslándáil phoiblí agus don chosaint phoiblí, agus soláthróidh siad an fhaisnéis agus na sonraí uile is gá chun tacú leis na himscrúduithe nó leis na fiosrúcháin sin.

Leasú 182

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***is*** soláthraí seirbhíse meán ***é*** de réir bhrí ***Airteagal 2***(2);	(a) ***gur*** soláthraí seirbhíse meán ***iad*** de réir bhrí ***Airteagal 2***(2) ***agus go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 6(1)***;

Leasú 183

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. I gcás ina gcinnfidh soláthraithe seirbhíse meán dearbhú a chur isteach mar a leagtar amach i mír 1, déanfaidh na húdaráis agus na comhlachtaí rialála nó féinrialála iomchuí, nó i gcás nach ann do na comhlachtaí sin, coiste ionadaithe saineolaithe ó earnáil na meán, na dearbhuithe sin a athbhreithniú ar an leibhéal náisiúnta.

Leasú 184

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 b. I gcás ina ndéanfar na dearbhuithe a leagtar amach i mír 1 a chur ó bhail ar an leibhéal náisiúnta, cuirfear ar aghaidh chuig an Bord Eorpach um Sheirbhísí na Meán iad. Eiseoidh an Bord measúnú ar stádas an dearbhaithe, ar thoiliú an tsoláthraí seirbhíse meán, agus cuirfidh sé an tuairim sin chuig an gCoimisiún. Cuirfidh an Coimisiún tuairim an Bhoird san áireamh agus eiseoidh sé cinneadh maidir le stádas an dearbhaithe. Féadfaidh an Bord agus an Coimisiún dul i gcomhairle le saineolaithe ó earnáil na meán agus iad i mbun an phróisis sin.

Leasú 185

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 c. Áiritheoidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne go bhfuil pearsanra leordhóthanach, raon teanga agus

	íogaireacht chultúrtha agus oiliúint chomhthéacs-shonrach leordhóthanach ag a bpróisis mhodhnaithe ábhair, chun a áirithiú nach mbainfear an bonn de shaoirse agus d'iolrachas na meán.

Leasú 186

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 d. Déanfaidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne, lenar féidir seirbhísí meán a scaipeadh, an ceart chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán a urramú agus áiritheoidh siad go ndéanfar seirbhísí meán arna soláthar ag soláthraithe seirbhíse meán a dháileadh go cothrom agus go neamh-idirdhealaitheach ar a gcuid seirbhísí.

Leasú 187

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2 I gcás ina ***gcinnfidh*** soláthraí ardáin an-mhór ar líne soláthar a ***chuid seirbhísí*** idirghabhála a chur ar fionraí i ndáil le hábhar arna ***sholáthar*** ag soláthraí seirbhíse meán a ***chuir*** dearbhú ***isteach*** de bhun ***mhír 1*** den Airteagal sin, ar ***an bhforas go*** bhfuil an t-ábhar sin ***neamh-chomhoiriúnach*** lena ***chuid téarmaí*** agus coinníollacha ***agus nach gcuireann*** an t-ábhar sin le riosca sistéamach dá dtagraítear in ***Airteagal 26*** de Rialachán (AE) ***2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha]***, déanfaidh sé ***na bearta uile*** is féidir, a mhéid atá ***siad*** comhsheasmhach lena n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear Rialachán	2 I gcás ina ***gcinneann*** soláthraí ardáin an-mhór ar líne soláthar a ***sheirbhísí*** idirghabhála ***ar líne*** a ***shrianadh nó a*** chur ar fionraí i ndáil le hábhar ***nó seirbhísí*** arna ***soláthar*** ag soláthraí seirbhíse meán a ***thíolaic*** dearbhú de bhun ***mhír 1*** den Airteagal sin, ar ***na forais nach*** bhfuil an t-ábhar ***nó na seirbhísí*** sin ***comhoiriúnach*** lena ***théarmaí*** agus coinníollacha***, gan*** an t-ábhar sin ***a bheith ina rannchuidiú*** le riosca sistéamach dá dtagraítear in ***Airteagal 26*** de Rialachán (AE) ***2022/2065***, déanfaidh sé ***gach beart*** is féidir, a mhéid atá comhsheasmhach lena n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE) ***2022/2065***, chun

(AE) ***2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha]***, chun ráiteas ***maidir le cúiseanna*** a ghabhann leis an gcinneadh sin, mar a cheanglaítear le ***hAirteagal 4***(1) de Rialachán (AE) 2019/1150, a ***chur in iúl*** don soláthraí seirbhíse meán ***lena mbaineann*** sula ***rachaidh an fhionraíocht*** i bhfeidhm.

an ráiteas ***mionsonraithe ar chúiseanna*** a ghabhann leis an gcinneadh sin ***a chur in iúl don soláthraí seirbhíse meán***, mar a cheanglaítear le ***hAirteagal 4***(1) de Rialachán (AE) 2019/1150 ***agus le hAirteagal 17(3) de Rialachán (AE) 2022/2065 [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha]***, ***agus deis*** a ***thabhairt*** don soláthraí seirbhíse meán ***freagra a thabhairt ar an ráiteas ar chúiseanna laistigh de 24 uair an chloig*** sula ***mbeidh éifeacht ag an bhfionraí nó ag an srian*** i bhfeidhm. ***Le linn an ama sin, féadfaidh soláthraí an ardáin an-mhór ar líne cinneadh a dhéanamh fógra a chur ar an ábhar nó ar an tseirbhís atá á scrúdú. Ní dhéanfaidh soláthraí ardáin an-mhór ar líne soláthar a sheirbhísí idirghabhála ar líne a shrianadh ná a chur ar fionraí i ndáil le hábhar nó seirbhísí arna soláthar ag soláthraí seirbhíse meán i gcás inar léirigh an soláthraí seirbhíse meán sin le réasún go bhfuil an t-ábhar nó na seirbhísí i dtrácht i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann.***

Féadfaidh an soláthraí seirbhíse meán toradh na malartuithe sin a chur in iúl don údarás rialála náisiúnta, don Bhord nó don chomhordaitheoir náisiúnta seirbhísí digiteacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2022/2065, (DSA).

Mura féidir teacht ar réiteach cairdiúil, féadfaidh an soláthraí seirbhíse meán gearán a thaisceadh os comhair comhlacht deimhnithe um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán 2022/2065 gan dochar dá cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil.

Leasú 188

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3 Déanfaidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne na bearta teicniúla agus eagraíochtúla uile is gá chun a áirithiú go ndéanfar gearáin faoi ***Airteagal 11*** de Rialachán (AE) 2019/1150 ***ag soláthraithe*** seirbhíse meán a chuir dearbhú ***isteach*** de bhun ***mhír 1*** den Airteagal sin a phróiseáil agus ***go ndéanfar cinneadh ina leith*** mar thosaíocht agus gan moill mhíchuí.	3 Déanfaidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne na bearta teicniúla agus eagraíochtúla uile is gá chun a áirithiú go ndéanfar gearáin faoi ***Airteagal 11*** de Rialachán (AE) 2019/1150 ***agus/nó Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2022/2065 [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha] ó sholáthraithe*** seirbhíse meán***,*** a chuir ***isteach*** dearbhú de bhun ***mhír 1*** den Airteagal sin***,*** a phróiseáil agus ***a chinneadh*** mar thosaíocht agus gan moill mhíchuí.

Leasú 189

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 5 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) méid na gcásanna inar fhorchuir siad aon srian nó fionraí ar an bhforas go raibh an t-ábhar***,*** a sholáthar soláthraí seirbhíse meán a chuir dearbhú isteach i gcomhréir le mír 1 den Airteagal sin***,*** neamh-chomhoiriúnach lena gcuid téarmaí agus coinníollacha; ***agus***	(a) méid na gcásanna inar fhorchuir siad aon srian nó fionraí ar an bhforas go raibh an t-ábhar ***nó na seirbhísí*** a sholáthar soláthraí seirbhíse meán a chuir dearbhú isteach i gcomhréir le mír 1 den Airteagal sin neamh-chomhoiriúnach lena gcuid téarmaí agus coinníollacha;

Leasú 190

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6 D'fhonn cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach an Airteagail sin a éascú, ***féadfaidh*** an Coimisiún treoirlínte a eisiúint chun foirm agus ***sonraí*** an dearbhaithe a leagtar amach i ***mír 1*** a bhunú.	6 D'fhonn cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach an Airteagail sin a éascú, ***glacfaidh*** an Coimisiún ***gníomh tarmligthe chun*** treoirlínte a eisiúint chun foirm agus ***mionsonraí*** an ***phróisis athbhreithnithe a leagtar amach i mír 1a, an*** dearbhaithe a leagtar amach i ***mír 1*** a bhunú***, na critéir***

maidir le glacadh nó diúltú na ndearbhuithe a leagtar amach i mír 1, chomh maith le haon smachtbhannaí a d'fhéadfaí a ghearradh i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhaineann mí-úsáid as an gcóras féindearbhúcháin.

Leasú 191

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 Eagróidh an Bord idirphlé ***struchtúrtha*** go tráthrialta idir soláthraithe ardán an-mhór ar líne, ionadaithe soláthraithe seirbhíse meán agus ionadaithe na sochaí sibhialta chun taithí agus dea-chleachtais i gcur i bhfeidhm Airteagal 17 den Rialachán sin a phlé, chun rochtain ar thairiscintí éagsúla ó mheáin neamhspleácha maidir le hardáin an-mhór ar líne a chothú agus chun faireachán a dhéanamh ar an gcloí le tionscnaimh féinrialála lena ndírítear ar an tsochaí a chosaint ar ábhar díobhálach, lena n-áirítear bréagaisnéis agus ionramháil eachtrach agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis.	1 Eagróidh an Bord idirphlé ***struchtúraithe*** go tráthrialta idir soláthraithe ardán an-mhór ar líne ***agus innill chuardaigh an-mhór ar líne***, ionadaithe soláthraithe seirbhíse meán agus ionadaithe na sochaí sibhialta chun taithí agus dea-chleachtais i gcur i bhfeidhm Airteagal 17 den Rialachán sin a phlé, chun rochtain ar thairiscintí éagsúla ó mheáin neamhspleácha maidir le hardáin an-mhór ar líne ***agus innill chuardaigh an-mhór ar líne*** a chothú agus chun faireachán a dhéanamh ar an gcloí le tionscnaimh féinrialála lena ndírítear ar an tsochaí a chosaint ar ábhar díobhálach, lena n-áirítear bréagaisnéis agus ionramháil eachtrach agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis***, chomh maith le huathriail, neamhspleáchas agus slándáil iriseoirí a áirithiú agus uimhreacha agus treochtaí a bhaineann leis an ábhar, leis an méid agus leis na páirtithe a ndéantar difear dóibh a shainaithint***.

Leasú 192

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2 Tabharfaidh an Bord ***tuarascáil*** don	2 Tabharfaidh an Bord ***tuairisc*** don

Coimisiún maidir le torthaí an idirphlé.	Coimisiún maidir le torthaí an idirphlé ***agus cuirfidh sé na torthaí ar fáil don phobal agus do Pharlaimint na hEorpa arna iarraidh sin***.

Leasú 193

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Clárófar na heagraíochtaí dá dtagraítear i mír 1 agus a bhfuil gníomhaíochtaí acu ar an leibhéal Eorpach sa Chlár Trédhearcachta agus cuirfidh an Bord an liosta sin ar fáil go poiblí.

Leasú 194

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
An ceart chun tairiscint meán closamhairc a shaincheapadh	An ceart chun ***an*** tairiscint meán ***fuaime agus*** closamhairc a shaincheapadh

Leasú 195

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 Beidh ***an ceart*** ag úsáideoirí ***socruithe*** réamhshocraithe aon ***ghléas nó aon chomhéadan*** úsáideora lena rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc agus úsáid na seirbhísí sin a ***athrú ar bhealach éasca*** chun an tairiscint ***i leith meáin chlosamhairc a oiriúnú*** de réir a leasanna nó a ***dtosaíochtaí féin*** i gcomhréir leis an dlí. Ní	1 Beidh ***rochtain*** ag úsáideoirí ***ar fheidhmiúlacht a chuirfidh ar a gcumas leagan amach*** réamhshocraithe aon ***ghléis nó comhéadan*** úsáideora lena rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar sheirbhísí meán ***fuaime nó*** closamhairc agus úsáid na seirbhísí sin a ***shaincheapadh go héasca,*** chun an tairiscint ***fuaime nó closamhairc a shaincheapadh*** de réir a leasanna nó ***de***

dhéanfaidh an fhoráil sin difear do bhearta náisiúnta lena gcuirtear Airteagal 7a de Threoir 2010/13/AE chun feidhme.	***réir*** a ***roghanna*** i gcomhréir leis an dlí. Ní dhéanfaidh an fhoráil sin difear do bhearta náisiúnta lena gcuirtear Airteagal 7a de Threoir 2010/13/AE chun feidhme.

Leasú 196

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2 Nuair a chuirfidh monaróirí agus forbróirí na gléasanna agus na comhéadain úsáideora dá dtagraítear i mír 1 ar an margadh, áiritheoidh siad go bhfuil feidhmiúlacht san áireamh iontu lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí athrú a dhéanamh ar ***na socruithe*** réamhshocraithe lena rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar na seirbhísí meán closamhairc a thairgtear.	2 Nuair a chuirfidh monaróirí agus forbróirí na gléasanna**,** agus na comhéadain úsáideora dá dtagraítear i mír 1 ar an margadh, áiritheoidh siad go bhfuil feidhmiúlacht san áireamh iontu lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí athrú a dhéanamh ar ***an leagan amach*** réamhshocraithe lena rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar na seirbhísí meán closamhairc a thairgtear.

Leasú 197

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 19 a
	An ceart chun ábhar seirbhíse meán a shainaithint
	1 Beidh sé de cheart ag faighteoirí seirbhísí meán an soláthraí seirbhíse meán a shainaithint go héasca ar aon ghaireas nó comhéadan úsáideora lena rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar sheirbhísí meán agus úsáid seirbhísí meán.
	2 Áiritheoidh monaróirí gairis agus soláthraithe comhéadan úsáideora a rialaíonn nó a bhainistíonn rochtain ar sheirbhísí meán agus úsáid na seirbhísí sin go bhfuil céannacht an tsoláthraí

	seirbhíse meán ar a bhfuil an fhreagracht eagarthóireachta as an ábhar nó na seirbhísí le feiceáil go soiléir taobh leis an ábhar agus na seirbhísí a thairgtear.

Leasú 198

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bearta náisiúnta a dhéanfaidh difear d'fheidhmiú soláthraithe seirbhíse meán	Bearta náisiúnta a dhéanfaidh difear ***do sholáthar agus*** d'fheidhmiú soláthraithe seirbhíse meán

Leasú 199

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 Aon bheart reachtach, rialála nó riaracháin a dhéanfaidh Ballstát ***lenarbh fhéidir*** difear a dhéanamh d'***fheidhmiú*** soláthraithe seirbhíse meán sa mhargadh inmheánach, beidh údar cuí ***leo*** agus beidh ***siad*** comhréireach. Beidh na bearta sin réasúnaithe, trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach.	1 Aon bheart reachtach, ***cur chun feidhme,*** rialála nó riaracháin a dhéanfaidh Ballstát***, lena n-áirítear cur chun feidhme Threoir 2010/13/AE a d'fhéadfadh*** difear a dhéanamh ***do sholáthar seirbhísí meán nó*** d'***oibriú*** soláthraithe seirbhíse meán sa mhargadh inmheánach, ***ach gan a bheith teoranta do chur chun feidhme na Treorach sin,*** beidh údar cuí ***leis,*** agus beidh ***sé*** comhréireach. Beidh na bearta sin réasúnaithe, trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach***, ní chuirfidh siad isteach go díréireach ar fheidhmiú soláthraithe seirbhíse meán agus leanfaidh siad prionsabal an neamh-chúlchéimnithe ar luachanna an Aontais sna Ballstáit maidir le saoirse agus neamhspleáchas na meán***.

Leasú 200

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3 Gan dochar don cheart chun cosaint éifeachtach bhreithiúnach a fháil, agus ina theannta sin, beidh an ceart ag aon soláthraí seirbhíse meán a bheidh faoi réir beart riaracháin nó rialála dá dtagraítear i mír 1 a bhaineann leis go haonarach agus go díreach achomharc in aghaidh an bhirt sin a chur faoi bhráid comhlacht achomhairc. Beidh an comhlacht sin neamhspleách ar na páirtithe lena mbaineann agus ar aon idirghabháil sheachtrach nó ar bhrú polaitiúil a d'fhéadfadh measúnú neamhspleách an chomhlachta ar na hábhair a chuirfear os a chomhair a chur i mbaol. Beidh an saineolas iomchuí aige chun go mbeidh sé in ann a ***fheidhmeanna a*** dhéanamh go héifeachtach.	3 Gan dochar don cheart chun cosaint éifeachtach bhreithiúnach a fháil, agus ina theannta sin, beidh an ceart ag aon soláthraí seirbhíse meán a bheidh faoi réir beart riaracháin nó rialála dá dtagraítear i mír 1 a bhaineann leis go haonarach agus go díreach achomharc in aghaidh an bhirt sin a chur faoi bhráid comhlacht achomhairc***, a d'fhéadfadh cúirt dlí a bheith ann***. Beidh an comhlacht sin neamhspleách ar na páirtithe lena mbaineann agus ar aon idirghabháil sheachtrach nó ar bhrú polaitiúil a d'fhéadfadh measúnú neamhspleách an chomhlachta ar na hábhair a chuirfear os a chomhair a chur i mbaol. Beidh an saineolas ***agus an cistiúchán*** iomchuí aige chun go mbeidh sé in ann ***na feidhmeanna atá aige*** a dhéanamh go héifeachtach ***agus freagra tráthúil a thabhairt ar aon achomhairc***. ***I gcás ina bhfuil tuairim eisithe ag an mBord ar an ábhar, féadfaidh na comhlachtaí éartha náisiúnta sin an méid sin a chur san áireamh go háirithe.***

Leasú 201

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4 Déanfaidh an Bord, arna iarraidh sin ***ag an gCoimisiún***, tuairim a tharraingt suas i gcás inar dóchúil go ndéanfaidh beart náisiúnta reachtach, rialála ***nó riaracháin*** difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán. Tar éis don Bhord a thuairim a thabhairt, agus gan dochar do na cumhachtaí atá aige faoi na Conarthaí, féadfaidh an Coimisiún a thuairim féin a	4 Déanfaidh an Bord, ***ar a thionscnamh féin nó*** arna iarraidh sin ***don Choimisiún nó ón soláthraí seirbhíse meán a ndéanann an beart difear dó***, tuairim a tharraingt suas i gcás inar dóchúil go ndéanfaidh beart náisiúnta reachtach, ***riaracháin nó*** rialála difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán. ***Áireofar sa tuairim, i gcás inarb infheidhme, an bonn cirt, an anailís***

eisiúint maidir leis an ábhar. Cuirfear tuairimí ón mBord agus, i gcas inarb infheidhme, tuairimí ón gCoimisiún ar fáil go poiblí.	***comhréireachta agus féadfar comhairliúchán le geallsealbhóirí náisiúnta a áireamh inti.*** Tar éis don Bhord a thuairim a thabhairt, agus gan dochar do na cumhachtaí atá aige faoi na Conarthaí, féadfaidh an Coimisiún a thuairim féin a eisiúint maidir leis an ábhar. Cuirfear tuairimí ón mBord agus, i gcas inarb infheidhme, tuairimí ón gCoimisiún ar fáil go poiblí. ***I gcás inarb infheidhme, beidh soláthraithe seirbhíse meán a mheastar go ndéanann na bearta sin difear díreach dóibh in ann a iarraidh ar an mBord tuairim a eisiúint freisin.***

Leasú 202

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5 I gcás ina nglacfaidh údarás nó comhlacht náisiúnta beart lena ndéantar difear do sholáthraí seirbhíse meán go haonarach agus go díreach agus inar dóchúil go ndéanfaidh an beart difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, cuirfidh sé in iúl dó, arna iarraidh sin ag an mBord, agus i gcas inarb infheidhme, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, gan moill mhíchuí agus trí bhíthin bealaí leictreonacha, aon fhaisnéis ábhartha, lena n-áirítear achoimre ar na fíorais, a bheart, na fíorais ar ar bhunaigh an t-údarás náisiúnta nó an comhlacht náisiúnta a bheart, agus, i gcás inarb infheidhme, barúlacha údarás eile lena mbaineann.	5 I gcás ina nglacfaidh údarás nó comhlacht náisiúnta beart lena ndéantar difear do sholáthraí seirbhíse meán go haonarach agus go díreach agus inar dóchúil go ndéanfaidh an beart difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, cuirfidh sé in iúl dó, arna iarraidh sin ag an mBord, agus i gcas inarb infheidhme, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, gan moill mhíchuí agus trí bhíthin bealaí leictreonacha, aon fhaisnéis ábhartha, lena n-áirítear achoimre ar na fíorais, a bheart, na fíorais ar ar bhunaigh an t-údarás náisiúnta nó an comhlacht náisiúnta a bheart, agus, i gcás inarb infheidhme, barúlacha údarás eile lena mbaineann. ***Soláthraí seirbhíse meán a mheasann go ndéanfaidh na bearta sin difear go díreach dó, beidh siad in ann a iarraidh ar an mBord tuairim a eisiúint.***

Leasú 203

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh an measúnú dá dtagraítear sa mhír ***seo*** ar leithligh ó mheasúnuithe dhlí na hiomaíochta a n-áirítear leo na ***measúnuithe*** dá bhforáiltear faoi rialacha rialála cumaisc. Beidh an measúnú gan dochar d'Airteagal 21(4) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, i gcás inarb infheidhme.	***Leis*** an measúnú dá dtagraítear sa mhír ***sin, soláthrófar meastóireacht neamhspleách*** ar ***aon saobhadh míchuí ar thimpeallacht na meán agus beidh sé ar*** leithligh ó mheasúnuithe dhlí na hiomaíochta a n-áirítear leo na ***measúnauithe*** dá bhforáiltear faoi rialacha rialála cumaisc. Beidh an measúnú gan dochar d'Airteagal 21(4) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, i gcás inarb infheidhme.

Leasú 204

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an tionchar a imríonn an comhchruinniú ar iolrachas na meán, lena n-áirítear a éifeacht ar fhoirmíocht tuairimí an phobail agus ar éagsúlacht na ngníomhaithe i margadh na meán, agus an timpeallacht ar líne agus leasanna, naisc nó gníomhaíochtaí i ngnólachtaí i meáin eile nó i ngnólachtaí neamh-mheáin ag na páirtithe á gcur san áireamh;	(a) an tionchar a imríonn an comhchruinniú ar iolrachas na meán, lena n-áirítear a éifeacht ar fhoirmíocht tuairimí an phobail agus ar éagsúlacht ***agus neamhspleáchas*** na ngníomhaithe i margadh na meán, ***ag díriú ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar faisnéise,*** agus an timpeallacht ar líne agus leasanna, naisc nó gníomhaíochtaí i ngnólachtaí i meáin eile nó i ngnólachtaí neamh-mheáin ag na páirtithe á gcur san áireamh;

Leasú 205

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a a) torthaí an mheasúnaithe riosca a rinneadh an Tuarascáil bhliantúil maidir leis an Smacht Reachta ón gCoimisiún

	agus ionstraimí faireacháin ar iolrachas na meán chun aon rioscaí sistéamacha do shaoirse na meán agus iolrachas na meán sa Bhallstát ar leith sin a shainaithint, a anailísiú agus a mheas

Leasú 206

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) na cosaintí le haghaidh neamhspleáchas eagarthóireachta, lena n-áirítear tionchar an chomhchruinnithe ar fheidhmiú na bhfoirne eagarthóireachta agus ar bhearta a bheith ann arna ndéanamh ag soláthraithe seirbhíse meán d'fhonn neamhspleáchas cinntí aonaracha eagarthóireachta a ráthú;	(b) na cosaintí le haghaidh neamhspleáchas eagarthóireachta, lena n-áirítear tionchar an chomhchruinnithe ar fheidhmiú ***agus neamhspleáchas*** na bhfoirne eagarthóireachta agus ar bhearta a bheith ann arna ndéanamh ag soláthraithe seirbhíse meán d'fhonn neamhspleáchas cinntí aonaracha eagarthóireachta a ráthú***, chomh maith le reachtaíocht náisiúnta agus noirm féinrialála i ndáil leis sin***;

Leasú 207

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) in éagmais an chomhchruinnithe, an bhfanfadh an t-eintiteas ***éadála*** agus ***t-eintiteas a fuarthas*** inbhuanaithe ar bhonn eacnamaíoch i gcónaí, ***agus*** arbh ann d'aon rogha mhalartach fhéideartha chun inbhuanaitheacht an eintitis a áirithiú***.***	(c) in éagmais an chomhchruinnithe, an bhfanfadh an t-eintiteas ***is faighteoir*** agus ***is faighteán*** inbhuanaithe ar bhonn eacnamaíoch i gcónaí, arbh ann d'aon rogha mhalartach fhéideartha chun inbhuanaitheacht an eintitis a áirithiú***, chomh maith leis an easpa comhchruinnithe atá beartaithe, bheadh tionchar diúltach ag na rudaí sin ar iolrachas na meán;***

Leasú 208

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) margadh iomlán na meán, lena n-áirítear na seirbhísí gaolmhara amhail priontáil agus scaipeadh táirgí, gníomhaithe comhshaoil ar líne amhail soláthraithe ardán an-mhór ar líne nó innill chuardaigh an-mhór ar líne chomh maith le soláthraithe seirbhíse meán poiblí.

Leasú 209

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6 a. Déanfaidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta faoi seach, ar a dtionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag an mBord, meastóireacht ex post ar chomhchruinnithe agus na critéir dá dtagraítear i mír 2 á gcur san áireamh.

Leasú 210

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 6 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6 b. Cuirfear na measúnuithe agus na tuairimí dá dtagraítear san Airteagal sin ar fáil go poiblí.

Leasú 211

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 In éagmais measúnú nó comhairliúchán de bhun Airteagal 21, déanfaidh an Bord, arna iarraidh sin ***ag an gCoimisiún***, tuairim a tharraingt suas maidir leis an tionchar a imríonn comhchruinnithe i margadh na meán ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta, i gcás inar dóchúil go ndéanfaidh comhchruinniú i margadh na meán difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán. Bunóidh an Bord a thuairim ar na gnéithe a leagtar amach in Airteagal 21(2). Féadfaidh an Bord comhchruinnithe i margadh na meán, ar dóchúil go ndéanfaidh siad difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, a thabhairt ar aird don Choimisiún.	1 In éagmais measúnú nó comhairliúchán de bhun Airteagal 21, déanfaidh an Bord, ***ar a thionscnamh féin nó*** arna iarraidh sin ***don Choimisiún***, tuairim a tharraingt suas maidir leis an tionchar a imríonn comhchruinnithe i margadh na meán ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta, i gcás inar dóchúil go ndéanfaidh comhchruinniú i margadh na meán difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán. Bunóidh an Bord a thuairim ar na gnéithe a leagtar amach in Airteagal 21(2). Féadfaidh an Bord comhchruinnithe i margadh na meán, ar dóchúil go ndéanfaidh siad difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, a thabhairt ar aird ***do Pharlaimint na hEorpa agus*** don Choimisiún.

Leasú 212

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Tabharfaidh an Bord lánaird ar ionchur ón tsochaí shibhialta agus ó gheallsealbhóirí eile ó earnáil na meán agus cinneadh á dhéanamh an ndéanfaidh sé measúnú a tharraingt suas maidir le comhchruinniú a mbeadh tionchar oibiachtúil aige ar mhargadh na meán.

Leasú 213

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 b. Déanfaidh an tÚdarás Rialála Náisiúnta, a ndírítear an tuairim air, tuarascáil a chur faoi bhráid an Bhoird laistigh de 90 lá maidir leis na bearta a rinne sé chun na moltaí a chomhlíonadh.

Leasú 214

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 22 a
	Imscrúdú ar chomhchruinnithe margaidh na meán ar neamhchomhlíonadh córasach
	1. Ar mholadh ón mBord de bhun Airteagal 22(1e), nó arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an Coimisiún imscrúdú a dhéanamh ar chomhchruinniú margaidh sna meáin chun scrúdú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil an comhchruinniú sin ag gabháil do neamhchomhlíonadh córasach na n-oibleagáidí a leagtar síos faoin Rialachán sin, rud a chuireann i mbaol tromchúiseach neamhspleáchas, iolracht agus saoirse na meán. Cuirfidh an Coimisiún an t-imscrúdú i gcrích laistigh de 6 mhí. I gcás ina léirítear le torthaí an imscrúdaithe gur sháraigh comhchruinniú margaidh sna meáin na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán sin go córasach agus go bhfuil riosca soiléir ann go mbainfí an bonn go mór ó neamhspleáchas, iolrachas agus saoirse na meán, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagal 22c, lena bhforchuirtear ar na gnóthais sa mhargadh meán aon leigheasanna iompraíochta nó struchtúracha atá

comhréireach agus riachtanach chun comhlíonadh éifeachtach an Rialacháin sin agus cosaint shaoirse, iolrachas agus neamhspleáchas na meán a áirithiú.

2. Féadfar a áireamh ar an leigheas a fhorchuirtear i gcomhréir le mír 1 den Airteagal sin, a mhéid atá an leigheas sin comhréireach agus riachtanach chun neamhspleáchas, iolracht agus saoirse na meán a chothabháil nó a athbhunú mar a ndéanann neamhchomhlíonadh córasach difear dóibh, toirmeasc a chur, le linn tréimhse teoranta, ar na gnóthais atá mar chuid den chomhchruinniú atá faoi imscrúdú i margadh na meán atá faoi imscrúdú fanacht nó comhchruinniú eile i margadh na meán mar a shainmhínítear in Airteagal 2, mír 13, den Rialachán sin a dhéanamh.

3. Measfar go raibh comhchruinniú i margadh na meán ag gabháil do neamhchomhlíonadh córasach na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán sin, i gcás ina mbainfear de thátal as tuairimí na gcomhchruinnithe arna n-eisiúint ag an mBord de bhun Airteagal 22 den Rialachán sin go bhféadfadh riosca a bheith ann do neamhspleáchas, d'iolrachas agus do shaoirse na meán agus go n-eiseoidh sé moladh don Choimisiún de bhun Airteagal 22(1e) den Rialachán sin lena moltar don Choimisiún imscrúdú a sheoladh chun a chinneadh an bhfuil riosca tromchúiseach do neamhspleáchas, d'iolrachas agus do shaoirse na meán ag baint leis an gcomhchruinniú margaidh meán lena mbaineann. Chun críche a imscrúdaithe, cuirfidh an Coimisiún san áireamh nósanna imeachta arna seoladh faoi Airteagal 7 CAE.

4. Cuirfidh an Coimisiún a thorthaí in iúl do na Ballstáit agus do na gnóthais lena mbaineann laistigh de 6 mhí ón dáta a nglacfar an moladh arna eisiúint ag an mBord de bhun Airteagal 22, mír 1e, den Rialachán sin. Míneoidh an Coimisiún

sna torthaí uaidh an measann sé go bhfuil coinníollacha mhír 1 agus mhír 3 den Airteagal sin á gcomhlíonadh agus an leigheas nó na leigheasanna a mheasann sé a bheith riachtanach agus comhréireach. Déanfar torthaí an Choimisiúin a phoibliú agus a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Le linn imscrúdú a dhéanamh ar chomhchruinniú margaidh meán, féadfaidh an Coimisiún síneadh ama a chur lena thréimhse i gcás ina bhfuil bonn cirt leis an síneadh sin ar fhorais oibiachtúla agus i gcás ina bhfuil sé comhréireach. Ní rachaidh fad iomlán an tsínidh nó na síntí de bhun na míre seo thar 6 mhí. Tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

6 Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh comhchruinniú mhargadh na meán a oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán sin go héifeachtach, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú rialta ar na leigheasanna a fhorchuireann sé i gcomhréir le mír 1 agus mír 2 den Airteagal sin. Beidh an Coimisiún i dteideal na leigheasanna sin a mhodhnú más rud é, tar éis imscrúdú a dhéanamh ar chomhchruinniú margaidh meán, go gcinneann sé nach bhfuil siad éifeachtach.

Leasú 215

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 22 b
	Neamhchomhlíontacht
	1. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe de bhun Airteagal 22c, ina leagfar amach a chinntí maidir le neamhchomhlíonadh ('an cinneadh

maidir le neamhchomhlíonadh') i gcás ina gcinnfidh sé go bhfuil neamhchomhlíonadh córasach déanta ag comhchruinniú margaidh meán leis an Rialachán sin, agus go cuireann sé sin neamhspleáchas, iolrachas agus saoirse na meán go mór i mbaol.

2. Féachfaidh an Coimisiún lena chinneadh maidir le neamhchomhlíonadh a ghlacadh laistigh de 12 mhí ón imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 22a.

3 Sula nglacfaidh sé an cinneadh maidir le neamhchomhlíonadh, cuirfidh an Coimisiún a thorthaí in iúl do na gnóthais lena mbaineann. Sna torthaí sin, míneoidh an Coimisiún na bearta atá á mbreithniú aige nó a mheasann sé ba cheart do na gnóthais lena mbaineann a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na torthaí.

4 I gcás ina mbeartaíonn sé cinneadh maidir le neamhchomhlíonadh a ghlacadh, féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha.

5 Sa chinneadh maidir le neamhchomhlíonadh, ordóidh an Coimisiún do na gnóthais lena mbaineann stopadh agus éirí as an neamhchomhlíonadh laistigh de spriocdháta iomchuí agus míniúcháin a sholáthar ar an mbealach ina mbeartaíonn sé an cinneadh sin a chomhlíonadh.

6 Soláthróidh na gnóthais lena mbaineann don Choimisiún tuairisc ar na bearta atá déanta aige chun a áirithiú go bhfuil siad i gcomhréir leis an gcinneadh maidir le neamhchomhlíonadh.

7 I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gan cinneadh maidir le neamhchomhlíonadh a ghlacadh, cuirfidh sé deireadh leis na himeachtaí.

8 Cuirfear na cinntí maidir le neamhchomhlíonadh arna n-eisiúint ag

an gCoimisiún ar fáil go poiblí.

Leasú 216

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 22 c
	Gníomhartha Tarmligthe
	1 Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal sin a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
	2 Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 22a agus in Airteagal 22b a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 6 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin].
	3 Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 22a agus in Airteagal 22b a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
	4 Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

	5 A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
	6 Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 22a agus Airteagal 22b i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse aon mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 1 mhí amháin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Leasú 217

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 Beidh córais agus modheolaíochtaí um pobal meáin a thomhas comhlíontach le prionsabail na trédhearcachta, na neamhchlaontachta, na hionchuimsitheachta, na comhréireachta, an neamh-idirdhealaithe agus na hinfhíoraitheachta.	1 Beidh córais agus modheolaíochtaí um pobal meáin a thomhas comhlíontach le prionsabail na trédhearcachta, na neamhchlaontachta, na hionchuimsitheachta, na comhréireachta, an neamh-idirdhealaithe***, na hinchomparáideachta*** agus na hinfhíoraitheachta.

Leasú 218

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2 Gan dochar don chosaint do rúin ***ghnó*** gnóthas, déanfaidh soláthraithe córas	2 Gan dochar don chosaint do rúin ***trádála*** gnóthas ***de réir bhrí Airteagal 2(1)***

dílseánaigh tomhais ar phobal meáin faisnéis chruinn, mhionsonraithe chuimsitheach, intuigthe, chothrom le dáta maidir leis an modheolaíocht a úsáidtear ina gcórais tomhais ar phobal meáin a sholáthar, gan moill mhíchuí agus saor ó chostais, do sholáthraithe seirbhíse meán agus d'fhógróirí, agus do thríú páirtithe freisin arna n-údarú ag soláthraithe seirbhíse meán agus fógróirí. Ní dhéanfaidh an fhoráil sin difear do rialacha cosanta sonraí agus rúndachta an Aontais.

de Threoir (AE) 2016/943, déanfaidh soláthraithe córas dílseánaigh tomhais ar phobal meáin faisnéis chruinn, mhionsonraithe chuimsitheach, intuigthe, chothrom le dáta maidir leis an modheolaíocht a úsáidtear ina gcórais tomhais ar phobal meáin a sholáthar, gan moill mhíchuí agus saor ó chostais, do sholáthraithe seirbhíse meán agus d'fhógróirí, agus do thríú páirtithe freisin arna n-údarú ag soláthraithe seirbhíse meán agus fógróirí. Ní dhéanfaidh an fhoráil sin difear do rialacha cosanta sonraí agus rúndachta an Aontais.

Leasú 219

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3 Spreagfaidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta tarraingt suas cód iompair ag soláthraithe córas tomhais ar phobal meáin, in éineacht le soláthraithe seirbhísí meán a gcuid eagraíochtaí ionadaíocha agus aon pháirtí leasmhar eile, ar cóid iad a bheartaítear a chuirfidh le comhlíontacht na bprionsabal dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear trí iniúchtaí neamhspleácha agus trédhearcacha a chur chun cinn.	3 Spreagfaidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta tarraingt suas cód iompair ag soláthraithe córas tomhais ar phobal meáin, in éineacht le soláthraithe seirbhísí meán a gcuid eagraíochtaí ionadaíocha***, an tsochaí shibhialta*** agus aon pháirtí leasmhar eile, ***déanfaidh siad cóid iompair a tharraingt suas, le tacaíocht ó údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta*** ar cóid iad a bheartaítear a chuirfidh le comhlíontacht na bprionsabal dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear trí iniúchtaí neamhspleácha agus trédhearcacha a chur chun cinn. ***Ba cheart foráil a dhéanamh sna cóid iompair sin maidir le faireachán agus meastóireacht rialta, trédhearcach agus neamhspleách a dhéanamh ar ghnóthú na gcuspóirí sin. Ba cheart go soláthrófaí cur chun feidhme éifeachtach leis na cóid iompair, lena n-áirítear trí smachtbhannaí comhréireacha i gcás inarb iomchuí. Agus cóid iompair á dtarraingt suas, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na meáin bheaga chun a***

	áirithiú go dtomhaisfear a bpobal meáin i gceart.

Leasú 220

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5 Cothóidh an Bord malartú dea-chleachtas a bhaineann le córais tomhais ar phobal meáin a chur in úsáid trí idirphlé tráthrialta idir ionadaithe na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta, ionadaithe soláthraithe córas tomhais ar phobal meáin agus páirtithe leasmhara eile.	5 Cothóidh an Bord malartú dea-chleachtas a bhaineann le córais tomhais ar phobal meáin a chur in úsáid trí idirphlé tráthrialta idir ionadaithe na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta, ionadaithe soláthraithe córas tomhais ar phobal meáin***, soláthraithe seirbhíse meán, eagraíochtaí na sochaí sibhialta*** agus páirtithe leasmhara eile.

Leasú 221

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leithdháileadh fógraíochta stáit	Leithdháileadh ***agus trédhearcacht na*** fógraíochta stáit ***agus tacaíocht airgeadais stáit eile***

Leasú 222

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 Is de réir critéir thrédhearcacha, oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha agus trí nósanna imeachta oscailte, comhréireacha agus neamh-idirdhealaitheacha a dhámhfar cistí poiblí nó aon chomaoin nó buntáiste eile arna dheonú ag údaráis phoiblí do sholáthraithe	1 Is de réir critéir thrédhearcacha, oibiachtúla***, comhréireacha*** agus neamh-idirdhealaitheacha agus trí nósanna imeachta oscailte, comhréireacha agus neamh-idirdhealaitheacha a dhámhfar cistí poiblí***, lena n-áirítear cistí de chuid AE, cistí náisiúnta*** nó ***cistí áitiúla, nó*** aon

seirbhíse meán chun críoch fógraíochta. Ní dhéanfaidh an tAirteagal sin difear do rialacha soláthair phoiblí.

chomaoin nó buntáiste eile arna dheonú ag údaráis phoiblí do sholáthraithe seirbhíse meán ***agus agus do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne, lena n-áirítear soláthraithe ardáin an-mhór ar líne agus soláthraithe innill chuardaigh an-mhór ar líne,*** chun críoch fógraíochta. ***Na cistí sin a leithdháilfidh aon údarás poiblí ar sholáthraí seirbhíse meán aonair, lena n-áirítear ar sholáthraí ardáin an-mhór ar líne nó ar sholáthraí inneall cuardaigh ar líne an-mhór,*** ní ***rachaidh siad thar 15 % den bhuiséad iomlán arna leithdháileadh ag an údarás poiblí sin ar iomlán na soláthraithe seirbhíse meán atá ag oibriú sa mhargadh sa mhargadh comhfhreagrach Eorpach, náisiúnta nó áitiúil; Ní*** dhéanfaidh an tAirteagal sin difear do rialacha soláthair phoiblí ***ná d'fhógraíocht pholaitiúil***.

Leasú 223

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2 Údaráis phoiblí, lena n-áirítear ***rialtais chónaidhme nó réigiúnacha***, údaráis nó comhlachtaí rialála, chomh maith le fiontair ***atá*** faoi úinéireacht stáit nó eintitis eile ***atá*** faoi rialú stáit ar an leibhéal réigiúnach nó ***náisiúnta, nó rialtais áitiúla d'eintitis chríochacha ina bhfuil níos mó ná 1 mhilliún cónaitheoir, cuirfidh siad ar fáil go poiblí*** faisnéis ***chruinn, chuimsitheach, intuigthe, mhionsonraithe agus faisnéis*** bhliantúil ***maidir lena*** gcaiteachas fógraíochta arna leithdháileadh ar sholáthraithe seirbhíse meán, a ***mbeidh*** na mionsonraí seo a leanas ***ar a laghad san áireamh inti***:	2 ***Déanfaidh*** údaráis phoiblí ***ábhartha***, lena n-áirítear ***ar leibhéal an Aontais***, ***ar an leibhéal náisiúnta, cónaidhme nó réigiúnach nó áitiúil,*** údaráis nó comhlachtaí rialála, chomh maith le fiontair faoi úinéireacht stáit nó eintitis eile faoi rialú ***an*** stáit ar an leibhéal ***náisiúnta,*** réigiúnach nó ***áitiúil,*** faisnéis bhliantúil ***mhionsonraithe faoina*** gcaiteachas fógraíochta ***agus tacaíocht airgeadais eile ó chistí poiblí, lena n-áirítear cistí de chuid an Aontais Eorpaigh,*** arna leithdháileadh ar sholáthraithe seirbhíse meán ***agus ar sholáthraithe ar líne ardán ar líne***, a ***bheidh cruinn, cuimsitheach, intuigthe agus inléite ag meaisín, a chur ar fáil go poiblí trí mhodhanna leictreonacha agus soláimhsithe, ina n-áireofar ar a laghad***

na mionsonraí seo a leanas:

Leasú 224

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ainmneacha dlíthiúla soláthraithe seirbhíse meán ónar ceannaíodh seirbhísí fógraíochta;	(a) ainmneacha dlíthiúla soláthraithe seirbhíse meán ***nó soláthraithe ardán ar líne*** ónar ceannaíodh seirbhísí fógraíochta ***nó dár tugadh buntáiste***;

Leasú 225

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an méid iomlán a caitheadh chomh maith leis na méideanna a caitheadh in aghaidh an tsoláthraí seirbhíse meán.	(b) an méid iomlán a caitheadh chomh maith leis na méideanna a caitheadh in aghaidh an tsoláthraí seirbhíse meán ***nó na soláthraithe ardán ar líne agus cóimheas na gcistí a leithdháiltear ar sholáthraithe seirbhíse meán aonair as an mbuiséad iomlán a leithdháiltear ar iomlán na soláthraithe seirbhíse meán ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta nó áitiúil comhfhreagrach***.

Leasú 226

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3 Déanfaidh údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta faireachán ar leithdháileadh fógraíochta stáit ***i margaí na*** meán. Chun measúnú a dhéanamh ar chruinneas na faisnéise faoin bhfógraíocht stáit a chuirtear ar fáil de bhun mhír 2,	3 Déanfaidh údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta faireachán ar leithdháileadh fógraíochta stáit ***nó ar thacaíocht airgeadais eile do sholáthraithe seirbhíse*** meán ***agus do sholáthraithe ardán ar líne***. Chun

féadfaidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta faisnéis bhreise a iarraidh ar na heintitis dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear faisnéis maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar dá dtagraítear i mír 1.	measúnú a dhéanamh ar chruinneas na faisnéise faoin bhfógraíocht stáit ***agus tacaíocht airgeadais eile*** a chuirtear ar fáil de bhun mhír 2, féadfaidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta faisnéis bhreise a iarraidh ar na heintitis dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear faisnéis maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar dá dtagraítear i mír 1.

Leasú 227

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 a. Féadfaidh an Bord, ar a thionscnamh féin nó mar thoradh ar ionchur ón tsochaí shibhialta, ó eagraíochtaí iriseoireachta nó ó gheallsealbhóirí ábhartha eile, cinneadh a dhéanamh measúnú a dhéanamh ar leithdháileadh chistiú AE ag rialtais náisiúnta agus tuairim a eisiúint maidir leis an iarratas agus maidir le comhlíonadh mhír 1.

Leasú 228

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 b. Déanfaidh údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta sonraí arna soláthar ag údaráis phoiblí de bhun mhír 2 a chur faoi bhráid an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí na Meán ar bhonn débhliantúil chun Bunachar Sonraí Eorpach um Thacaíocht Airgeadais Stáit a bhunú.

Leasú 229

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 3 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 c. Beidh leithdháileadh acmhainní stáit ar sholáthraithe seirbhíse meán, chun críche teachtaireachtaí éigeandála a tharchur ag údaráis phoiblí, faoi réir na gceanglas a leagtar amach i míreanna 2 agus 3, tar éis 6 mhí ó ghlacadh na mbeart éigeandála sin. Beidh na leithdháiltí sin i gcónaí faoi réir na gceanglas a leagtar amach i mír 1.

Leasú 230

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 3 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 d. Foilseoidh na Ballstáit, ar bhonn bliantúil, mionsonraí na gconarthaí uile idir comhlachtaí stáit nó fiontair atá faoi úinéireacht an stáit agus soláthraithe seirbhíse meán nó eintitis eile a bhaineann leis an ngrúpáil ghnó chéanna agus a n-úinéirí tairbhiúla. Ba cheart an tuarascáil sin a fhoilsiú in éineacht le tuarascálacha bliantúla na nÚdarás Rialála Náisiúnta ar fhógraíocht stáit agus ar thacaíocht airgeadais eile.

Leasú 231

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4 Leithdháileadh ***acmhainní*** stáit ar sholáthraithe seirbhíse meán chun seirbhísí ***nó earraí*** seachas fógraíocht stáit ***a cheannach uathu, beidh sé*** faoi réir na gceanglas a leagtar amach i ***mír 1***. Ní	4 ***Beidh*** leithdháileadh ***na fógraíochta*** stáit ***nó tacaíocht airgeadais eile*** ar sholáthraithe seirbhíse meán ***agus ar sholáthraithe ardán ar líne*** chun ***críche earraí nó*** seirbhísí ***a cheannach uathu***

dhéanfaidh an tAirteagal sin difear do chur i bhfeidhm na rialacha maidir le Státchabhair.	seachas fógraíocht stáit faoi réir na gceanglas a leagtar amach i ***mír 1***. Ní dhéanfaidh an tAirteagal sin difear do chur i bhfeidhm na rialacha maidir le Státchabhair.

Leasú 232

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh ina chleachtadh faireacháin tuarascálacha, measúnuithe agus moltaí an Bhoird, ionchur ón tsochaí shibhialta, na torthaí ó ionstraimí faireacháin iolrachas na meán agus na torthaí ó Thuarascálacha maidir leis an Smacht Reachta.

Leasú 233

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3 Áireofar an méid seo a leanas ***sa chleachtadh*** faireacháin:	3 Áireofar an méid seo a leanas***, go háirithe, ar an gcleachtadh*** faireacháin:

Leasú 234

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 3 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b a) forléargas mionsonraithe ar leithdháileadh na fógraíochta stáit agus na tacaíochta airgeadais stáit do sholáthraithe seirbhíse meán agus do sholáthraithe ardán ar líne, lena n-áirítear cistiúchán ón Aontas.

Leasú 235

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 –mír 3 – pointe b b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b b) measúnú ar na rialacha agus ar na cleachtais maidir le fóirdheontais phoiblí a leithdháileadh ar sheirbhísí meán;

Leasú 236

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 3 – pointe b c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b c) measúnú mionsonraithe ar na cinntí a rinne comhlachtaí rialála na meán chun a fháil amach an bhfuil bonn á bhaint den chinnteoireacht neamhspleách agus de neamhspleáchas na n-údarás nó na gcomhlachtaí náisiúnta;

Leasú 237

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1 Laistigh de [4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin] ar a dhéanaí, agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán sin agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.	1 Laistigh de [4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin] ar a dhéanaí, agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán sin agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Creat comhchoiteann a bhunú le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach (An tAcht Eorpach um Shaoirse na Meán) agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE
Tagairtí	COM(2022)0457 – C9-0309/2022 – 2022/0277(COD)
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	CULT 17.10.2022
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	LIBE 17.10.2022
Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	16.3.2023
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Ramona Strugariu 22.3.2023
Pléite sa choiste	26.4.2023
Dáta an ghlactha	18.7.2023
Toradh na vótála críochnaithí	+: 38 –: 10 0: 1
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Konstantinos Arvanitis, Malik Azmani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Saskia Bricmont, Patricia Chagnon, Clare Daly, Lena Düpont, Nicolaus Fest, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Patryk Jaki, Fabienne Keller, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Juan Fernando López Aguilar, Lukas Mandl, Erik Marquardt, Nadine Morano, Emil Radev, Paulo Rangel, Isabel Santos, Birgit Sippel, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Yana Toom, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Damian Boeselager, Gwendoline Delbos-Corfield, Matjaž Nemec, Jan-Christoph Oetjen, Kostas Papadakis, Cristian Terheş, Miguel Urbán Crespo
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Andrus Ansip, Robert Biedroń, Eric Minardi, Jan Olbrycht, Christian Sagartz

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

38	+
PPE	Magdalena Adamowicz, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Lukas Mandl, Jan Olbrycht, Emil Radev, Paulo Rangel, Christian Sagartz, Javier Zarzalejos
Renew	Abir Al-Sahlani, Andrus Ansip, Malik Azmani, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Jan-Christoph Oetjen, Ramona Strugariu, Yana Toom
S&D	Katarina Barley, Pietro Bartolo, Robert Biedroń, Theresa Bielowski, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Juan Fernando López Aguilar, Matjaž Nemec, Isabel Santos, Birgit Sippel, Elena Yoncheva
Verts/ALE	Damian Boeselager, Saskia Bricmont, Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Tineke Strik

10	-
ECR	Patryk Jaki, Cristian Terheş
ID	Patricia Chagnon, Nicolaus Fest, Eric Minardi, Annalisa Tardino
NI	Kostas Papadakis
The Left	Konstantinos Arvanitis, Clare Daly, Miguel Urbán Crespo

1	0
PPE	Nadine Morano

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh